# Tuarascáil Bhliantúil **2022**

The Pharmacy Regulator
An Rialtóir Cógaisíochta



# Clár ábhair

## Réamhrá


3 Cé muid féin, an obair a dhéanaimid agus an chúis a dhéanaimid í

4 Bunchuspóir, Fís agus Luachanna CCÉ

5 Buaicphointí 2022

6 Réamhrá an Uachtarán

9 Teachtaireacht ón gCláraitheoir


## Torthaí agus Gníomhaíocht CCÉ


12 Ár bhfreagairt leanúnach ar COVID-19

14 Dul chun cinn ar ár straitéis agus ar ár gclár feabhsaithe

21 Gníomhaíocht chun tacú lenár mbunchuspóir


## Rialachas agus Cuntasacht


42 Conas a chinntíomar ardchaighdeáin rialachais

49 Tuarascáil ár gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca

50 Ár dTuarascáil um Bainistíochta Riosca: Príomhrioscaí agus Príomh-Neamhchinnteachtaí

52 Ár dTuarascáil Airgeadais


## Ráitis Airgeadais


57 Ráitis Airgeadais

# Cé muid féin, an obair a dhéanaimid agus an chúis a dhéanaimid í

Is sinne Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (CCÉ), comhlacht poiblí a bunaíodh faoin Acht Cógaisíochta, 2007 le sláinte, sábháilteacht agus folláine othar agus an phobail a chosaint trí chógaiseoirí agus cógaslanna in Éirinn a rialáil. Cé gur comhlacht rialála neamhspleách sinn, oibrímid ar mhaithe le cuspóirí cuntasachta poiblí faoi choimirce an Aire Sláinte. Táimid á rialáil ag Comhairle CCÉ, a gceapann an tAire a 21 ball.

### An obair a dhéanaimid

- Cláraímid cógaiseoirí, cúntóirí cógaisíochta agus cógaslanna;
- Leagaimid caighdeáin síos i dtaca le hoideachas agus oiliúint cógaiseoirí, agus cinntímid go dtugann gach cógaiseoir faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) iomchuí;
- Cuirimid dea-chleachtas cógaisíochta chun cinn i measc cógaiseoirí, trí chaighdeáin a ardú agus eolas a roinnt ar mhaithe le leas na n-othar agus an chórais sláinte go ginearálta;
- Tugaimid faoi obair allamuigh chun measúnú a dhéanamh ar conas a chloíonn cógaslanna leis an dlí cógaisíochta agus cógas agus, nuair is gá, gníomhaímid chun dul i ngleic le drochfheidhmíocht agus/nó cleachtais bhaolacha;
- Déanaimid breithniú ar ghearáin fhoirmiúla a rinneadh i gcoinne cógaiseora nó cógaslainne, lena n-áirítear smachtbhannaí a chur i bhfeidhm;
- Cuirimid comhairle, tacaíocht agus treoir ar fáil don phobal, do ghairm na cógaisíochta agus don Rialtas maidir le cúram, cóireáil agus seirbhís na cógaisíochta in Éirinn.

### An chúis a dhéanaimid an obair sin

Creidimid go bhfuil sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil le hardchaighdeán cúraim a fháil ó chógaiseoirí, an t-ardchaighdeán cúraim sin a fháil, agus go n-oibrítear cógaslanna de réir ardchaighdeán. Creidimid gur cheart go mbeadh an pobal in ann iontaoibh a bheith acu i gcónaí as cógaiseoirí agus cógaslanna go ndéanfaidh siad an caighdeán seo cúraim agus seirbhíse a sholáthar. Ba mhaith linn ról tábhachtach a bheith againn chun é sin a éascú agus creidimid gur fearr a dhéantar é sin trí ghlacadh le cur chuige comhoibritheach ina mbíonn baint acu siúd go léir a bhfuil ár dtiomantas acu do chúram agus seirbhísí cógaisíochta ardchaighdeáin a sholáthar.

Creidimid gur tábhachtach, mar chuid dár bhforbairt leanúnach, agus mar iarracht chun dearbhú leanúnach a sholáthar i limistéar cúraim sláinte, rialála agus poiblí atá ag teacht chun cinn, go leagaimid aidhmeanna straitéiseacha dúshlánacha amach romhainn ionas gur féidir linn tionchar a chruthú dóibh siúd a bhfreastalaímid orthu, cur lenár láidreachtaí agus ár n-éifeachtacht, agus a chinntiú go mbuntacaíonn cumarsáid agus idirchaidreamh lenár n-obair go léir. Dearadh ár Straitéis Chorparáideach 2021-2024 chun na cuspóirí seo a chur chun cinn.

Tugtar léargas ginearálta sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar conas a rinneamar gach gné dár bhfreagrachtaí reachtúla agus dár straitéis a chur chun cinn.

Cuirtear Tuarascáil Bhliantúil CCÉ don bhliain 2022 faoi bhráid an Aire Sláinte i gcomhréir le halt 17(1) de Sceideal 1 leis an Acht Cógaisíochta, 2007. Cumhdaítear sa Tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2021.

# Bunchuspóir, Fís agus Luachanna CCÉ

## Ár bhFís

Go mbíonn teacht ag an bpobal ar sheirbhísí iontaofa cógaisíochta agus go gcuireann CCÉ go soiléir agus follasach leis an bhfáil a bhíonn ar na seirbhísí siúd agus ar a gcáilíocht.

## Ár Misean

Déanaimid sláinte, sábháilteacht agus folláine othar agus an phobail a chosaint trí dhul i mbun gníomh tráthúil agus éifeachtach lena chinntiú go bhfuil cógaiseoirí in Éirinn inniúil agus go bhfuil cógaslanna a n-oibriú ar ardchaighdeáin sábháilteachta agus iontaofachta

## Ár Luachanna

Tá ár luachanna mar bhonn agus mar thaca ag an mbealach a sholáthraímid ár misean. Treoraíonn ár luachanna ár n-iompar, na hionchais a leagaimid amach dúinn féin, agus eispéireas daoine eile a dhéanann idirchaidreamh linn. Tugann siad fianaise dúinn maidir lenár dtiomantas do chomhionannas agus cearta an duine sa bhealach a shásaímid ár ról.

Tacaíonn ár luachanna linn a chinntiú go mbainfear amach chuspóirí CCÉ, mar aon leis na hardchaighdeáin lena mbíonn comhlachtaí poiblí agus na fostaithe sa tseirbhís phoiblí a oibríonn leo ag súil.

### Freastal ar an bpobal

Tá sábháilteacht an phobail i gceartlár gach rud a dhéanaimid, agus gníomhaímid leis an tsábháilteacht sin a chinntiú.

### Cuirtear gach duine san áireamh

Is mór againn gach duine agus léirímid idir luach agus meas orthu.

### Oibriú as lámh a chéile

Oibrímid i gcomhar lenár gcomhghleacaithe agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir.

### Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla


Bímid ionraic agus oibiachtúil. Tá ár ngníomhartha bunaithe ar fhianaise.

### Glacadh leis an athrú

Táimid nuálach agus oiriúnaímid chun torthaí a bhaint amach agus chun feabhas a chur orainn féin i gcónaí.

# Buaicphointí 2022

## Faomhadh an Chroí-Chreat Inniúlachta




Tar éis athbhreithniú agus comhairliúchán a dhéanamh maidir leis an gCroí-Chreat Inniúlachta do Chógaiseoirí, rinneadh Creat athbhreithnithe a fhaomhadh i mí na Nollag 2022. Cuirfear an Creat i bhfeidhm le linn 2023.

## Méadú leanúnach ar líon na gcógaiseoirí cláraithe

Lean líon na gcógaiseoirí atá cláraithe leis an CCÉ ag méadú agus sháraigh sé 7,000 den chéad uair riamh i mí na Nollag. Tháinig méadú le linn 2022 ar iarratais ar chlárúcháin AE, RA agus bealaí eile tríú tír i gcomparáid le blianta beaga anuas.




## Cláraitheoir agus Príomhoifigeach CCÉ nua ceaptha

Cheap Comhairle CCÉ Joanne Kissane ina Cláraitheoir agus Príomhoifigeach CCÉ i mí Dheireadh Fómhair 2022 mar thoradh ar phróiseas earcaíochta poiblí. Thosaigh sí sa ról i mí Eanáir 2023.

## Grúpa Freagartha Éigeandála na hÚcráine

I mí an Mhárta, bhunaíomar grúpa freagartha inmheánach chun comhordú a dhéanamh ar dtús agus ansin chun aghaidh a thabhairt ar rudaí a bhí ag teacht chun cinn maidir lenár ról rialála i bhfianaise an chogaidh san Úcráin. Díríodh ar dhul i dteagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha i Ranna Rialtais, i FSS agus i rialtóirí eile chun eolas a fheabhsú agus chun tacú le múscailt feasachta agus cumarsáid maidir leis na saincheisteanna suntasacha a bhí i gceist.

## Suirbhé Fórsa Saothair na gCógaiseoirí

Go déanach in 2022, rinneamar suirbhé fórsa saothair ar chógaiseoirí cláraithe agus ar mhic léinn na gcógaisiochta chun dearcadh bunlíne a fháil ar fhórsa saothair reatha na gcógaiseoirí in Éirinn. Fuarthas 1,272 freagra. Bhí an suirbhé mar chuid dár dtionscadal straitéiseach chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí atá ag teacht chun cinn d'fhórsa saothair na gcógaiseoirí amach anseo, agus cuirfear torthaí an tsuirbhé le Tuarascáil Faisnéise maidir le Fórsa Saothair in 2023.

## Filleadh ar theagmháil phearsanta agus srianta COVID-19 á laghdú

Ar fud ár gcuid oibre rialála, tháinig méadú ar cuireadh fáilte roimhe ar líon na n-idirghníomhaíochtaí duine-le-duine agus ar líon na gcruinnithe, na gcigireachtaí agus na bhfiosrúcháin, de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh. Tá na tairbhí leanúnacha a bhaineann le hobair ar líne agus le hobair hibrideach curtha san áireamh freisin in go leor dár gcleachtais oibre, ag soláthar solúbthachta breise sa tslí ina n-oibrímid agus a ndéanaimid caidreamh.

## An Treoir maidir le Leigheasanna Falsaithe

Tar éis tréimhse fhada um 'úsáid agus foghlaim', cuireadh tús le rialacháin náisiúnta i mí an Mheithimh 2022 a chuir fíorú agus díchoimisiúnú táirgí míochaine i gcógaslanna ina riachtanas dlíthiúil. Leanamar ar aghaidh lenár gcuid oibre chun comhlíonadh leis an reachtaíocht a chur chun cinn i gcógaslanna. Is é is aidhm leis an reachtaíocht ná cosc a chur ar leigheasanna falsaithe dul isteach sa slabhra soláthair cógas agus díobháil a dhéanamh d'othair.

# Réamhrá an Uachtaráin

Thar ceann na Comhairle, an Chláraitheora, agus fhoireann CCÉ, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais CCÉ don bhliain 2022 a chur i láthair, de réir cheanglais an Achta Cógaisíochta 2007.

Déanann an tuarascáil seo cur síos ar na gníomhaíochtaí, ar na haschuir agus ar an bhforbairt a cuireadh chun cinn chun ár misean a bhaint amach. Tá an misean sin agus ár bhfreagrachtaí reachtúla dírithe ar chógaiseoirí agus cógaslanna a rialáil go héifeachtach chun sláinte, sábháilteacht agus folláine othar agus an phobal in Éirinn a chosaint. Is í seo ar an dara tuarascáil faoinár Straitéis Chorparáideach 2021-2024, a leagann clár oibre uaillmhianach amach dúinn.

Chuir mé tús le 2022 ag gabháil buíochais le cógaiseoirí cláraithe, úinéirí cógaslainne agus foirne cógaslainne as a gcuid oibre agus a gcuid tiomantais i gcónaí in aghaidh na ndúshlán leanúnach a bhaineann le COVID-19, agus is cuimhin liom go raibh go leor srianta sláinte poiblí fós i bhfeidhm ag tús na bliana. Ar ámharaí an tsaoil,  cuireadh deireadh leis an gcuid ba mhó díobh seo faoin earrach. I gcomparáid lenár dtuarascálacha do 2020 agus 2021, luann an tuarascáil filleadh ar an normáltacht, agus an deis níos mó d'obair CCÉ a dhéanamh ar an mbóthar agus aghaidh ar aghaidh le daoine arís.

Cé gur cuireadh deireadh leis an gcuid ba mhó de shrianta COVID-19, aithnímid go bhfuil bearta coiscthe agus rialaithe ionfhabhtaithe fós i bhfeidhm i suíomhanna cúram sláinte mar ardtosaíocht riachtanach do shábháilteacht othar agus foirne. Maidir leis an gcógaslann, bhí dúshláin eile i gceist maidir le hinfhaighteacht cógaiseoirí le haghaidh ról ina bpléitear le hothair agus imní maidir le ganntanas cógas, rud a chuir éilimh ar leanúnachas cúraim. Lean cógaiseoirí, úinéirí cógaslainne agus foirne cógaslainne lena n-iarrachtaí chun tacaíocht agus cosaint a thabhairt do dhaoine leochaileacha sa phobal agus bhí ról mór acu i gcláir vacsaínithe COVID-19 agus fliú i rith na bliana.

Ón gcéad rannpháirtíocht i mí an Mheithimh 2021, tá níos mó ná 1.3 milliún vacsaín COVID-19 tugtha ag cógaslanna pobail, arb ionann é agus 10.5% de na vacsaíní ar fad a tugadh ó cuireadh tús leis an gclár náisiúnta. Ina theannta sin, bhí ról lárnach ag go leor cógaiseoirí agus mic léinn cógaisíochta sna hionad vacsaínithe láraithe agus suíomhanna sláinte eile. Leanadh leis an obair ar fheachtais vacsaínithe an fhómhair/gheimhridh 2022-2023, agus thug cógaslanna breis is 25% de na vacsaínithe náisiúnta don fhliú le linn na tréimhse sin. Tá CCÉ buíoch as an méid oibre a rinneadh, obair a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Roinn Sláinte a aithint agus a mholadh.

Dar le CCÉ, ba ghnóthach a bhliain a bhí ann ó thaobh clárúcháin de, cuid lárnach dár ról mar rialtóir cógaisíochta. Cé gur fhan líon na gcógaslann cláraithe ag 1,981, fuaireamar leibhéil réamh-COVID-19 d'iarratasóirí cógaiseora ar chlárú agus baineadh úsáid mhéadaithe ar ár dtairseach clárúcháin nua i gcás na n-iarratas ar fad. Chuaigh líon na gcógaiseoirí cláraithe os cionn 7,000 den chéad uair riamh i mí na Nollag 2022, agus bhí méadú ar líon na n-iarratasóirí ar bhealaí AE, RA agus tríú tíortha eile i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin.

Tháinig méadú freisin ar líon na bhfiosruithe agus na n-iarratas ar an mbealach um Aithint Cáilíochtaí Tríú Tíre (TCQR). Tá obair fós ar siúl ar athbhreithniú CCÉ ar an mbealach seo do chógaiseoirí a cháiligh i dtír eile nach tír san AE/LEE í. Rinne an Chomhairle beartas agus cur chuige a fhaomhadh maidir le próiseas nua aitheantais cáilíochtaí a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach, agus táimid ag súil le dul i gcomhairle maidir le gnéithe de na hathruithe atá beartaithe in 2023, mar aon le dul chun cinn a dhéanamh ar

a chur i bhfeidhm. Rachaidh an próiseas nua seo chun tairbhe na n-iarratasóirí agus feabhsóidh sé an éifeachtúlacht fhoriomlán. I ndeireadh na dála, is é ár bhfócas a chinntiú go bhfuil córais aitheantais agus clárúcháin cáilíochtaí i bhfeidhm againn atá cothrom agus láidir agus a éascaíonn iontráil cógaiseoirí atá cáilithe go cuí i bhfórsa saothair cógaisíochta na hÉireann.

San iomlán, rinneadh 53 gearán le CCÉ in 2022 faoi fhorálacha reachtúla an Achta Cógaisíochta, sin laghdú 33% ar an mbliain roimhe sin. I gcomhthéacs líon na gcuairteanna ar chógaslanna agus líon na dteagmhálacha le cógaiseoirí in aon bhliain ar leith, is cosúil go bhfuil leibhéil réasúnta íseal imní agus gearán déanta, ach fós féin féadfaidh na hábhair a thagann chun cinn a bheith tromchúiseach go leor. Tá fonn ar an gComhairle leanúint ar aghaidh ag roinnt faisnéise ó ghearáin agus fiosrúcháin mar mhodh foghlama agus chun breithniú comhchoiteann a chur chun cinn maidir le feabhsú cáilíochta agus gairmiúlacht ar mhaithe le cúram sábháilte othar.

Baineann cuid dár gcuid oibre le freagra a thabhairt ar fhaisnéis eile a ardaíonn imní faoi iompar, gairmiúlacht nó oibriú cógaiseora nó cógaslainne. In 2022, dhéileáil CCÉ le 118 imní den sórt sin, agus tháinig 86% díobh seo ó bhaill den phobal. Tháinig laghdú beag ar an líon sin ón 120 imní a ardaíodh in 2021. Is éard atá sna saincheisteanna seo na ábhair imní a cuireadh faoi bhráid CCÉ, sa chás nach ndéantar gearán foirmiúil ar dtús, ach tharla, i gcás sé cinn de na hábhair imní a ardaíodh in 2022 go ndearnadh gearán foirmiúil tar éis tuilleadh imscrúdaithe.

I mí an Mhárta, ar nós go leor eagraíochtaí eile, dhírigh CCÉ a aird ar na tionchair agus dúshláin a bhain le hionradh na Rúise ar an Úcráin. Le linn na chéad míonna den chogadh, chuamar i dteagmháil leis an Roinn Sláinte agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le clárú gairmiúil agus fáil ar chógais ionas go bhféadfaimis cabhrú agus freagairt go hiomchuí ar na dúshláin a bhí ag teach chun cinn do na daoine a tháinig go hÉirinn ón Úcráin. Rinne an Chomhairle an táille iarratais ar aitheantas cáilíochta a tharscaoileadh do chógaiseoirí ón Úcráin a tháinig go hÉirinn faoi Stádas Cosanta Sealadach, mar a bhíonn i gceist le hiarratasóirí a bhfuil stádas dídeanaithe acu.

Tá sé tábhachtach dúinn a léiriú, trínár gcuid oibre, go ndéanaimid difríocht agus go gcruthaímid luach poiblí. Leanaimid de bheith ag tacú le hathrú nuair is gá agus ag obair le daoine eile chun a chinntiú go mbeidh ról na gcógaiseoirí, ar fud gach suíomh cúram sláinte, mar chuid den chóras cúram sláinte amach anseo, mar atá molta faoi Sláintecare.

Bhí áthas orainn dhá pháipéar seasaimh a chur faoi bhráid na Roinne Sláinte in 2022. Tá moltaí sa chéad cheann maidir le hathchóiriú reachtaíochta ar an Acht Cógaisíochta 2007, rud atá tábhachtach don Chomhairle chun a chinntiú go bhféadfaidh an reachtaíocht atá mar bhonn agus thaca ag rialáil cógaslanna agus gairmithe cógaisíochta in Éirinn, tacú le rialáil éifeachtach anois agus amach anseo. Leagtar amach sa dara páipéar, a thagann le moltaí na Comhairle ar athchóiriú, ár dtograí forbartha reatha agus amach anseo maidir le cógaslanna a rialáil. Táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh lenár bplé leis an Roinn maidir leis na hábhair seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill Chomhairle CCÉ as a dtiomantas agus as a dtacaíocht le linn na bliana gnóthaí seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leo siúd a d'fhóin ar ár gCoistí Comhairleacha agus Araíonachta agus le daoine eile a thug tacaíocht dár gcláir oibre éagsúla. Gabhaim buíochas le foireann uile CCÉ as a dtiomantas, a gcuid oibre crua agus a dtiomantas don eagraíocht agus muid ag iarraidh coinneáil suas leis na hathruithe leanúnacha agus na dúshláin atá le teacht. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Dr Lorraine Horgan, a threoraigh CCÉ go saineolach mar Chláraitheoir Eatramhach ó thús deireadh 2022.

Cuirim fáilte ó chroí roimh Chláraitheoir nua CCÉ, Joanne Kissane, a thosaigh sa ról go luath i mí Eanáir 2023.  Táim ag súil le rannpháirtíocht leanúnach CCÉ le cláraitheoirí, leis an Aire agus leis an Roinn, agus le líonra leathan de pháirtithe leasmhara chun leanúint ar aghaidh ag cinntiú go gcuirfear seirbhísí sábháilte, ardchaighdeáin cógaisíochta ar fáil agus go ndéanfar muinín an phobail as CCÉ agus as ár ngairm luachmhar a chinntiú.

**Muireann Ní Shúilleabháin**
**Uachtarán**

# Teachtaireacht ón gCláraitheoir

Tá lúcháir orm gur thosaigh mé le CCÉ mar Chláraitheoir agus mar Phríomhoifigeach i mí Eanáir 2023, agus tá áthas orm machnamh a dhéanamh ar an obair atá leagtha amach sa tuarascáil bhliantúil seo mar theist ar dhíograis agus ar thiomantas Chomhairle CCÉ, an Chláraitheora Eatramhaigh do 2022, an Dr Lorraine Horgan, fhoireann CCÉ agus dóibh siúd ar fad a chuidigh le hobair an rialtóra chógaisíochta anuraidh.

Glacaim leis an ról seo ag am ina bhfuil athrú leanúnach i CCÉ agus muid ag leanúint ar aghaidh le gealltanais straitéiseacha agus forbairtí eagraíochtúla a chur chun cinn atá beartaithe chun tacú le sármhaitheas i gcúram othar trí obair na gcógaiseoirí, na gcúntóirí cógaisíochta agus na gcógaslanna, agus a chuirfidh ar chumas CCÉ a ról a chomhlíonadh chomh héifeachtach agus is féidir ar mhaithe le leas an phobail. Táim ag súil le bheith ag obair le foireann fhíorthiomanta CCÉ chun ár gcuid oibre faoinár Straitéis Chorparáideach a chur chun cinn agus chun leanúint ar aghaidh ag seachadadh ár bpríomhchuspóir chun muinín an phobail sa chógaisíocht a chinntiú trí rialáil éifeachtach.

Leagann an tuarascáil seo béim ar an iliomad bealaí inar ghlacamar le foghlaim, le dul i gcomhairle, agus le tacú le soláthar cúram sláinte sábháilte, rialáil cúram sláinte, le hoideachas agus le forbairt beartas. Baineadh é seo amach i gcomhar le daoine aonair, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile. Níl sa ról rialála ach cuid amháin den chóras cúram sláinte, agus tuigimid agus aithnímid iad siúd a chuaigh i dteagmháil linn agus a chur bonn eolais faoinár gcuid oibre.

Baineann luach saothair agus tionchar le cúram sláinte sábháilte ardchaighdeáin a sholáthar, ach ní obair gan dúshlán é. Léirítear cuid de na dúshláin sin sa tuarascáil seo agus tugtar cuntas maith orthu in áiteanna eile. Is minic nach luaitear an chógaisíocht mar chuid den scéal cúram sláinte, ach tá an riachtanas maidir le hidirghabháil, cóireáil, bainistíocht cógas, comhairleoireacht agus comhairle a sholáthraíonn cógaiseoirí agus an fhoireann chógaisíochta níos leithne fite fuaite inár dtuiscint ar chúram sláinte nua-aimseartha. Is é ról CCÉ ná tacú le soláthar sábháilte agus cuí seirbhísí cógaisíochta ardchaighdeáin ionas gur féidir leis an bpobal brath ar ghairmithe iontaofa agus ar na seirbhísí a sholáthraíonn an fhoireann chógaisíochta.

Léiríonn an obair iontach a rinne cógaiseoirí agus foirne cógaisíochta, go háirithe sna cláir vacsaínithe náisiúnta le dhá bhliain anuas, athrú ar an gcaoi a gcuirtear cúram sláinte ar fáil ar fud ár bpobail. Gan dabht, cuir na hathruithe a tharla de dheasca phaindéim COVID-19 dlús faoin athrú sin. Lean CCÉ ag obair leis an Roinn Sláinte ar athruithe reachtaíochta agus le FSS agus eagraíochta eile chun a chinntiú gur cuireadh oiliúint chreidiúnaithe ar fáil do chógaiseoirí. Cuireadh treoir ábhartha ar fáil do chógaslanna chun coinneáil suas le rolladh amach gach vacsaínithe nua a chuirtear ar fáil don phobal.

I measc na dtionscadal ar cuireadh tús leo anuraidh, thug CCÉ tús áite don obair thábhachtach a bhaineann lenár dtionscadal straitéiseach agus bhí sé tiomanta don obair sin a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn maidir le hinfhaighteacht cógaiseoirí amach anseo i róil ina bpléitear le hothair. Táimid buíoch as an leibhéal freagartha a fuarthas maidir leis an gcéad suirbhé ar fhórsa saothair na gcógaslanna a rinneadh ag deireadh na bliana. Chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna meántéarmacha agus fadtéarmacha mar chuid den tionscadal seo, leanfaimid ar aghaidh ag dul i ngleic ar fud fóraim éagsúla ar an bpríomhcheist seo maidir le fórsa saothair na cógaisíochta. Ina theannta sin, táimid ag breathnú go gníomhach ar réitigh ghearrthéarmacha i gcomhar leis an Roinn Sláinte

agus Aontas Cógaisíochta na hÉireann. Cuirfidh an obair go dtí seo bonn eolais faoin tionscadal seo agus faoi na moltaí atá le cur ar aghaidh faoi thorthaí 2023.

Léiríonn an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais do 2022 an tiomantas, an obair chrua agus gairmiúlacht leanúnach comhghleacaithe ar fud na heagraíochta, ár gComhairle, agus ár gCoistí Araíonachta agus Comhairleacha, a leanann ar aghaidh ag obair le chéile ar mhaithe le leas an phobail chun ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Chuaigh méid na gníomhaíochta, cothromaíocht na ngealltanas, agus an tiomáint chun feabhais i measc comhghleacaithe i bhfeidhm orm ó thosaigh mé i mo ról, agus táim ag súil le bheith páirteach i ndul chun cinn leanúnach CCÉ.

Agus ár ról á chomhlíonadh againn, braithimid ar an bpobal chun dul i dteagmháil linn agus sinn a chur ar an eolas faoina dtaithí le cógaiseoirí agus faoin gcúram cógaisíochta a fhaigheann siad. Ina theannta sin, táimid ag brath ar rannpháirtíocht ár gcláraithe – cógaiseoirí, cúntóirí cógaisíochta agus úinéirí cógaslainne – inár bpróisis rialála agus as a gcuid ionchuir agus aiseolais a chomhroinnt linn. Táimid dírithe i gcónaí ar ár dtiomantas muinín an phobail sa chógaisíocht a chinntiú trí oibriú i gcomhar leo siúd atá ar thús cadhnaíochta maidir le cúram agus seirbhísí cógaisíochta a sholáthar.



**Joanne Kissane**
**Cláraitheoir agus Príomhoifigeach**

# Torthaí agus Gníomhaíocht CCÉ

## Leanann ár dtiomantas ar aghaidh i gcónaí d'iontaoibh an phobail as cógaisíocht a chinntiú trí rialáil éifeachtach

Tugtar léargas ginearálta sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar conas a rinneamar gach gné dár bhfreagrachtaí reachtúla agus dár Straitéis Chorparáideach 2021-2024 a chur chun cinn le linn na dara bliana den straitéis. Tá trí limistéar straitéiseacha ann faoina ndírímid ar thorthaí straitéiseacha a sholáthar.



# Ár bhfreagairt leanúnach ar COVID-19

Bhí ról ag paindéim COVID-19 inár gcuid oibre i rith 2022, cé gur cuireadh deireadh le go leor de na srianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm go luath sa bhliain. Agus scaipeadh an víris fós ina thosaíocht leanúnach náisiúnta sláinte, lean CCÉ lenár rannpháirtíocht le húdaráis sláinte poiblí, go háirithe maidir leis an gclár náisiúnta vacsaínithe COVID-19 agus rannpháirtíocht na gcógaiseoirí ann.  Lean cógaiseoirí agus foirne cógaslainne de rannchuidiú as cuimse a dhéanamh lena chinntiú gur leanadh le seirbhísí cógaisíochta d'othair agus don phobal, chomh maith le rannchuidiú suntasach agus fiúntach a dhéanamh chun an pobal a chosaint trína ról ó thaobh cláir vacsaínithe náisiúnta a sholáthar arís.

Don tríú bliain, tugaimid breac-chuntas sa chuid seo ar chuid den obair a bhaineann go sonrach le COVID-19 a rinne CCÉ.

## Clár Vacsaínithe Náisiúnta COVID-19

D'oibrigh CCÉ i gcomhar le gairm na cógaisíochta agus le páirtithe leasmhara eile chun tacú le baint shábháilte cógaiseoirí i gclár vacsaínithe COVID-19 agus, ach go háirithe, ina thabhairt isteach i measc cógaslanna pobail. I rith 2022 thug cógaslanna pobail 635,475 dáileog vacsaínithe, sin 23.5% de na vacsaíní COVID-19 go léir a seachadadh ar fud na tíre agus cuireadh beagnach 1.3 milliún vacsaín COVID-19 ar fáil acu ó ghlac siad páirt sa chlár i mí an Mheithimh 2021.  Tá sé seo anuas ar obair fhairsing na gcógaiseoirí agus na mac léinn cógaslainne laistigh de shain-ionaid agus ionaid vacsaínithe láraithe ar fud na tíre. D'oibrigh cuid d'fhoireann cógaiseoirí CCÉ go deonach freisin i róil bhainistíochta cógas ar feadh tréimhse go luath sa bhliain chun tacú le hobair a rinneadh sna hionaid vacsaínithe.

Le linn 2022, rinne an Roinn Sláinte 4 ionstraim reachtúil a dhréachtú chun na Rialacháin um Tháirgí Íocshláinte (Oideasú agus Rialú Soláthair), 2003 a leasú chun foráil a dhéanamh do chlár vacsaínithe COVID-19 de réir agus a bhí vacsíní nua COVID-19 á n-údarú. Rinne CCÉ athbhreithniú agus thug sé aiseolas ar na forálacha reachtúla de réir mar a tháinig siad chun cinn.

Faoin reachtaíocht sin, ceadaítear do chógaiseoirí cláraithe a thug faoi oiliúint fhaofa arna reáchtáil ag CCÉ vacsaíní áirithe COVID-19 a sholáthar agus a dháileadh. Tugadh faoi obair fhairsing arís in 2022 chun athbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar oiliúint do chógaiseoirí chun vacsaíní COVID-19 a riar de réir mar a bhí vacsaíní nua á n-údarú lena n-úsáid. Rinneamar faomhadh ar an oiliúint maidir le sé vacsaín nua COVID-19 a dháileadh. Tugadh tacaíocht don obair seo agus cumasaíodh í a bhuí sin le rannchuidiú luachmhar foireann measúnaithe sheachtrach, ina raibh cógaiseoirí ó shuíomhanna éagsúla ag a raibh an saineolas ábhartha, leis na cúrsaí oiliúna seo a athbhreithniú agus a mholadh lena bhfaomhadh do chógaiseoirí.

Trí Grúpa Oibre Shruth Oibre na Cógaisíochta - Clár Vacsaínithe Náisiúnta COVID-19, d'oibríomar go dlúth le FSS agus Aontas Cógaiseoirí na hÉireann chun na príomhghnéithe rialála agus oibríochtúla a shainaithint a theastaigh le tacú le seirbhísí vacsaínithe a thabhairt isteach go sábháilte laistigh de chógaslanna pobail. Nuashonraíodh treoir oibriúcháin FSS i rith na bliana de réir mar a chuaigh an clár ar aghaidh, agus thag CCÉ agus Aontas Cógaiseoirí na hÉireann cabhair don phróiseas nuair ba ghá.

Sheolamar cumarsáid freisin i rith na bliana chuig na daoine sin a raibh róil rialachais chógaisíochta acu chun príomhghnéithe rialachais agus ceannaireacht chliniciúil a thabhairt chun suntais le haghaidh soláthar leanúnach seirbhíse vacsaínithe sábháilte COVID-19 i gcógaslanna pobail.

## Fóram FSS um Pleanáil Cógaisíochta Pobail

I rith 2022, lean CCÉ lenár rannpháirtíocht leis an bhFóram um Pleanáil Teagmhais Cógaisíochta Pobail faoi stiúir FSS, ar a dtugtar an Fóram um Pleanáil Cógaisíochta Pobail anois. Bunaíodh an grúpa seo chun scrúdú a dhéanamh ar na dúshláin oibriúcháin agus chliniciúla a bhí roimh chógaiseoirí pobail le linn éigeandáil COVID-19. Tá obair an Fhóraim aistrithe anois chuig treo straitéiseach na cógaisíochta pobail a phlé.

## Mol Eolais COVID-19

Lean Institiúid Cógaisíochta na hÉireann (ICÉ/IIOP) de bheith ag tacú le cógaiseoirí agus a bhfoirne trí Mhol Faisnéise COVID-19 agus acmhainní gaolmhara a chur ar fáil. Bunaíodh an Mol in 2020 ar iarratas ó CCÉ agus cuimsíonn sé faisnéis phraiticiúil, tacaíochtaí meabhairshláinte, agus seachadadh leanúnach sraith seimineár gréasáin ar ábhair éagsúla atá tábhachtach do chógaiseoirí agus a bhaineann le cúrsaí cógaisíochta.

## Cruinnithe agus cian-éisteachtaí

In 2022, i ndiaidh thréimhse dhá bliana, thosaigh ár gComhairle agus Coistí Comhairleacha agus Araíonachta ag teacht le chéile arís i dTeach CCÉ le haghaidh cruinnithe, éisteachtaí fiosrúcháin um inniúlacht chun cleachtadh san áireamh. Thacaigh infheistíocht roimhe seo i dteicneolaíocht agus i mbonneagar gaolmhar le cianchruinnithe agus éisteachtaí, lena n-áirítear cruinnithe hibrideacha, fós a chur ar siúl nuair is gá. Maidir le fiosrúcháin, tá sé i gceist go dtarlóidh a bhformhór ar an láthair agus go pearsanta mura n-éilíonn cothromaíocht an cheartais éisteacht a chur ar siúl go cianda nó go hibrideach, nó má cheadaítear iarratas ar éisteacht i bhformáid ar leith. Thionóil na Coistí Fiosrúcháin 17 n-éisteacht in 2022, ar tionóladh 11 cinn acu go cianda, cúig cinn ar an láthair, agus ceann amháin go hibrideach. Tá treoirlínte sláinte an Rialtais fós á leanúint ag CCÉ maidir le cruinnithe agus éisteachtaí a reáchtáil i dTeach CCÉ.

# Dul chun cinn ar ár straitéis agus ar gclár feabhsaithe

## Cuspóir Straitéiseach 1: Ról na Cógaisíochta agus Cógaiseoirí sa Chóras Cúraim Sláinte Comhtháite Amach Anseo a Thabhairt chun Cinn

### Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Croí-Inniúlachtaí do Chógaiseoirí

In 2022, chuireamar athbhreithniú ar an gCreat Croí-Inniúlachtaí do Chógaiseoirí (CCIC) i gcrích. Cuireadh tús leis an tionscadal ilbhliantúil seo tar éis breithniú a dhéanamh ar thuarascáil i nDeireadh Fómhair 2020, inar moladh athbhreithniú domhain a dhéanamh ar an CCIC lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. agus gur féidir leis freastal ar riachtanais an phobail agus na gairme amach anseo. Tar éis an athbhreithnithe seo, reáchtáladh comhairliúchán poiblí ar leagan athbhreithnithe den dréachtChroí-Chreat Inniúlachta ag deireadh an tsamhraidh agus chuir aiseolas an chomhairliúcháin bonn eolais faoi roinnt athruithe deiridh a rinneadh ar an doiciméad. Rinne an Chomhairle an Croí-Chreat Inniúlachta athbhreithnithe a fhaomhadh i mí na Nollag 2022.

Tá an Croí-Chreat Inniúlachta mar bhonn agus mar thaca ag curaclaim MPharm mar chuid den cháilíocht chógaisíochta arna seachadadh ag na Scoileanna Cógaisíochta agus léiríonn sé cleachtas na gcógaiseoirí i gcéimeanna tosaigh a ngairmréime.  Úsáidtear é freisin chun struchtúr agus treoir a sholáthar do chógaiseoirí agus iad ag machnamh ar a riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) ar feadh a ngairmréime.

Cuirfear tús in 2023 le cur i bhfeidhm an Chroí-Chreata Inniúlachta athbhreithnithe. Is mór againn an t-ionchur luachmhar ó bhaill an Ghrúpa Stiúrtha agus an Ghrúpa Oibre maidir leis an tionscadal seo, agus uathu siúd go léir a chuir an dua orthu féin bualadh linn le linn an athbhreithnithe chun aiseolas a thabhairt le linn an chomhairliúcháin phoiblí.

### Measúnú a dhéanamh ar Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn don Fhórsa Saothair Cógaisíochta Amach Anseo

Tá an tionscadal ilbhliantúil seo ar cuireadh tús leis in 2022, agus a bheidh ar siúl go dtí 2023, á dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn maidir le hinfhaighteacht leanúnach ar fhórsa saothair gairmiúil cógaiseoirí laistigh de chógaisíocht phobail agus ospidéil in Éirinn.  Tá dearcadh meántéarmach agus fadtéarmach á ghlacadh ag an tionscadal ar an ábhar seo, agus tá tacaíocht sheachtrach coimisiúnaithe againn lena mbaineann saineolas ar phleanáil fórsa saothair chun cabhrú agus tacú linn an tionscadal straitéiseach tábhachtach seo a sheachadadh.

Sa dara leath de 2022, bhunaíomar agus bhuaileamar leis an nGrúpa Oibre a ceapadh faoin tionscadal. Sa ghrúpa seo, tá daoine aonair ó eagraíochtaí ar fud na hearnála sláinte agus cógaisíochta, lena n-áirítear an Roinn Sláinte, FSS, Scoileanna Cógaisíochta agus APPEL (Cleamhnacht um Fhoghlaim ó Thaithí don Chleachtais Cógaisíochta – an cuibhreannas seirbhísí comhroinnte arna bhunú ag na trí scoil chógaisíochta), Institiúid Cógaisíochta na hÉireann, eagraíochtaí ionadaíocha cógaisíochta, agus cógaiseoir cleachtach.  Leanfaimid ag bualadh leis an nGrúpa Oibre in 2023.

I mí na Samhna 2022, d'fhoilsíomar an chéad Suirbhé ar Fhórsa Saothair Cógaisíochta in Éirinn. Ceapadh é seo chun faisnéis a fháil faoi chógaiseoirí agus a róil.  Bailíodh tuairimí ó chógaiseoirí agus ó mhic léinn ar an ngairm agus ar na rioscaí a

d’fhéadfadh a bheith ann maidir le hinfhaighteacht lucht saothair cógaisíochta amach anseo. Beidh an suirbhé, mar aon le hionchuir eile, ina phríomhfhoinse de shonraí láidre agus ábhartha cothrom le dáta ónar féidir moltaí a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais fhórsa saothair cógaiseoirí na hÉireann amach anseo. Tá sé ar intinn againn suirbhé lucht saothair a riar ar bhonn bliantúil as seo amach.

Ag an am céanna leis an tionscadal seo, táimid ag cur le hobair shuntasach eile maidir le pleanáil straitéiseach fórsa saothair ar fud an chórais sláinte. Faoi Ionstraim Tacaíochta Teicniúil an Choimisiúin Eorpaigh, DG REFORM, tá Indecon Consultants ceaptha ag an Roinn Sláinte chun tabhairt faoi mhórthionscadal ar phleanáil lucht saothair sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Tá an tionscadal, a chuireann leis an gCreat Straitéiseach Náisiúnta um Pleanáil Fórsa Saothair Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, á stiúradh ag oifigigh sa Roinn Sláinte, ag obair i gcomhar le FSS agus le príomhpháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear CCÉ, chun an tionscnamh tábhachtach seo a sheachadadh. Bhuaileamar le Indecon Consultants le linn 2022 agus chuireamar sonraí ar fáil dóibh chun tacú lena gcuid oibre. Táimid i dteagmháil freisin le foghrúpa d’Fhóram an Rialtóra Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, a bhfuil de chúram air scrúdú a dhéanamh ar phleanáil straitéiseach fórsa saothair ar fud na ngairmeacha éagsúla sláinte agus cúraim shóisialta.

## An Bealach Aitheantais Cáilíochtaí Tríú Tíre a Athbhreithniú

Ní mór do chógaiseoirí a cháilíonn i dtír lasmuigh den AE nó i dtír neamh-LEE (tríú tír) agus ar mian leo cleachtadh in Éirinn, caithfear a gcáilíocht a bheith aitheanta mar cháilíocht atá ‘oiriúnach chun cleachtadh’ sular féidir leo iarratas a dhéanamh ar chlárú le CCÉ. Tugtar an bealach Aithint Cáilíochta Tríú Tíre (TCQR) ar an bpróiseas seo.

Is próiseas ilchéime é an bealach TCQR reatha d’iarratasóirí tríú tíre agus tá sé i bhfeidhm ó bhí 2009 ann. D'aithin an Chomhairle go raibh an beartas reatha dian ar acmhainní, costasach agus trom ar an iarratasóir agus ar CCÉ. Tá athbhreithniú á dhéanamh againn ar an bpróiseas chun é a chuíchóiriú, ar mhaithe le hiarratasóirí, lenár bpróiseas riaracháin agus leis an bpobal i gcoitinne. Rinne an Chomhairle an beartas athbhreithnithe TCQR a fhaomhadh in 2019. In 2022, rinne an Chomhairle breithniú agus faomhadh ar thuarascáil inar moladh an bealach is fearr chun an beartas a chur i bhfeidhm. Táthar ag súil go mbeidh an próiseas nua i bhfeidhm go déanach in 2023.

## Athbhreithniú ar an tSamhail FGL do Chógaiseoirí

In 2022, leanamar lenár n-athbhreithniú ar shamhail reachtúil na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) do chógaiseoirí. Leanfar leis an athbhreithniú ar an tsamhail FGL do chógaiseoirí in 2023, le tacaíocht ó shaineolas seachtrach neamhspleách agus ionchur ó pháirtithe leasmhara agus saineolaithe in Éirinn agus thar lear.

## Samhail FGL do Chógaiseoirí a Fhorbairt do Chúntóirí Cógaisíochta

In 2022, chuireamar tús freisin le tionscadal a bhfuil sé mar aidhm aige samhail FGL a mholadh do chúntóirí cógaisíochta mar fhreagra ar athrú reachtúil atá le tabhairt isteach in 2023. Cheapamar saineolas seachtrach chun cabhrú leis an tionscadal seo agus leanfar leis an obair in 2023. Táthar ag súil go ndéanfar Samhail FGL bheartaithe a fhaomhadh le linn 2023.

## Ag cur leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhrithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach

Ag aithint gur saincheist thábhachtach sláinte poiblí agus sábháilteacht othar é Frithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach (AMR) agus go bhfuil sí ar cheann de na príomhchúiseanna báis ar fud an domhain, táimid tiomanta do ghníomhartha a leanúint chun tacú leis an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhrithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach 2021-2025 (ar a dtugtar mar iNAP2). Chomhfhoilsigh an Roinn Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara iNAP2 agus leagtar amach ann breis agus 150 gníomh chun dul i ngleic le bagairt AMR.

Tá sé mar aidhm ag na gníomhartha seo tacú le cuspóir straitéiseach a haon de phlean iNAP2 a bhaineann le feabhas a chur ar fheasacht agus eolas maidir le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach. Thugamar freagra ar athbhreithniú meántéarmach ar iNAP2, inar leagadh amach an dul chun cinn atá déanta againn go dtí seo agus ár ngníomhartha rialála amach anseo faoi iNAP2. Mar shampla, chuireamar dea-chleachtas chun cinn trínár gcumarsáid le cláraitheoirí. Roinneamar príomhtheachtaireachtaí maidir le AMR, maidir le hionfhabhtú a chosc agus a rialú (IPC) agus maidir le maoirseacht fhrithmhiocróbach (AMS), i gcomhréir le feachtais FSS-AMRIC agus iNAP2. Tar éis tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin, leagtar amach inár gCroí-Chreat Inniúlachta athbhreithnithe do chógaiseoirí iompar táscach nua a bhaineann le dea-phrionsabail AMS, IPC agus AMR, agus mar sin áireofar é mar chuid d'oideachas agus FGL cógaiseoirí. Táimid tiomanta do leanúint ar aghaidh ag obair lenár bpáirtithe leasmhara chun an clár tábhachtach seo a bhrú chun cinn.

## Cuspóir Straitéiseach 2: Samhail Rialála Níos Éifeachtaí a thabhairt chun cinn do Chógaslanna Pobail

### Athchóiriú an Achta Cógaisíochta a Thabhairt chun Cinn

Inár Straitéis Chorparáideach 2021–2023, shainaithin Comhairle CCÉ mar phríomhthosaíocht é leasú a dhéanamh ar an Achta Cógaisíochta 2007. Measaimid gur gá dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar Acht lena chinntiú go leanann sé de bheith oiriúnach don fheidhm i dtimpeallacht athraitheach rialála agus cúraim sláinte agus gur féidir leis leanúint ag tacú le rialáil éifeachtach amach anseo le leas an phobail a chosaint agus le sábháilteacht othar a chinntiú. Tá Comhairle CCÉ tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht ó thaobh beartais rialála de agus d'oibriú i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte ar an ábhar seo.

I mí Aibreáin, d’fhaomh an Chomhairle páipéar seasaimh maidir leis an ngá atá le leasú a dhéanamh ar an Acht agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte é i mí an Mheithimh mar bhonn lenár bplé leanúnach leis an Roinn ar an ábhar tábhachtach seo. Tugtar breac-chuntas sa pháipéar seasaimh ar an gcúis bhfuil gá le hathchóiriú suntasach reachtaíochta agus ar na dúshláin a bhaineann leis an Acht go praiticiúil. Rinneadh méid mór taighde agus rannpháirtíocht, aithint fadhbanna agus anailís agus an páipéar á fhorbairt. Chomh maith le cur síos a dhéanamh ar na dúshláin is tábhachtaí sa pháipéar, leagtar béim ann freisin ar roinnt samplaí d’uirlisí agus cleachtais rialála arna n-úsáid ag rialtóirí eile agus a shainaithníomar le linn ár gcuid taighde.

Táimid ag súil le leanúint ar aghaidh in 2023 lenár bplé leis an Roinn maidir leis an bpáipéar seasaimh agus le dul chun cinn a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile a comhaontaíodh maidir le hathchóiriú an Achta a chur ar aghaidh.

### Ár gCur chuige Rialála a Chur i nGníomh

Tá dualgas ar chomhlachtaí rialála, ar nós CCÉ, rioscaí agus díobhálacha féideartha a aithint agus freagairt dóibh go cuí a bhaineann lenár limistéar cuntasachta, agus é ina chuspóir sláinte agus sábháilteacht othar agus an phobail a chosaint. Cheadaigh CCÉ Ráiteas Rioscaí Rialála in 2019 agus nuair a glacadh leis an Ráiteas seo, rinne CCÉ gealltanas poiblí go mbeadh sé ina rialtóir níos rioscabhunaithe agus é ina aidhm aige baol na díobhála don phobal a rialú. Leagtar amach sa ráiteas mar a dhéanaimid riosca a shainmhíniú, a shainaithint, a anailísiú agus freagairt dó ar fud ár limistéar freagrachta go léir. Ceadaíonn an cur chuige seo do CCÉ acmhainní a dhíriú ar bhealach níos éifeachtaí agus ceadaíonn sé freagairt níos comhréirí do riosca a shainaithnítear.

In 2022, leanamar orainn ag leabú ár gcur chuige faoin tsamhail seo, agus lean ár nGrúpa inmheánach Anailíse agus Freagartha um Riosca Rialála ar aghaidh ag stiúradh anailís faisnéise chun rioscaí a mheasúnú, agus chun moltaí a dhéanamh ar bhearta atá le glacadh.

### Ag cur leis an athbhreithniú ar reachtaíocht éigeandála COVID-19

I mí an Mheithimh, bhuaileamar leis an Roinn Sláinte, FSS agus Comhairle na nDochtúirí Leighis chun plé a dhéanamh ar fhorálacha reachtaíochta áirithe chúlghairm. Ba fhorálacha reachtaíochta iad a rinneadh go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar infhaighteacht leanúnach leigheasanna d’othair de bharr na gcúinsí a eascraíonn as COVID-19 (mar atá leagtha amach in S.I. 98 de 2020 lena leasaítear na Rialacháin um Tháirgí Íocshláinte (Oideas agus Rialú Soláthair) 2003 agus S.I. 99 de 2020 lena leasaítear na Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí 2017).

I mí Lúnasa, tar éis iarratas a fháil ón Roinn Sláinte, chuir CCÉ agus Comhairle na nDochtúirí Leighis comhráiteas seasaimh beartais isteach ina leagtar amach réasúnaíocht chun tacú le meicníocht chumasaithe a thabhairt isteach sa reachtaíocht chun ligean do chógaiseoir druga rialaithe a sholáthar i gcásanna éigeandála áirithe nuair atá a leithéid sábháilte, cuí, agus riachtanach chun cóireáil leanúnach a chur ar othar. Ar iarratas ón Roinn, forbraíodh measúnú riosca freisin ó pheirspictíocht na cógaisíochta chun tacú leis an gcomhráiteas seasamh beartais. Cuireadh é seo faoi bhráid na Roinne lena bhreithniú i mí na Samhna 2022.

## Cuspóir Straitéiseach 3: Ár gCumas agus ár bhFeidhmíocht mar Eagraíocht Rialála a Fhorbairt

### Ár gClár Claochlaithe Gnó a chur chun cinn

Tá sé mar aidhm ag ár gClár Claochlaithe Gnó (BTP) bealaí oibre níos fearr a bhaint amach ar fud CCÉ lena chinntiú go mbainfimid an úsáid is fearr is féidir as an teicneolaíocht agus as am agus saineolas ár ndaoine. Príomhghné inghnóthaithe den BTP is ea ardán digiteach nua a chur ar fáil chun freastal mar ár n-amharc custaiméara aonair. Déanfaidh an t-ardán seo cuíchóiriú agus nuaaoisiú ar go leor dár bpróisis maidir le clárú, bainistíocht gearán, imní agus fiosrúchán, agus iniúchtaí, agus cinnteoidh se áifeachtúlacht do CCÉ agus do chláraithe. Chomh maith leis sin, soláthróidh an clár cáilíocht sonraí níos fearr thar gach córas, ag tacú lenár gcur chuige riosca-bhunaithe i leith rialúcháin. Eisíodh céim a haon – an córas clárúcháin nua – i mí Mheán Fómhair 2021. Tá cuid de na buntáistí a bhaineann leis an gcóras clárúcháin nua bainte amach cheana féin ionas go mbeidh léiriú comhiomlán, comhsheasmhach agus iomlánaíoch againn ar na sonraí atá ar eolas faoinár gcustaiméirí. Rinneadh an córas a chomhtháthú le hiarratais airgeadais CCÉ ar phróiseáil táillí. De réir mar atá méadú tagtha ar líon na bpróiseas iarratais ar chlárú atá ar fáil ar líne, táthar tar éis an próiseas do chláraithe a chuíchóiriú, agus baineann agaí slánúcháin níos tapúla anois le hiarratais a phróiseáil. Déantar tuairisciú agus anailís deaise níos fearr laistigh den chóras nua freisin, rud a thugann léargas soiléir ar stádas na n-iarratas agus ar thréchur, agus a ligeann d'anailís níos fearr a dhéanamh ar na sonraí atá againn.

In 2022, chuireamar le bunsraitheanna Chéim a haon trí bhota comhrá (clár ríomhaire a ionsamhlaíonn comhrá daonna chun fiosrúcháin chustaiméirí a réiteach) a chur ar fáil i mí Mheán Fómhair, rud a sholáthraíonn tacaíocht 24/7 le haghaidh ceisteanna coitianta dár gcláraithe agus dár n-iarratasóirí clárúcháin. Cuireann an bota comhrá leis na tacaí atá forbartha cheana féin don tairseach clárúcháin, amhail Ceisteanna Coitianta agus físeáin chun tacú le cláraitheoirí agus le hiarratasóirí.  Déanaimid anailís ar na ceisteanna a fhaighimid chun na meicníochtaí tacaíochta seo a nuashonrú agus feabhas a chur ar an bhfaisnéis a chuirimid ar fáil.

### Ár Struchtúir Eagrúcháin agus Bainistíochta athbhreithnithe a neadú agus ár Straitéis Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm

In éineacht leis na hathruithe ar an tseirbhís dhigiteach atá á gcur chun cinn againn, tá samhail oibriúcháin athraithe agus struchtúr eagraíochta curtha i bhfeidhm againn freisin, agus é mar aidhm againn í a chur i gcomhréir lenár straitéis agus lenár struchtúr oibriúcháin amach anseo, agus tacú le timpeallacht oibre níos trasfheidhmí chun freastal ar na cineálacha éagsúla éilimh a dhéantar orainn inár ról mar rialtóir sláinte. Cuireadh tús le hobair ar an tionscadal forbartha eagraíochta seo in 2020 agus cuireadh an tsamhail nua i bhfeidhm i mí Iúil 2021. Cé go bhfuil go leor gnéithe den tsamhail i bhfeidhm, tá gnéithe eile fós ar siúl agus leanfaimid ar aghaidh leo in 2023.

I rith 2022, rinneadh dul chun cinn maidir le feidhm seachadta clár a bhunú (lena n-áirítear cur chuige na hOifige Bainistíochta Tionscadal) le seoladh doiciméadú tacaíochta caighdeánaithe agus an cur chuige atá le úsáid i ndáil le bainistíocht tionscadail i gcás gach tionscadail de chuid CCÉ. Bhí áthas orainn an tsraith straitéisí bainistíochta tionscadal atá ar fáil don tseirbhís phoiblí tríd an Roinn Caiteachais Phoiblí agus

Athchóirithe a úsáid agus tá na straitéisí curtha in oiriúint againn dár gcuspóirí ar leith.

Mar bhonn agus mar thaca ag an tsamhail agus an struchtúr oibriúcháin nua, tá an méadú atá molta againn ar an soláthar foirne laistigh de CCÉ. Cuireadh na tograí seo, arna bhfaomhadh ag Comhairle CCÉ in 2021, faoi bhráid na Roinne Sláinte in 2022, agus d'iarramar go dtabharfaí tús áite do phoist. Cuireadh na poist a bhí á lorg ar aghaidh lena gceadú ina dhiaidh sin. Tá súil againn ceadú a fháil ón Roinn maidir leis na poist nua sin in 2023 agus tús a chur le hearcaíocht oscailte don tsraith seo de sheacht bpost in 2023.

Ag teacht lenár Straitéis Acmhainní Daonna, cuireadh tacaíocht foirne, forbairt agus oiliúint ar fáil le linn 2022 chun cabhrú leis na hathruithe eagraíochtúla agus chun forbairt leanúnach ár mbainisteoirí agus gach ball foirne a chinntiú. Amhail formhór na n-eagraíochtaí, tá iarracht déanta againn cothromaíocht a bhaint amach idir na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le bheith ag obair ón mbaile agus ag obair san oifig ar bhonn cumaisc, chun laethanta foirne le chéile a spreagadh, chomh maith le laethanta forbartha don fhoireann go léir a reáchtáil chun comhghleacaíocht agus comhoibriú a chothú. Forbraíodh beartas oibre cumaisc i gcomhairle leis an bhfoireann le linn 2022. Múnlóidh an beartas nua seo, atá bunaithe ar an gcreat atá molta ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cur chuige leanúnach CCÉ i leith daoine a oibríonn ón mbaile agus i dtimpeallacht na hoifige, ag cuimsiú tiomantas an Chláir don Rialtas don chianobair, agus an plean gníomhaithe ar son na haeráide chun astaíochtaí a laghdú trí chomaitéireacht daoine a laghdú.

## An chéad chéim eile den Athbhreithniú ar Mhaoiniú Straitéiseach a stiúradh

Príomhghné dár bplean straitéiseach is ea ár sruthanna cistithe amach anseo a ailíniú. Cinnteoidh an t-ailíniú seo go mbeidh na hacmhainní riachtanacha ar fáil dúinn chun tabhairt faoinár misean rialála chun an caighdeán lena mbíonn an bpobal ag súil a bhaint amach. In 2022, rinne an Chomhairle beartas cúlchistí nua a fhaomhadh mar chuid den tionscadal leanúnach um Athbhreithniú ar Mhaoiniú Straitéiseach CCÉ. Cuimsíonn an beartas nua cur chuige cúlchistí comhdhlúite, agus an cúlchiste dlíthiúil á imfhálú.

## Leanúint lenár nAistear de chuid na Fondúireachta Eorpaí um Bainistíocht Cáilíochta (EFQM)

Aithnímid an tábhacht a bhaineann le cáilíocht inár gcuid oibre, maidir leis an mbealach a thugaimid faoinár gcuid feidhmeanna, an bealach a chuirimid ár straitéisí le chéile agus an bealach a dhéanaimid idirghníomhú lenár bpáirtithe leasmhara. Anuas ar ár n-aitheantas ceithre réalta EFQM a bhaint amach in 2019, leanaimid ag cur EFQM chun cinn ar fud na heagraíochta, ag neadú an chur chuige bainistíochta cáilíochta inár mbealaí oibre. In 2022, leanamar leis an ardú feasachta i measc na foirne maidir le hoibriú laistigh den tsamhail EFQM agus rinneamar dul chun cinn maidir lenár gcur chuige a phleanáil chun ár ndámhachtain EFQM a chothabháil agus a fheabhsú agus muid ag ullmhú le hiarratas eile a chur isteach in 2024.

# Gníomhaíocht chun tacú lenár misean

Anuas ar leanúint ar aghaidh le tionscadail athraithe agus forbartha straitéisí reatha in 2022 agus tús a chur le cinn nua, tá dlúthbhaint idir ár bpríomhfheidhmeanna agus ár bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh. Tuairiscítear sna leathanaigh seo a leanas an ghníomhaíocht oibríochtúil a dhéantar sna réimsí seo a leanas: clárúchán, comhlíonadh rialála agus cigireachta, imscrúdú, breithniú ar ghearáin agus ceisteanna disciplíneacha, caighdeáin ghairmiúla agus rialachas éifeachtach na heagraíochta ar bhonn leanúnach.

# Caighdeáin Ghairmiúla

Táimid freagrach as a chinntiú go bhfuil oideachas agus oiliúint cógaisíochta ar aon dul le dea-chleachtas agus go n-oibríonn sé i leith na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde. Déanaimid seo trí rialacha a fhorbairt rialacha agus trína shocrú go ndéantar cláir oideachais a chreidiúnú do chógaiseoirí agus iad siúd a lorgaíonn bheith ina gcógaiseoirí. Déanfaimid monatóireacht freisin ar an gcóras forbartha gairmiúla leanúnaí do chógaiseoirí trí Institiúid Chógaisíochta na hÉireann.

## Ceisteanna creidiúnaithe - cáilíocht chun cleachtadh

Is clár cúig bliana é an cháilíocht chógaiseora in Éirinn, an chéim Mháistreachta chomhtháite sa chógaisíocht (MPharm), a chuimsíonn socrúcháin foghlama ó thaithí a mbaineann faid éagsúla leo ag céimeanna éagsúla le linn an chláir. Tarlaíonn siad seo i suíomhanna cleachtais éagsúla, lena n-áirítear sa phobal, san ospidéal, i dtionscal na cógaisíochta agus sa chleachtas a thagann chun cinn.

Tá dualgas orainn cláir a fhaomhadh agus a choinneáil faoi athbhreithniú maidir le hoideachas agus oiliúint óna n-eascraíonn an cháilíocht ghairmiúil (MPharm), a ligeann do chéimithe iarratas a dhéanamh ar chlárúcháin mar chógaiseoirí in Éirinn. Tar éis an próiseas tuairiscithe bliantúil a thabhairt isteach in 2020, leanann na Scoileanna Cógaisíochta ar aghaidh ag cur Tuarascálacha Bliantúla faoi bhráid CCÉ, a sholáthraíonn, i measc rudaí eile, faisnéis ar an gcaoi a bhfuil na cláir MPharm ina n-ollscoileanna i gcomhréir leis na caighdeáin chreidiúnaithe ábhartha ó chreidiúnaíodh iad in 2020. Mar chuid de rannpháirtíocht leanúnach CCÉ le páirtithe leasmhara, cuirtear cruinnithe ar siúl i gcaitheamh na bliana leis na Scoileanna Cógaisíochta, anuas ar an gCleamhnacht um Fhoghlaim ó Thaithí don Chleachtais Cógaisíochta (APPEL).

## Socrúcháin mac léinn i CCÉ

In 2022, leanamar lenár dtacaíocht a thabhairt don chlár MPharm agus dá socrúcháin foghlama ó thaithí. Rinne beirt mhac léinn Máistreachta sa Chógaisíocht (duine amháin ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an duine eile ó Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn) a socrúchán reachtúil ceithre mhí sa cheathrú bliain i CCÉ ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag 2022.

Le linn a socrúcháin, chuir na mic léinn go mór le hobair CCÉ trína rannpháirtíocht i dtionscnaimh amhail an tAthbhreithniú ar an gCroí-Chreat Inniúlachta, an tionscadal maidir le Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn don Fhórsa Saothair Cógaisíochta Amach Anseo agus ár dTionscadal Claochlaithe Gnó. Bhí baint acu freisin lenár gcur i láthair do mhic léinn MPharm na chéad bhliana sna trí Scoil Chógaisíochta agus reáchtáil siad feachtas feasachta comhshaoil a bhí dírithe ar fhoireann CCÉ.

## Institiúid Chógaisíochta na hÉireann agus an tsamhail FGL do chógaiseoirí

Bhunaigh CCÉ Institiúid Cógaisíochta na hÉireann (ICÉ) in 2013 chun maoirseacht a dhéanamh ar

fhorbairt agus bainistíocht an chórais forbartha ghairmiúla leanúnaí (FGL) do chógaiseoirí in Éirinn. Ní mór do gach cógaiseoir cláraithe FGL iomchuí a dhéanamh agus taifid chuí dá FGL a choinneáil san fhormáid atá leagtha amach sna Rialacha CCÉ (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) 2015. Is í an fhormáid riachtanach ná ríomh-Phunann ar shuíomh gréasáin ICÉ/IOP. Gach aon bhliain, roghnaíonn CCÉ céatadán cógaiseoirí chun sliocht óna ríomh-Phunann a chur ar aghaidh chuig ICÉ lena athbhreithniú. Iarrtar ar chógaiseoirí uair amháin gach cúig bliana sliocht seo a sheoladh isteach. As na 964 cógaiseoir a roghnaíodh d'Athbhreithniú ar a ríomh-Phunann in 2022, shásaigh 910 díobh ar an iomlán na caighdeáin. Tugtar deis amháin eile do chógaiseoirí nach mbaineann an caighdeán amach an tAthbhreithniú ar ríomh-Phunann a dhéanamh arís an bhliain dar gcionn. Casann CCÉ le cógaiseoirí nach mbaineann an caighdeán amach dhá bhliain i ndiaidh a chéile agus castar freisin le cógaiseoir ar bith nach nglacann páirt sa phróiseas athbhreithnithe.

Bíonn gach cógaiseoir atá ag cleachtadh i ról ina bpléitear le hothair agus a glaodh chun Athbhreithniú ríomh-Phunann a dhéanamh sna blianta roimhe seo incháilithe ansin lena roghnú le haghaidh Athbhreithniú Cleachtais. Cuimsíonn sé seo athbhreithniú pearsanta ar eolas cliniciúil agus measúnú i gcoinne idirghníomhaíochtaí caighdeánacha cógaisíochta.

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, chinn Comhairle CCÉ Athbhreithniú Cleachtais a chur ar fionraí in 2020, 2021 agus i mí Aibreáin 2022. Cuireadh tús arís leis an imeacht Athbhreithnithe Cleachtais i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus roghnaíodh 61 cógaiseoir chun páirt a ghlacadh ann. Astu seo, ghlac 58 cógaiseoir páirt, agus léirigh 57 cógaiseoir inniúlacht. Tugtar deis bhreise do chógaiseoirí nach léiríonn inniúlacht i dtosach páirt a ghlacadh in Athbhreithniú Cleachtaidh eile ina dhiaidh sin. Buaileann an CCÉ le cógaiseoirí nach n-éiríonn leo páirt a ghlacadh sa phróiseas athbhreithnithe.

## Comhairliúchán agus rannpháirtíocht chun Plean Oibre ICÉ a fhorbairt

Mar chuid den chonradh a dhéanann maoirseacht ar oibriú Institiúid Cógaisíochta na hÉireann (ICÉ/IIOP), ní mór Plean Oibre Bliantúil a fhorbairt mar ullmhúchán ar na gníomhaíochtaí atá ICÉ le cur ar fáil an bhliain dár gcionn. Ag druidim le deireadh 2022, bhí cruinnithe rannpháirtíochta againn leis an Roinn Sláinte agus le hionadaithe ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) lena n-áirítear lena Rannán Feabhsaithe Cáilíochta, Seirbhísí Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil, Frithsheasmhacht Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtaithe, an Oifig Náisiúnta Imdhíonta, Clár Bainistíochta Leigheasra, agus an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse. Ba é cuspóir na gcruinnithe rannpháirtíochta ná riachtanais oiliúna ionchasacha do chógaiseoirí do 2023 a shainaithint. D'fhaomh Comhairle CCÉ an Plean Oibre Bliantúil do 2023 ina dhiaidh sin ag a cruinniú i mí na Nollag.

## Monatóireacht ar choinníollacha

Déanaimid monatóireacht ar chomhlíonadh le haon choinníoll a chuirtear i bhfeidhm ar chlárúchán duine mar thoradh ar thorthaí fiosrúchán ar fheidhmiúlacht chun cleachtadh nó gealltanais a thug cláraí ag fiosrúchán ar fheidhmiúlacht chun cleachtadh. Ciallaíonn seo go ndéanann CCÉ monatóireacht ar an gcláraí fad a oibríonn siad leis na torthaí a bhfuil súil leo a bhaint amach de réir na ngealltanas a thug siad nó na gcoinníollacha a bhaineann lena gclárúchán. Rinneamar monatóireacht in 2022 ar seachtar duine aonair/ cógaslann ar gearradh coinníollacha san Ard-Chúirt orthu tar éis na dtorthaí a fuarthas ag fiosrúcháin ar fheidhmiúlacht chun cleachtadh. Rinneamar monatóireacht freisin ar dhuine amháin a thug gealltanais ag fiosrúcháin ar fheidhmiúlacht chun cleachtadh.

# Cáilíocht agus Sábháilteacht Chógaisíochta

Lorgaímid, trínár ngníomhaíocht rialála, le gairm na cógaisíochta a rialáil in Éirinn agus aird ar an ngá atá le sláinte agus sábháilteacht an phobail a chosaint, a chothú agus a chur chun cinn. Soláthraímid dearbhú poiblí i dtaobh caighdeáin shábháilte chleachtais cógaisíochta, cuirimid cleachtas maith agus sábháilte chun cinn laistigh de chógaslanna agus oibrímid lena chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht, treoirlínte, dea-chleachtas cógaisíochta agus cógas, treoirlínte, agus an Cód Iompair do chógaiseoirí. Déanaimid idirchaidreamh lenár gcláraithe ar bhealaí éagsúla agus trí úsáid a bhaint réimse modhanna. Déanaimid cógaslanna a chigireacht le maoirseacht a dhéanamh ar cheanglais reachtúla a chomhlíonadh. Tugaimid faoi imscrúduithe nuair a fhaighimid eolas a thugann buairt chun solais faoi chleachtas cógaiseora nó cógaslainne nó nuair is gá breithniú a dhéanamh ar cheist ar bhealach níos mionsonraithe tar éis cigireachta. Leanaimid de fheabhas a chur ar ár n-éifeachtacht mar rialtóir, déanaimid athbhreithniú ar conas a rialaímid, glacadh le cur chuige rioscabhunaithe san áireamh atá á úsáid anois laistigh dár réimse straitéisí rialála.

## Cur chuige beartais

Rinne an Chomhairle ár mBeartas Cigireachta agus Forfheidhmithe athbhreithnithe a fhaomhadh i mí an Mheithimh 2022 ina léirítear forbairtí a rinneadh le déanaí le linn na paindéime, agus de réir mar a thugaimid isteach cur chuige bunaithe ar chaighdeáin mar uirlis rialála bhreise, i gcomhar lenár bhfócas ar chomhlíonadh.

Chuireamar páipéar seasaimh faoi bhráid na Roinne Sláinte i lár na bliana freisin, dar teideal Rialáil Gnólachtaí Cógaisíochta Miondíola: Cur chuige reatha agus forbairtí amach anseo. Leagtar amach ann ár mBeartas Cigireachta agus Forfheidhmithe athbhreithnithe agus ár gcuid oibre leanúnach chun bogadh i dtreo úsáid a bhaint as caighdeáin rialála mar shraith straitéisí rialála bhreise. Leagaimid amach freisin na teorainneacha leis an gcreat reachtaíochta reatha, ag ailíniú lenár moltaí le haghaidh athchóiriú níos leithne ar an Acht Cógaisíochta 2007, ionas gur féidir le CCÉ freagairt ar an mbealach is éifeachtaí do riachtanais othar agus do rioscaí athraitheacha.

## Gníomhaíocht chigireachta

Nuair atá iarratais againn ar chlárú ar chógaslanna nua, nó ar athruithe úinéireachta agus athlonnú cógaslann, tugaimid faoi chuairteanna clárúcháin cógaslainne.

Le linn COVID-19, d'aistrigh CCÉ ó chigireachtaí oscailte nua ar an láthair i bhfabhar próiseas féin-dhearbhaithe agus rinne sé tuilleadh forbartha ar an bpróiseas cianchigireachta trí úsáid a bhaint as meascán d'fhianaise ghrianghrafadóireachta agus trí fhíseáin. Ar an iomlán, próiseáladh 78 céad chlárúchán ag baint úsáide as féin-dearbhuithe. Rinneadh trí chigireacht fhíorúla freisin. Rinne CCÉ 12 iniúchadh ar an láthair freisin.

Thosaigh cigireachtaí ar an láthair arís i mí Feabhra 2022 de réir mar a tháinig laghdú ar rioscaí COVID-19. Ar an iomlán, tugadh faoi 97 cigireacht rioscabhunaithe ar chógaslanna. Tugtar eolas thíos ar chineál na gcigireachtaí seo:

- Tugtar faoi chigireachtaí rioscabhunaithe tar éis go ndéantar athbhreithniú ar an eolas atá ar fáil do CCÉ agus d'fhéadfaidís a bheith dírithe ar réimse ar leith nó ar oibriú ginearálta na cógaslainne, stair chigireachta/chomhlíonta san áireamh nó nuair a thugann ball den phobal nó comhlacht seachtrach imní chun solais.
- Tugaimid freisin faoi chigireachtaí téamúla, faoi mar a d'fhéadfadh bheith ag teastáil ó am go chéile. Déanann na cigireachtaí seo measúnú ar sheirbhísí áirithe eile a sholáthraíonn cógaiseoirí. In

2022, áiríodh leis seo cumhdach gairmiúil, agus an Treoir um Leigheasanna Falsaithe. Ba iniúchtaí téamacha iad 34 cuairt cógaslainne faoi alt 67 den Acht Cógaisíochta.

## Comhlíonadh na gceanglas maidir le soláthar idirlín de leigheasanna neamh-oidis

Tá ról ag CCÉ lena chinntiú go bhfuil duine ar bith (cógaslanna agus miondíoltóirí eile) a dhíolann cógais neamhoidis ar líne in Éirinn cláraithe le CCÉ agus go ngníomhaíonn siad i gcomhréir le riachtanais an chláraithe sin. Tháinig méadú ar ghníomhaíocht sa ghné seo dár ról le dhá bhliain anuas, agus bhain cuid de sin le méadú ginearálta ar dhíolacháin mhiondíola ar líne de bharr na paindéime. Ag deireadh 2022, bhí 176 cógaslann agus 157 miondíoltóir eile cláraithe le CCÉ ar an liosta soláthair idirlín. In 2022, tugadh faoi 12 ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin maidir le táirge míochaine neamhoidis a sholáthar ar an idirlíon maidir le riachtanais ábhartha a chomhlíonadh. I gcomhar leis an HPRA, dhéileálamar le dhá ghníomh forfheidhmithe a bhain le fógraíocht mhídhleathach ar líne maidir le leigheasanna ar oideas amháin ag cógaslann cláraithe agus ag áitreabh neamhchláraithe.

## Folúntais do chógaiseoirí maoirseoireachta agus ceannfoirt

Bunaíonn an tAcht Cógaisíochta 2007 róil na gcógaiseoirí ‘maoirseachta’ agus ‘ardmhaoirseachta’. Cuireann sé bainistíocht chliniciúil agus ghairmiúil agus cuntasacht gnó cógaisíochta miondíola (cógaisíocht) laistigh den dá phríomhról seo, i gcomhar le húinéir na cógaslainne.

Éilíonn an reachtaíocht go gcaithfidh cógaiseoir maoirsithe a bheith ceaptha do gach cógaslann agus níl cead ag an duine seo a bheith ag feidhmiú ach i gcógaslann amháin. Is é an poitigéir maoirseachta an gairmí atá i bhfeighil ar oibriú na cógaslainne go lánaimseartha, agus ní mór taithí iarchlárúcháin trí bliana a bheith acu lena gceapadh. Tá an duine seo freagrach as gach oibríocht sa chógaslann agus tá caidreamh tuairiscithe aige leis an gcógaiseoir feitheoir sa chógaslann nó le grúpa cógaslanna.

Déanann CCÉ monatóireacht ar na róil rialachais seo a cheapadh agus ar athruithe a thagann orthu, mar is gá iad seo a chur in iúl dúinn. Táimid tar éis a bheith ag déanamh monatóireachta ar fholúntais chógaiseoirí a mhaoirsiú mar chuid dár gcuid oibre rialála leanúnach, ag cuimhneamh ar an méadú ar líon na bhfolúntas le blianta beaga anuas agus ar na dúshláin maidir le hearcú don ról seo. Tá próiseas formhéadaithe forbartha ag CCÉ a dhéanann monatóireacht ar fholúntais i ngach cógaslann agus a fhéachann leis na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ag na folúntais seo do na cógaslanna lena mbaineann a bhainistiú. Déantar measúnú ar na rioscaí a bhaineann le folúntais ar bhonn leanúnach.

## An Treoir maidir le Cógais Fhalsaithe (TCF) a chur i bhFeidhm

Tugadh cur chuige comhordaithe agus atá cumasaithe ó thaobh TF isteach sa Treoir maidir le Cógais Fhalsaithe ar fud an Aontais Eorpaigh le feabhas a chur ar shábháilteacht othar ríd an slabhra soláthair cógas a chosaint ón mbaol a chruthaíonn cógais fhalsaithe (nó ghóchumtha). Faoi na Rialacháin Tharmligthe ar Ghnéithe Sábháilteachta, tá ról ag CCÉ le heagraíochtaí eile sa Treoir a chur i bhfeidhm in Éirinn, tréimhse a bhí ina céim ‘úsáid agus foghlaim’ ó 2019. Mar ullmhúchán do dheireadh na céime ‘úsáid agus foghlaim’ in 2022, chuir CCÉ cruinnithe ar bun i rith 2021 leis an Roinn Sláinte, HPRA agus Eagraíocht um Fhíorú Cógas na hÉireann (IMVO), atá freagrach as an taisclann náisiúnta a choimeád.

Leanamar le hidirchaidreamh a dhéanamh le cógaslanna, agus le cógaiseoirí a bhfuil poist rialachais acu, ach go háirithe, i rith 2022 le comhlíonadh a mhíniú agus a spreagadh i rith na

tréimhse 'úsáid agus foghlaim'. D'úsáideamar an t-idirchaidreamh seo le saincheisteanna níos fairsinge a fhiosrú maidir le conas atá ag éirí leis an gcur chuige TCF laistigh de chógaslanna Éireannacha agus leis na córais a úsáideann siad ina n-obair laethúil. Rinneamar saincheisteanna ar bith a tugadh chun solais a thuairisciú don Ghrúpa Maoirseachta Náisiúnta ar Ghnéithe Sábháilteachta. Shínigh an tAire Sláinte na Rialacháin um Tháirgí Íocshláinte (gnéithe sábháilteachta ar phacáistíocht) 2022 (S.I. Uimh. 270 de 2022) sa reachtaíocht ar an 1 Meitheamh 2022. Leis an reachtaíocht seo is ceanglas dlíthiúil é fíorú agus díchoimisiúnú a dhéanamh ar tháirgí míochaine.

Tháinig feabhas ar an rannpháirtíocht i gcógaslanna leis na riachtanais de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh. D'eisíomar 1,409 ríomhphost chuig cógaslanna ag cur síos ar a gcomhlíonadh i gcás nár aimsíodh gníomhaíocht scanadh nó díchoimisiúnaithe ar bith (nó níor aimsíodh ach méid teoranta de) faoin Treoir maidir le Cógais Fhalsaithe teoranta ar an gcóras taisclainne ábhartha le linn dátaí roghnaithe. Tá rátaí díchoimisiúnaithe na Trerach maidir le Cógais Fhalsaithe d'Éirinn tuairiscithe go comhsheasmhach ag an Eagraíocht Eorpach um Fhíorú Leigheasra, ag ráta atá os cionn 60% le buaicphointe 70.8% i mí na Nollag 2022. Tá an ráta comhlíonta seo bunaithe ar shonraí arna gcinneadh ag IQVIA go seasann margadh na hÉireann ag thart ar 105 milliún pacáiste do 2022. Ní chuimsíonn sonraí IQVIA feistí leighis nó cógais neamhcheadúnaithe.

## Cleachtaí suirbhéireachta speisialtóra

Thugamar faoi shainchleachtadh suirbhéir (siopadóir rúndiamhra) thar shampla de 100 cógaslann i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun comhlíonadh ár dtreoir reatha do chógaiseoirí maidir le soláthar sábháilte táirgí cóidín neamh-oidis don phobal a mheasúnú. Foilsíodh treoir CCÉ in 2010 mar bheart sábháilteachta poiblí agus mar thacaíocht do chógaiseoirí agus chógaslanna mar gheall ar an bhféidearthacht aitheanta go ndéanfaí mí-úsáid agus díobháil le húsáid fhada. Tá idirghabháil cógaiseora tábhachtach mar sin maidir le táirgí cóidín a sholáthar. Ag deireadh 2022, bhí an cleachtadh fós ar siúl toisc go raibh rannpháirtíocht leanúnach ar siúl leis na cógaslanna ar tugadh cuairt orthu.

Déanaimid cleachtaí tréimhsiúla mar seo thar shampla cógaslanna mar chuid de shraith beart chun comhlíonadh na reachtaíochta agus na treorach a chinntiú. Chomh maith lenár dteagmháil dhíreach leis na cógaslanna ar tugadh cuairt orthu, roinnfimid torthaí an chleachtaidh seo ar mhaithe le cleachtas sábháilte a chur chun cinn agus caighdeáin a chothabháil i gcógaslanna agus ar fud ghairm na cógaisíochta. Tá ardú feasachta agus soláthar faisnéise ríthábhachtach i gcónaí chun tuiscint an phobail a fheabhsú ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cógais nuair a úsáidtear go mícheart iad.

Bhaineamar úsáid freisin as suirbhéirí speisialaithe cúig huaire eile le linn 2022, áit ar léiríodh imní, agus bhí gá le fíorú faisnéise. Tugann na hidirghabhálacha seo léargas ó dhearcadh an phobail agus ligeann siad do CCÉ a fháil amach an bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta. I ngach cás aonair, ní raibh gá le haon ghníomhartha comhlíonta leantacha.

## Imscrúduithe

Tugtar faoi imscrúduithe nuair a bhíonn cúis ann a chreidiúint go bhfuil saincheisteanna tromchúiseacha sábháilteachta agus/nó saincheisteanna tromchúiseacha neamhchomhlíonta maidir le cógaiseoir nó cógaslann. Cuireadh tús le sé imscrúdú agus dúnadh ocht gcomhad imscrúdaithe le linn 2022. Bhí 15 gcomhad imscrúdaithe ar oscailt ag deireadh 2022.

## Breithniú an Chláraitheora ar Thuarascálacha ó Oifigigh Údaraithe

Déanann an Cláraitheoir breithniú ar shaincheisteanna suntasacha a sainaithníodh i

rith cigireachta nó imscrúdú faoi Alt 71 den Acht Cógaisíochta, 2007. Is feidhm í seo arna sannadh don Chláraitheoir ag an gComhairle. In 2022, bhreithnigh an Cláraitheoir Eatramhach ar 10 dtuarascáil chigireachta agus seacht dtuarascáil imscrúdaithe.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha iniúchta, glacadh gníomhartha faoi threoir an Chláraitheora Eatramhaigh, lena n-áirítear cruinnithe le cláraitheoirí agus soláthar gealltanas ó chláraithe, chomh maith le hath-iniúchtaí faoi Alt 71(1)(d) den Acht Cógaisíochta.

Tar éis na seacht dtuarascáil imscrúdaithe a bhreithniú:

- Tionscnaíodh ceithre ionchúiseamh (faoi Alt 71(1)(d));
- Cuireadh ceithre chógaiseoir agus ceithre chógaslann ar aghaidh chuig an bpróiseas gearán (faoi Alt 71(1)(b));
    - I dtrí cinn de na 8 ngearán sin, iarradh ar Chomhairle Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (CCÉ) breithniú foirmiúil a dhéanamh ar iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ag lorg Ordú de bhun alt 45 den Acht Cógaisíochta 2007 chun clárú an chógaiseora nó na cógaisíochta a chur ar fionraí ar feitheamh nósanna imeachta breise faoi Chuid 6 den Acht Cógaisíochta 2007; agus
- Glacadh gníomhartha faoi threoir an Chláraitheora Eatramhaigh, lena n-áirítear cruinnithe le cláraitheoirí agus gealltanas a fháil ó chláraithe faoi Alt 71(1)(d).

## Cáilíocht agus Sábháilteacht Chógaisíochta de réir Uimhreacha

**97**

cigireacht comhlíonta cógaslainne déanta

**15**

cigireacht ar oscailt cógaslanna nua arna ndéanamh trí chuairteanna ar an láthair agus cuairteanna fíorúla araon.
Próiseáladh 78 clárúchán cógaslainne freisin trí phróiseas féindearbhaithe.

**6**

Imscrúdú tosaithe in 2022

**105**

Cleachta suirbhéireachta speisialtóra (siopadóir rúndiamhra) curtha i gcrích

**2**

ghníomh comhlíonta déanta maidir le cógais nach bhfuil ar oideas a sholáthar ar an idirlíon

**17**

Tuarascáil ó Oifigigh Údaraithe arna mbreithniú ag an gCláraitheoir faoi alt 17 den Acht Cógaisíochta 2007

# Caidreamh le Cláraithe agus Custaiméirí

Táimid freagrach as na próisis aitheantais cáilíochtaí agus clárúcháin a bhainistiú do chógaiseoirí agus na próisis chlárúcháin do chógaslanna agus cúntóirí cógaisíochta in Éirinn, agus le cruinneas na gclár a chinntiú, a chuirimid ar fáil ar líne don phobal. Próiseálaimid gearáin ón tráth a fhaightear iad ionas gur féidir leis an gCoiste Réamhimeachtaí – ár gcoiste scagtha gearán – breithniú a dhéanamh orthu. Déileálaimid agus téimid i ngleic, trí bhainistíocht teagmhála lenár gcláraithe agus an pobal i gcoitinne, freisin le léiriú buartha agus ceisteanna ginearálta a fhaighimid.

## Clár cógaiseoirí, cúntóirí cógaisíochta agus cógaslann

Caithfidh na cógaiseoirí, na cúntóirí cógaisíochta agus na gnólachtaí miondíola cógaisíochta go léir a bheith cláraithe le CCÉ agus iontráiltear sa chlár ábhartha na limistéir ina sásaíonn siad na riachtanais chun clárú chun cúram, seirbhísí nó cóireáil chógaisíochta a sholáthar don phobal. Caithfidh cláraithe iarratas a dhéanamh ar a gclárú leanúnach gach bliain le stádas cláraithe a choimeád.

Bhí 7,067 cógaiseoir cláraithe ar Chuid A de chlár CCÉ ag deireadh 2022, sin méadú 222 cógaiseoir ar líon 2021. Tháinig méadú 83% ar chógaiseoirí a cláraíodh trí bhealaí aitheantais agus clárúcháin cáilíochtaí an AE, an RA agus lasmuigh den AE in 2022 i gcomparáid leo siúd a cláraíodh in 2021. Áirítear leis seo méadú 57% ar chógaiseoirí cáilithe sa RA agus os cionn 150% ar chógaiseoirí cáilithe AE a chláraíonn le CCÉ.  Bhí cógaiseoir amháin ar Chuid B de chlár CCÉ ag deireadh 2022. Bhí 224 cúntóir cógaisíochta ar an gclár ag deireadh 2022, sin laghdú ó 254 in 2021. Bhí 1,981 gnólacht miondíola cógaslainne ainmnithe ar Chlár CCÉ ag deireadh 2022, an líon céanna agus 2021.

Rinneadh 130 cealú ón gClár Cógaiseoirí, agus baineadh 18 gcógaiseoir go neamhshaorálach ar chúiseanna amhail clárú leanúnach, teip a dtáille chlárúcháin bhliantúil a íoc agus teip ina dhiaidh sin ar chur isteach ar chealú saorálach. Ag deireadh 2022, bhí 107 cógaiseoir tar éis a gclárúchán a chealú dá ndeoin féin. In 2022, chuir 23 cúntóir cógaisíochta a gclárúchán ar cheal dá ndeoin féin. Cealaíodh clárúchán triúr cúntóirí cógaisíochta ar an iomlán go neamhdheonach. D'athbhunaigh 32 cógaiseoir a gclárú arís faoi Alt 61. Áirítear leis seo a gclárú a dhéanamh arís tar éis cealú saorálach agus neamhshaorálach.

Tá ceanglais inniúlachta teanga i bhfeidhm ag CCÉ bunaithe ar cheanglais i ndlí an AE agus sa dlí náisiúnta. Baineann siad seo le cógaiseoirí a chuir a gcuid oiliúna i gcrích lasmuigh d'Éirinn agus a bhfuil sé ar intinn acu clárú leis CCÉ. Ó thaobh inniúlacht teanga de, caithfidh cógaiseoirí a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh, othair a thuiscint, cóireáil chuí a chur ar othair, agus a ndualgais ghairmiúla mar chógaiseoir in Éirinn a chomhlíonadh. Tar éis cleachtadh tagarmharcála nuashonraithe, i mí an Mheithimh 2022, d'fhaomh an Chomhairle CCÉ an scór íosta a dhéanamh níos ísle i gcomhpháirt amháin de na tástálacha aitheanta. Tháinig sá seo in áit an cheada a bhí ag an gCláraitheoir a rogha féin a úsáid le linn phaindéim COVID-19.

Cuireadh deireadh leis an gclár sealadach do chógaiseoirí agus do chúntóirí cógaisíochta, a cuireadh i bhfeidhm chun cur leis an bhfórsa saothair a bhí ar fáil le linn bhuaic-thréimhse paindéime COVID-19, ag deireadh mhí an Mheithimh. i gcomhréir le cúlghairm na reachtaíocht náisiúnta éigeandála. Le linn a oibríochta, ó Mhárta 2020, cláraíodh 64 duine go sealadach sa bhealach seo.

In 2022, cláraíodh agus osclaíodh 20 cógaslann nua, agus chuir 20 cógaslann a gclárúchán ar ceal toisc go raibh siad ag dúnadh. Dhéileálamar freisin leis an bpróiseas riachtanach athiarratais do chógaslanna reatha a d'athraigh úinéireacht

nó suíomh le linn na bliana. Tá eolas ar fáil faoi ghníomhaíocht cigireachta a bhaineann le clárúchán cógaslann sa chuid sin den tuarascáil seo dar teideal 'Cáilíocht agus Sábháilteacht Chógaisíochta'.

## Deimhniú um stádas gairmiúil reatha

Déanaimid Deimhnithe um Stádas Gairmiúil Reatha a eisiúint thar ceann cláraithe a chláraítear i ndlínsí eile. D'eisíomar 63 deimhniú in 2022.

## Cárta Gairmí Eorpach

Is nós imeachta leictreonach í meicníocht an Chárta Gairmí Eorpach, ar féidir le cónaitheoirí an AE a úsáid chun go mbeidh a gcáilíochtaí gairmiúla aitheanta i dtír AE eile. Nuair is mian le cónaitheoir an AE bogadh go agus oibriú i mballstát eile an AE, éascaíonn an stát baile fíorúchán ar chomhad Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh an iarratasóra. Déanann an stát óstála ionchasach an cinneadh chun an cháilíocht a aithint. Ní thugann aitheantas cáilíochta teidlíocht uathoibríoch do dhuine tabhairt faoi chleachtadh. Is gá do gach cógaiseoir in Éirinn a bheith cláraithe le CCÉ sula mbíonn siad i dteideal cleachtadh, agus níor cheart clárú le CCÉ ach i ndiaidh aitheantas a fháil ar an gcáilíocht. Fuarthas deich n-iarratas ar Chárta Gairmí Eorpach in 2022, agus faomhadh agus próiseáladh gach ceann de na deich n-iarratas.

## Nós imeachta na meicníochta foláirimh

Teastaíonn ó nós imeachta na meicníochta foláirimh idir tíortha an AE gur chóir do gach Ballstát faisnéis a thabhairt dá chéile nuair a bhíonn srianta ar ghairmithe i ngairm shláinte nó a bhaineann le leanaí. Beidh foláireamh i bhfeidhm freisin ar ghairmithe a d'úsáid dioplómaí bréagacha chun aitheantas a fháil ar a gcáilíocht. Faightear foláirimh ar bhonn laethúil agus taifeadann CCÉ iad. Déanaimid fiosrú ar na foláirimh sin má bhaineann siad le cógaiseoirí. D'eisíomar ceithre fholáireamh cógaiseora d'údaráis inniúla i dtíortha eile an AE maidir in 2022 maidir le cógaiseoirí a bhí cláraithe le CCÉ. Eisíodh na foláirimh sin i ngeall ar chúiseanna substainteacha ag baint le cleachtadh an ghairmí a bhí i gceist.

## Chlárúcháin soláthar idirlín de leigheasanna neamh-oidis

Táimid freagrach as an Liosta Soláthair Idirlín a chlárú agus a choimeád do chógaslanna agus do mhiondíoltóirí neamhchógaisíochta cláraithe atá bainteach le táirge míochaine nach bhfuil ar oideas a sholáthar ar líne in Éirinn. Bhí 176 cógaslann agus 157 neamhchógaslann ar an liosta soláthair idirlín ag deireadh 2022. Ba laghdú é seo de 19 gcógaslann agus 13 mhondíoltóir cláraithe eile i gcomparáid le 2021. Tá eolas againn faoi ghníomhaíocht chomhlíonta sa réimse seo sa chuid sin den tuarascáil seo dar teideal 'Cáilíocht agus Sábháilteacht Chógaisíochta'.

## Ceisteanna a Bhainistiú

Ar aon dul lenár ról, freagraíonn CCÉ d'iarrataí ar eolas agus cuireann sé soiléiriú ar fáil do chláraithe, othair agus an pobal i gcoitinne maidir le limistéir a bhaineann lenár sainchúram mar an rialtóir cógaisíochta. In 2022, d'fhreagraíomar do 432 de na ceisteanna siúd, ar an iomlán, ar fuarthas 111 (26%) díobh ón bpobal i gcoitinne agus 285 (66%) ó chláraithe. Faighimid réimse éagsúla ceisteanna a chuimsíonn gach gné dár bhfreagrachtaí iontu. Déanaimid ár ndícheall faisnéis a chur ar fáil ar ár suíomh gréasáin, lena n-áirítear Ceisteanna Coitianta mar fhreagra ar na ceisteanna is minice a fhaighimid. As na fiosrúcháin a fuarthas anuraidh, ba cheisteanna ginearálta maidir le hoideasú ginearálta agus rialú soláthair iad 23% díobh..

## Measúnú ar ábhair imní

Tugaimid faoi ghníomh freisin lena chinntiú go ndéantar ábhair imní ginearálta a chuirtear in iúl dúinn a athbhreithniú agus go dtéitear i mbun gnímh ina leith, de réir mar is cuí.

Tarlaíonn léirithe ar imní nuair nach dteastaíonn ó dhuine gearán foirmiúil a dhéanamh ach teastaíonn uathu aird CCÉ a dhíriú ar rud éigin. Déanann painéal ildisciplíneach CCÉ athbhreithniú inmheánach ar gach imní chun measúnú a dhéanamh ar riosca agus cinneadh a dhéanamh faoi ghníomh ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Fuarthas 118 léiriú ar imní ar an iomlán in 2022. Bhain 39% de na hábhair imní a fuarthas le saincheisteanna cleachtais chógaisíochta, agus tháinig 86% de na hábhair imní a fuarthas ó bhaill an phobail, agus 11% díobh ó chógaiseoirí.

Uaireanta, d'fhéadfaí gearán a dhéanamh d'imní agus próiseálfar ag an bpointe sin é faoi Chuid 6 den Acht Cógaisíochta, 2007. As na 118 imní a fuarthas in 2022, rinneadh gearán foirmiúil as 6 cinn díobh.

# Caidreamh le Cláraithe agus Custaiméirí de réir Uimhreacha

**7,067** cógaiseoir ar Chuid A den Chlár

**6,845** in 2021 agus **6,767** in 2020

**1** cógaiseoir ar Chuid B den Chlár

**349**

cógaiseoir curtha leis an gClár

**155** oilte in Éirinn

agus

**194** oilte thar lear

**Tír inar bhain an cógaiseoir nua cáilíocht amach**

**5** An Bhulgáir

**2** An Chróit

**4** An Éigipt

**1** An Fhrainc

**2** An Ghréig

**10** An Ungáir

**7** An Iodáil

**4** An India

**1** An Iordáin

**2** An Liotuáin

**3** Málta

**2** An Nigéir

**6** An Pholainn

**23** An Phortaingéil

**12** An Rómáin

**17** An Spáinn

**4** An Afraic Theas

**1** an tSúdáin

**88** An Ríocht Aontaithe

**63**

Deimhniú um Stádas Gairmiúil Reatha eisithe

**1,981** cógaslann ar fad cláraithe

**1,981** in 2021 agus **1,968** in 2020

I measc na n-athruithe ar Chlár na gCógaslann bhí:

**20** cealú

**20** oscailt nua

**6** oscailt nua (athlonnú)

**63** oscailt nua (aistriú úinéireachta)

**224**

Cúntóir cógaisíochta ar an gClár

**254** in 2021 agus **285** in 2020

**176** cógaslann agus **157** neamh-chógaslann cláraithe ar an liosta soláthair idirlín

## Cealuithe saorálacha agus neamhshaorálacha

**107** cógaiseoir tar éis a gclárú a chealú go saorálach

**18** cógaiseoir tar éis a gclárú a chealú go neamhshaorálach

**23** cúntóir cógaisíochta tar éis a gclárú a chealú go saorálach

**3** chúntóir cógaisíochta tar éis a gclárú a chealú go neamhshaorálach

**432**

freagairt ar cheisteanna rialála agus cógaisíochta ó chláraithe agus baill an phobail

**118**

léiriú imní faighte

**120** in 2021 agus
**184** in 2020

**86%** imní ó bhaill an phobail

## Catagóirí imní a cuireadh in iúl

**46** saincheist maidir le cleachtais cógaslainne

**19** dteip soláthair

**16** saincheist tráchtála, fógraíochta nó fostaíochta

**9** iompar (múineadh/dearcadh)

**7** earráid dáiliúcháin (dáileog mhícheart)

**7** earráid dáiliúcháin (cógas mícheart)

**4** chógas as dáta

**1** iompar/gairmiúlacht

**1** ionadú cineálach

**1** chás le saincheisteanna iolracha

**1** saincheist soláthair éigeandála

**1** mhí-ionracas

**4** eile

# Gearáin, Fiosrúcháin agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

Inár gcáil rialtóir reachtúil na hÉireann atá freagrach as sláinte agus sábháilteacht an phobail a chosaint trí chógaiseoirí agus cógaslanna a rialáil, déanaimid beart chun dul i ngleic le drochfheidhmíocht ghairmiúil, mí-iompar gairmiúil agus teipeanna i gcomhlíonadh na reachtaíochta. Ar cheann de na bealaí a ndéanaimid é seo, tá breathnú ar ghearáin fhoirmiúla a dhéantar i gcoinne cógaiseoirí agus cógaslanna faoin Acht Cógaisíochta 2007. Éisteann ár gCoistí Araíonachta reachtúla gearáin. Roinnimid faisnéis agus foghlaim ó ghearáin agus torthaí fiosrúchán ar mhaithe le caighdeáin ghairmiúla a chothabháil agus a sheasamh, chun feasacht a ardú ar chúrsaí sábháilteachta othar agus poiblí ó pheirspictíocht sábháilteachta poiblí de, agus chun comhlíonadh na reachtaíochta cógaslainne agus cógas a chur chun cinn. Déileálaimid go héifeachtach le gearáin mar tá sé i gceartlár ár dtiomantais d'othair maidir leis an bpobal a chosaint agus muinín an phobail as cógaiseoirí agus cógaslanna a chothú.

## Gearáin fhoirmiúla

Go ginearálta, déantar gearáin fhoirmiúla faoi chógaiseoirí agus cógaslanna i scríbhinn chuig CCÉ.  Is féidir gearán foirmiúil a dhéanamh maidir le hiompar, cleachtas, iompraíocht, sláinte chógaiseora nó conas a sholáthraíonn cógaslann seirbhís. Caithfear próiseáil dhocht a dhéanamh ar ghearáin fhoirmiúla i gcomhréir le forálacha an Achta Cógaisíochta, 2007.

Fuair CCÉ 53 gearán foirmiúil san iomlán in 2022, sin laghdú 33% ar an mbliain roimhe sin.

## An Coiste Réamhimeachtaí

A luaithe is a fhaigheann agus a phróiseálann CCÉ gearán, cuirtear faoi bhráid an Choiste Réamhimeachtaí é lena bhreithniú i gcomhréir leis an bpróiseas a leagtar amach san Acht Cógaisíochta 2007. Tar éis don Choiste Réamhimeachtaí athbhreithniú a dhéanamh ar an ngearán, cuirtear in iúl do Chomhairle CCÉ cibé an bhfuil cúis leordhóthanach ann gníomh araíonachta breise a ghlacadh i ndáil leis an gcógaiseoir agus/nó leis an gcógaslann is ábhar don ghearán. Is féidir leis an gCoiste Réamhimeachtaí an gearán a sheoladh ar aghaidh chuig idirghabháil nó go n-éistfear leis os comhair Coiste Fiosrúcháin reachtúil um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

In 2022, rinne an Coiste Réamhimeachtaí breithniú ar 58 gearán. Rinneadh breithniú ar 43% díobh seo laistigh de shé mhí. Rinneadh breithniú ar na cásanna eile laistigh de 13 mhí. Bhain an mhoill sna cásanna sin le hionchúisimh choiriúla ghaolmhara nó castacht an ghearáin.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na gearáin a breithníodh, sheol an Coiste Réamhimeachtaí 13 ghearán ar aghaidh le haghaidh gníomh breise, agus cuireadh 9 gcinn díobh sin faoi bhráid an Choiste Iompair Ghairmiúil, atreoraíodh trí cinn chuig an gCoiste Sláinte agus atreoraíodh ceann amháin go hidirghabháil.

As na gearáin a breithníodh, chuir an Coiste Réamhimeachtaí an Chomhairle ar an eolas nach raibh gníomh breise ag teastáil i 40 cás agus chomhaontaigh an Chomhairle le comhairle an Choiste Réamhimeachtaí.  Rinne na gearánaithe cúig cinn de na 58 gearán ar cuireadh faoi bhráid an Choiste Réamhimeachtaí a aistarraingt.

## Gearáin a aistarraingt

D’fhéadfadh sé tarlú go roghnódh gearánaí an gearán a tharraingt siar nuair a bhíonn tús curtha leis an bpróiseas gearáin. D’fhéadfadh sé seo tarlú am ar bith le linn an phróisis. A luaithe a aistarraingíodh gearán, cuirfidh an Coiste ábhartha an Chomhairle ar an eolas agus d’fhéadfaidís an méid seo a leanas a mholadh don gComhairle:

- gan gníomh ar bith eile a ghlacadh, nó
- leanúint ar aghaidh amhail is nár aistarraingíodh an gearán.

Maidir leis na cúig ghearán a rinne na gearánaithe a aistarraingt in 2022 tar éis don Choiste Réamhimeachtaí breithniú a dhéanamh orthu, shocraigh an Chomhairle, i bhfianaise chomhairle an Choiste Réamhimeachtaí, gan gníomh breise a ghlacadh.

## Forbhreathnú ar an gCoistí um Iompar Gairmiúil agus Sláinte

Is éard atá sna Coistí Fiosrúcháin ná Coistí Iompair Ghairmiúil agus Sláinte, agus éisteann iad seo le gearáin in aghaidh cógaiseoirí agus cógaslanna. Maidir leis na 17 bhfiosrúchán a reáchtáladh nó ar cuireadh tús leo in 2022, reáchtáladh 11 fiosrúchán go cianda ina n-iomláine, reáchtáladh cúig cinn díobh aghaidh ar aghaidh i dTeach CCÉ agus reáchtáladh ceann amháin ar bhealach hibrideach.

Reáchtálann an Coiste Iompair Ghairmiúil agus an Coiste Sláinte, ag suí le Measúnóir Dlí neamhspleách, glaonna anonn freisin. Breithníonn na cruinnithe seo eolas chun dáta ar ábhair a bhaineann le fiosrúcháin agus éisteann siad le hiarratais ar nós dátaí a shocrú d’fhiosrúcháin, iarratais ar atráthú, iarratais phríobháideachais agus/nó réamhiarratais eile. D’fhéadfadh na Coistí freisin a ordú go bhfuiltear i gcomhréir le hamlíne shonrach chun a chinntiú go bhfuil gearán réidh i gcomhair éisteachta. In 2022, tharla ceithre chruinniú de chuid an Choiste Réamhimeachtaí agus cúig chruinniú de chuid an Choiste Sláinte. Tharla na glaonna seo go cianda ag baint úsáide as teicneolaíocht físe agus fuaime.

## Torthaí éisteachta fiosrúcháin

Éisteadh le 17 bhfiosrúchán ar an iomlán a bhain le 17 bhfreagróir os comhair Coiste Fiosrúcháin in 2022, thar 18 lá éisteachta san iomlán. Críochnaíodh 14 díobh seo in 2022 agus éisteadh go páirteach leis na 3 cinn eile sular cuireadh ar atráth iad le cur i gcrích go luath in 2023. D'éist an Coiste Réamhimeachtaí le 13 fhiosrúchán agus d'éist an Coiste Sláinte le ceithre fhiosrúchán.

Baineadh torthaí amach i nach mór gach fiosrúchán a cuireadh i gcrích, nó ghlac an Coiste le gealltanas. I measc na dtorthaí a bhain an Coiste Fiosrúcháin amach, bhí mí-iompar gairmiúil agus/nó drochfheidhmíocht ghairmiúil agus/nó lagú agus bhain roinnt díobh le ciontuithe in aghaidh na bhfreagróirí. Ba ghnách gurbh iad na gealltanais a tugadh ná nach gcuirfí an t-iompar céanna, arbh é ábhar an ghearáin, ar siúl arís, agus bhain toiliú do smachtbhanna le roinnt díobh.

## Smachtbhannaí agus torthaí ar éisteachtaí um fheidhmiúlacht chun cleachtadh

D’fhéadfaí smachtbhanna amháin nó níos mó a ghearradh ar chógaiseoir nó ar chógaslann i ndiaidh fiosrúcháin. Nuair a chuirtear fiosrúchán i gcrích, déanann CCÉ Tuarascáil na Comhairle a bhreithniú agus cuireann sé aon smachtbhanna i bhfeidhm agus déanann sé aon chinneadh a theastaíonn don ghearán sin.

Rinne an Chomhairle breithniú in 2022 ar 16 tuairisc maidir le gearáin, ar éisteadh le roinnt díobh os comhair Coiste Fiosrúcháin in 2021. Bhain gealltanais le 8 ngearán agus tugadh toiliú do smachtbhannaí i 5 cinn díobh sin. Rinne na gearánaithe dhá ghearán a aistarraingt agus chomhaontaigh an Chomhairle nach raibh aon ghá le gníomh breise. Níor tháinig toradh ar bith

as dhá ghearán agus rinne an Chomhairle iad a dhíbhe. Tháinig torthaí i gcoinne cógaiseora agus/nó cógaslainne as na cúig ghearán eile, rud as ar tháinig smachtbhannaí. Áiríodh orthu seo (le chéile), cealúchán a dhéanamh ar chlárúchán beirt chógaiseoirí, ceithre cháineadh, dhá ghéarú, dhá shraith coinníollacha a fhorchur agus toirmeasc ar athbhunú.  Nuair ba ghá, dheimhnigh an Ard-Chúirt na smachtbhannaí ábhartha.

I ngearán amháin, rinne cláraí iarratas chuig an Ard-Chúirt chun an smachtbhanna a fhorchuir an Chomhairle a chealú. Ní raibh an breithiúnas faighte faoin 31 Nollaig 2022.

## Fionraí eatramhacha

Is féidir le Comhairle CCÉ iarratas a dhéanamh ar an Ard-Chúirt faoi alt 45 den Acht Cógaisíochta, 2007 ar ordú chun clárúchán cógaiseora chláraithe nó cógaslainne cláraithe a ndearnadh gearán ina n-aghaidh a chur ar fionraí láithreach. Déantar seo má cheapann an Chomhairle go bhfuil baol ann do shláinte agus sábháilteacht an phobail, baol atá chomh mór sin gur cheart clárú a chur ar fionraí ar feitheamh an próiseas gearáin a chur i gcrích.

Bhreithnigh Comhairle CCÉ iarratas fionraíochta eatramhach amháin in 2022 agus chinn an Chomhairle leanúint ar aghaidh le hordú a lorg ón Ard-Chúirt chun clárú an chógaiseora, (úinéir cógaslainne), agus dhá ghnó cógaisíochta miondíola a chur ar fionraí. Dheonaigh an Ard-Chúirt Ordú ag cur na trí chlárú ar fionraí go dtí go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochta maidir leis an ngearán.

## Athruithe chun Dáta ar Bheartais agus Nósanna Imeachta

I mí na Nollag 2022 rinne an Chomhairle Beartas Foilseachán agus Nochtadh nuashonraithe maidir leis an méid a fhoilsíonn an Chomhairle i gcúrsaí feidhmiúlachta chun cleachtadh, agus mar a fheidhmíonn sí a cumhachtaí agus a hoibleagáidí reachtúla gaolmhara, a fhaomhadh. Léiríonn an Beartas nuashonraithe athruithe reachtaíochta le déanaí a raibh tionchar acu ar chumhachtaí agus oibleagáidí na Comhairle agus leagtar amach ann na hathruithe beartais a tugadh isteach dá bharr. Tá sé mar aidhm ag an mBeartas soiléireacht agus trédhearcacht a sholáthar do chláraithe agus don phobal freisin maidir leis an bhfaisnéis a fhoilseoidh agus nach bhfoilseoidh an Chomhairle tar éis cás feidhmiúlachta chun cleachtadh a thabhairt chun críche. Tá an doiciméad ar fáil ar shuíomh gréasáin CCÉ.

# Gearáin agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh de réir Uimhreacha

**53**

gearán fhoirmiúla faighte

**80** in 2021 agus
**46** in 2020

**Gearáin fhoirmiúla a fuarthas de réir foinse**

**83%** ball den phobal

**13%** cláraitheoir

**2%** cógaiseoir

**2%** dochtúir

**Catagóirí gearán foirmiúil a cuireadh isteach**

**13** saincheist maidir le cleachtais cógaslainne

**5** dteip soláthair

**1** earráid dáiliúcháin

**5** earráid dáiliúcháin (dáileog mhícheart)

**2** earráid dáiliúcháin (cógas

**5** sárú ar choinníollacha na hardchúirte

**10** iompar (múineadh/dearcadh)

**3** saincheist tráchtála, fógraíochta nó fostaíochta

**1** lagú sláinte

**1** eile

**1** iompar/gairmiúlacht

**1** ciontú

**2** mí-ionracas

**1** cógas as dáta

**5** gairmiúlacht

**1** gearán a cuireadh ar aghaidh chuig idirghabháil in 2022

**17** fiosrúchán ar cuireadh tús leo

**13** curtha faoi bhráid an Choiste Iompair Ghairmiúil

**4** curtha faoi bhráid an Choiste Sláinte

**3** cuireadh 3 cinn dee na fiosrúcháin sin ar atráth le críochnú in 2023

**58** gearán foirmiúil arna mbreithniú ag an gCoiste Réamhimeachtaí

**13** curtha ar aghaidh le haghaidh gníomh breise

**40** gníomh breise ar bith ag teastáil

**5** ghearán aistarraingthe

# Beartas agus Cumarsáid Straitéiseach

Is cuid bhunúsach dár ról rialála ná eolas agus feasacht a sholáthar maidir lenár ról agus ár gcuid oibre. Áirítear lenár n-obair suíomhanna beartais a fhorbairt maidir le saincheisteanna beartais straitéisigh, an straitéis náisiúnta rialála agus cúraim sláinte ina measc.

Aithnítear inár Straitéis Chorparáideach 2021-2024 an tábhacht a bhaineann le cumarsáid agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara éifeachtach a dhéanamh chun baint amach ár bpríomhchuspóirí straitéiseacha a chinntiú. Anuas ar thacú le comhlíonadh agus é a chur chun cinn, tá dualgas orainn a chinntiú go mbíonn an pobal ar an eolas ar na seirbhísí agus na caighdeáin ar féidir leo súil a bheith leis go mbainfidh cógaiseoirí agus cógaslanna amach. Ceapadh ár gcur chuige chun a chinntiú go mbíonn sábháilteacht i gcroílár ár gcumarsáide, agus chun feasacht agus tuiscint a chothú ar ról CCÉ.

## Ag obair le daoine eile

Leanamar ag obair i gcomhar lenár bpríomheagraíochtaí páirtithe leasmhara i rith 2022, ag cur le comhairliúcháin náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta, grúpaí oibre agus cruinnithe tras-eagraíochta eile. Níos mó ná riamh, chuir paindéim COVID-19 béim ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú agus rannpháirtíocht ar fud na n-earnálacha sláinte agus cúraim shóisialta. I measc na n-eagraíochtaí eile lena ndéanann CCÉ teagmháil rialta, tá an Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA), an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), rialtóirí eile san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta, chomh maith. mar Scoileanna Cógaisíochta, Institiúid Cógaisíochta na hÉireann (ICÉ/IIOP), Aontas Cógaisíochta na hÉireann (IPU) agus eile.

## Aighneachtaí chuig comhairliúcháin sheachtracha

In 2022, rinneamar 12 aighneacht chuig comhairliúcháin phoiblí agus iarratais ar ionchur arna ndéanamh ag go leor de na heagraíochtaí seo, áit a raibh an t-ábhar  tábhachtach nó ábhartha do ról CCÉ agus ár gcláraithe. Déanaimid na haighneachtaí seo ar mhaithe le cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a neartú d'othair, agus don phobal agus faisnéis agus eolas a chomhroinnt ar fud an chórais sláinte agus cúraim shóisialta. I measc na n-ábhar a bhain leis na comhairliúcháin seo, bhí an beartas um nochtadh oscailte don tseirbhís sláinte, frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, measúnú riosca náisiúnta, agus breithnithe cumasaithe TFC dár seirbhís sláinte.

## Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre seachtracha

Chomh maith lenár rannpháirtíocht i bpríomhchomhairliúcháin, glacann CCÉ páirt i ngrúpaí oibre, agus cuireann sé leo freisin, ar bhonn rialta. Ina measc seo, tá an Grúpa Comhairliúcháin Náisiúnta um Thástáil Neas-Othar (NPT) a thionólann faoi choimirce Dhámh na Paiteolaíochta de Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann (RCPI) agus a dhéanann ionadaíocht thar ceann eagraíochtaí náisiúnta leighis saotharlainne agus comhlachtaí rialála ábhartha lena n-áirítear an RCPI, an HPRA, Cumann na mBithcheimiceoirí Cliniciúla in Éirinn agus Acadamh na hEolaíochta Cliniciúla agus an Leighis Saotharlainne.

Leanann CCÉ de bheith rannpháirteach i ngrúpa páirtithe leasmhara Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar straitéisí chun dul i ngleic le ró-ordú drugaí rialaithe. Áirítear ar an ngrúpa páirtithe leasmhara ionadaithe ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis, FSS, HPRA, an Roinn Sláinte, CCÉ agus Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann (ICGP).

Mar a luadh inár gcuid oibre a bhaineann le COVID-19, tá CCÉ ina bhall d'Fhóram FSS um Pleanáil Cógaisíochta Pobail, a tháinig le chéile i rith na bliana, faoi chathaoirleacht FSS. Tá sé mar aidhm ag an bhfóram rannpháirtíocht agus comhairliúchán leanúnach leis an earnáil chógaisíochta a éascú chun tacú le breithniú a dhéanamh ar an treo straitéiseach d'fhorbairt seirbhísí cógaslainne pobail amach anseo ar aon dul le Sláintecare. Tá sé mar aidhm ag an bhfóram freisin próiseas a sholáthar do phleanáil straitéiseach leanúnach a theastaíonn do thodhchaí na cógaisíochta pobail san fhadtéarma agus maidir leis an bpaindéim leanúnach COVID-19.

Leanamar ar aghaidh le caidreamh rialta leis an nGrúpa Maoirseachta ar Ghnéithe Sábháilteachta Náisiúnta i rith na bliana de réir mar a chuaigh cúrsaí ar aghaidh le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Treorach um Leigheasra Falsaithe (FMD) in Éirinn. Chuamar i dteagmháil freisin leis an Roinn Sláinte agus HPRA maidir le leasuithe molta ar reachtaíocht ghaolmhar.

Leanamar ar aghaidh lenár rannpháirtíocht leis an Tionscadal ríomh-Oideasaithe Náisiúnta trí chruinnithe rialta leis an bhfoireann ríomh-chógaisíochta laistigh den FSS. Beidh impleachtaí suntasacha ag an tionscadal ilbhliantúil seo, a bhunóidh Seirbhís ríomh-Oideasachta Náisiúnta d'Éirinn, do CCÉ, dóibh siúd a rialaíonn muid, don chóras sláinte i gcoitinne agus don phobal.

Bhí caidreamh suntasach ag CCÉ leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir leis an mBille um Rialáil Beatha agus Leasacháin Íocshláinte Táirgí Íocshláinte Tréidliachta agus leis an gCóras Náisiúnta Oideas Tréidliachta (NVPS), ar cuireadh tús leis ag deireadh Eanáir 2022 maidir le cur chuige i leith dul i ngleic le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach san Aontas Eorpach. Táimid tar éis imní faoin reachtaíocht nua seo a chur in iúl don Roinn Sláinte ionas go dtabharfaidh sé aghaidh go leor ar ról agus ar fhreagrachtaí cógaslanna agus cógaiseoirí maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta a dhíol agus a sholáthar go sábháilte.

Bhuaileamar leis an gClár Náisiúnta um Rialú Ailse (NCCP) agus HPRA chun réimsí comhleasa a phlé, lena n-áirítear socruithe teagmhasacha maidir le Teiripe Shistéamach Fhrith-ailse Sistéamach (SACT), Oideasú Neamhleighis (NMP) agus cumasc aiseipteach. Chuireamar freisin le taighde a choimisiúnaigh an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar sa Roinn Sláinte don Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcultúr agus ar na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag an mbainistíocht a dhéantar ar theagmhais sábháilteachta othar.

Ag pointí éagsúla sa bhliain, bhí an deis againn cur i láthair a dhéanamh i measc mic léinn ó gach ceann de na Scoileanna Cógaisíochta, traidisiún atá breactha ar ár bhféilirí le fada an lá. Bhí áthas orainn freisin páirt a ghlacadh san imeacht ar líne 'Todhchaí PharmacIE' APPEL i nDeireadh Fómhair.

Tugtar cuireadh i gcónaí do CCÉ freastal ar Ghrúpa Trasteorann um Dhrugaí Rialaithe. Agus é á stiúradh ag Coimisiún Cáilíochta Cúraim na RA, comhroinneann an Grúpa faisnéis agus ábhair imní maidir le drugaí rialaithe agus substaintí mídhleathacha ar fud dhlínsí éagsúla na RA agus na hÉireann. Leanaimid de bheith mar bhall den Choiste Saineolaithe um Chaighdeáin Cháilíochta agus Sábháilteachta i gCleachtais Chógaisíochta agus Cúram Cógaisíochta tríd an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (EDQM). Rinneadh ionadaíocht orainn ag cruinnithe an choiste seo le linn 2022. Is é misean an EDQM cur leis an gceart daonna bunúsach lena mbaineann teacht a bheith ag daoine ar chógais agus ar chúram sláinte atá ar ardchaighdeán agus sláinte daoine agus ainmhithe a chur chun cinn agus a chosaint.

## Grúpa Freagartha Éigeandála na hÚcráine

Mar thoradh ar bhriseadh amach an chogaidh san Úcráin i mí an Mhárta 2022, bhí gá le dul i dteagmháil ar fud eagraíochtaí chun freastal ar na héilimh a mheastar a bheidh ag baint le gluaiseacht daoine go hÉirinn, agus maidir le tionchar ar bith a bheidh i gceist ar ár ról rialála. Idir mhí an Mhárta agus mí Lúnasa, bhunaíomar Grúpa Freagartha Éigeandála na hÚcráine inmheánach chun comhordú agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhí ag teacht chun cinn. Bhain cuid mhór d'obair an ghrúpa le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus feabhas a chur ar eolas agus feasacht ar na saincheisteanna i gceist. Áiríodh leis sin nascadh a dhéanamh le Seirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) FSS maidir le rochtain ar chógais agus comhairle sláinte ó chógaslanna dóibh siúd a bhí ag teacht ón Úcráin.

Chuamar i dteagmháil freisin leis an Roinn Sláinte, le comhlachtaí rialála gairmiúla cúram sláinte agus neamhchúram sláinte ar bhonn náisiúnta, leis an IPU agus le príomhpháirtithe leasmhara eile maidir le freagairt chomhordaithe rialaitheach a sholáthar, agus chun iarratais ar aitheantas cáilíochta ó chógaiseoirí cáilithe ón Úcráin a bhainistiú go cuí. Roinneamar faisnéis freisin, ar ár suíomh gréasáin chomh maith, dár gcláraithe agus dóibh siúd a tháinig ón Úcráin. Ar deireadh, scríobhamar chuig Ambasadóir na hÚcráine go hÉirinn, ag cur síos ar ról CCÉ agus conas a d'fhéadfaimis a bheith páirteach i dtacú le cógaiseoirí ón Úcráin a dteastaíonn uathu oibriú ina gcáil ghairmiúil agus iad in Éirinn, agus é mar aidhm nasc cumarsáide a bhunú le haghaidh cúrsaí rialála.

## Cainéil chumarsáide

Is foinse thábhachtach eolais é shuíomh gréasáin CCÉ a thacaíonn lenár misean agus a fhreastalaíonn ar riachtanais pháirtithe leasmhara.  Aithnímid go bhfuil obair mhór le déanamh chun suíomh gréasáin níos éifeachtaí a sholáthar a oireann do chomhlacht earnála poiblí, agus a thiocfaidh le gnéithe eile dár bpleananna eile claochlaithe dhigitigh. Cuirfimid suíomh gréasáin CCÉ nua, comhaimseartha i bhfeidhm le linn 2023 trína bheimid i dteagmháil le húsáideoirí éagsúla agus muid ag cinntiú go mbeidh sé ina ardán chomh húsáideach agus chomh inrochtana agus is féidir.

Leanamar le húsáid a bhaint as ardáin mheán sóisialta mar bhealach breise le heolas a roinnt faoinár ról agus faoi nuashonruithe rialála agus sláinte poiblí. Úsáidimid nuachtlitir CCÉ le teagmháil rialta a dhéanamh le cláraithe agus leo siúd go léir a dhéanann suibscríobh lenár nuashonruithe. D'eisíomar ceithre nuachtlitir le linn 2022. Soláthraíonn an nuachtlitir nuashonruithe rialála, treoir cleachtais chógaisíochta, fógraí cógas agus sábháilteachta, agus nuashonruithe ábhartha eile maidir le gairmí agus sláinte poiblí. Cuirtear gach nuachtlitir i gcartlann ar shuíomh gréasáin CCÉ.

Sheolamar nuashonruithe ríomhphoist freisin chuig ár gcláraithe ar réimse ábhar de réir mar ba ghá i rith na bliana. Áiríodh orthu sin aitheantas a thabhairt ar na dúshláin leanúnacha a bhaineann le COVID-19 sa phobal do chógaiseoirí agus d'fhoirne cógaisíochta, faisnéis a sholáthar faoi threoir agus soláthar vacsaínithe, ionchais chomhlíonta, agus deiseanna chun cur lenár gcuid oibre, mar shampla dár suirbhé ar fhórsa saothair na gcógaslanna sa chuid dheireanach den bhliain. Reáchtáladh comhairliúchán poiblí amháin freisin maidir leis an gCroí-Chreat Inniúlachta athbhreithnithe do Chógaiseoirí le linn 2022.

D'fhreagraíomar iarratais ó na meáin, thacaíomar le freastal na meán ar chruinnithe poiblí den Chomhairle agus fiosrúcháin phoiblí, d'eisíomar preaseisiúintí, scríobhamar ailt d'fhoilseacháin sheachtracha, d'fhreagraíomar 22 cheist pharlaiminte, agus d'fhreagraíomar iarrataí eile chun teacht ar eolas ó pháirtithe leasmhara éagsúla le linn na bliana.

# Beartas Straitéiseach agus Cumarsáid de réir Uimhreacha

**22** freagra tugtha ar cheisteanna parlaiminte

**2** pháipéar seasaimh curtha faoi bhráid na Roinne Sláinte

- An gá atá le leasú a dhéanamh ar an Acht Cógaisíochta 2007
- Rialú gnólachtaí cógaisíochta miondíola: cur chuige reatha agus forbairtí amach anseo

**4** threoirdhoiciméad nuashonraithe foilsithe chun tacú le

**4** Nuachtlitreacha CCÉ seolta chuig ár gcláraithe agus ár síntiúsóirí

**3** phreasráiteas eisithe

**1** chomhairliúchán poiblí ar an gCroí-Chreat Inniúlachta athbhreithnithe do chógaiseoirí

**12** Aighneacht chuig comhairliúcháin sheachtracha

- Athbhreithniú meántéarmach ar Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Fhrithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach 2021-2025 (iNAP2)
- Dréacht-Chreat Beartais um Nochtadh Oscailte in Earnáil Sláinte na hÉireann chuig an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar (NPSO), An Roinn Sláinte
- Measúnú Riosca Náisiúnta 2023/24 do Roinn an Taoisigh
- Aighneacht chun eolas a thabhairt d'obair an tSainghrúpa Chomhairligh um Athchóiriú Sláinte Poiblí
- Creat Faisnéise agus Scileanna do Ghairmithe Cúraim Sláinte ag Obair leis an Duine Scothaosta arna fhorbairt ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann agus an Clár Náisiúnta Cúraim Comhtháite do Dhaoine Scothaosta
- Dréacht-Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta FSS um Chosc agus Rialú Ionfhabhtaithe
- Páipéar seasaimh FSS ar rialachas cliniciúil do phleanáil, maoirseacht agus seachadadh cúraim chliniciúil do dhaoine scothaosta i seirbhísí cúraim chónaithe in Éirinn
- Dréacht-mholtaí HIQA ar chumasú TFC a dhéanamh ar Sheirbhísí do Dhaoine Scothaosta in Éirinn.
- Dréacht-mholtaí HIQA ar shamhail do chaighdeáin faisnéise sláinte chun tacú le seachadadh seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn
- Aighneacht chun moltaí HIQA a chur ar an eolas maidir le samhail toilithe chun faisnéis sláinte a bhailiú, a úsáid agus a roinnt
- Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta HIQA do Bhainistíocht Faisnéise i Sláinte agus Cúram Sóisialta

# Seirbhísí Eagraíochta

Tacaíonn seirbhísı eagraíochta le CCÉ agus a fhoireann le haghaidh a thabhairt ar ár bhfeidhmeanna agus an bealach a sholáthar do dhaoine eile idirchaidreamh a dhéanamh linn agus ár seirbhísí a úsáid.

## Acmhainní Daonna

Cothaímid timpeallacht dhearfach oibre dár bhfoireann go léir a spreagann nuálaíocht agus feabhsú leanúnach, agus ina ndírítear go tréan ar fholláine, éagsúlacht, agus ionchuimsiú i measc fostaithe.

In 2022, tugadh isteach agus rinneadh píolótú ar oibriú cumaisc agus d'oibrigh an fhoireann ón mbaile ar a mhéad trí lá in aghaidh na seachtaine agus an polasaí á fhorbairt. Tugadh Beartas Oibre Cumaiscthe foirmiúil CCÉ chun críche i dtreo dheireadh na bliana agus tosaíodh ar an gcur i bhfeidhm i Ráithe 1 de 2023. Soláthraítear faisnéis ghaolmhar ar leathanach 17 faoinár Straitéis AD reatha a chur i bhfeidhm.

Críochnaíodh soláthar chóras faisnéise AD nua CCÉ in 2022, agus cuireadh tús le hobair lena chur i bhfeidhm i dtreo dheireadh na bliana. Cuirfear an córas i bhfeidhm i Ráithe 1 de 2023. Is iad na tairbhí a bhainfear amach ón gcóras nua seo ná laghdú ar líon na n-uaireanta a chaitear ar thascanna riaracháin AD láimhe agus an t-am a spárálfar tiomnaithe do ghníomhaíochtaí breisluacha AD.

## TFC

Déanaimid monatóireacht agus athbhreithniú ar ár gcórais agus ár bpróisis inmheánacha leteicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide cuí a chur i bhfeidhm chun tacú le teicneolaíocht, oibríochtaí, agus seirbhísí a sholáthar. Chuireamar córas teileafóin nua i bhfeidhm a chomhtháthaíonn leis na bogearraí comhoibríocha atá againn cheana. Tá an córas nua tar éis costais oibriúcháin a laghdú, agus feidhmiúlacht a mhéadú ag an am céanna. Tugann an fheidhmiúlacht mhéadaithe féinseirbhís níos fearr maidir le tacaíocht agus tuairisciú. Cabhróidh sé seo leis an eagraíocht maidir leis na háiteanna is mó a dteastaíonn acmhainní a shainaithint.

Leanaimid le bearta a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil leibhéal cuí córais slándála TFC i bhfeidhm, ag féachaint le le feabhsú leanúnach a dhéanamh orthu agus ar leibhéil slándála mhéadaigh a bhaint amach.

## Claochlú Gnó

Gheallamar eagraíocht lúfar agus ardfheidhmíochta a fhorbairt chun gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar ár misean gan stró agus cuspóirí straitéiseacha agus forbartha CCÉ a bhaint amach. Ar cheann de na príomhrudaí a chuireann ar ár gcumas tabhairt faoin gcuspóir seo é an Clár Claochlaithe Gnó (an CCG) agus an Tionscadal Forbartha Eagraíochta (an TFE). Cinnteoidh an t-aschur ón dá thionscnamh seo go bhfuil an struchtúr eagrúcháin agus an teicneolaíocht ceart ag CCÉ le buntacú lenár bpróisis chun ár n-acmhainní a uasmhéadú de réir mar a thugaimid ár samhail athchóirithe rialála chun cinn. Is féidir teacht ar eolas breise ar an aschur in 2022 ón CCG agus an TFE níos luaithe sa tuarascáil seo.

# Rialachas agus Cuntasacht

## Mar a chinntíomar ardchaighdeáin rialachais

Tá ról le glacadh ag foireann agus sealbhóirí oifige uile CCÉ i dtaobh dea-rialachas CCÉ a chinntiú, comhlíonadh threoirlínte an Rialtais, agus trédhearcacht maidir leis an mbealach a thugaimid faoinár bhfeidhmeanna reachtúla san áireamh. Tá CCÉ freagrach don phobal agus tá sé cuntasach leis an Aire Sláinte agus an tOireachtas as tabhairt faoinár ról. Tá Creat Rialachais Chorparáidigh againn, Cóid Iompair dár gComhairle, Coistí agus foireann, agus beartais agus nósanna imeachta rialachais gaolmhara chun tacú lenár gcomhlíonadh leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Sásaíomar ár n-oibleagáidí rialachais reachtúil faoi mar a leagtar amach san Acht Cógaisíochta, 2007, an tAcht um Eitic in Oifig Poiblí, 1995; agus san Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Ar mhaithe le cuspóirí cuntasachta agus tuairiscithe phoiblí, comhlacht é CCÉ faoi choimirce na Roinne Sláinte. Ag teacht leis an oibleagáid seo, reáchtáladh trí chruinniú rialachais le hoifigigh na Roinne Sláinte le linn 2022, agus cuireadh miontuairiscí na gcruinnithe sin ar fáil do Chomhairle CCÉ.

## Comhairle CCÉ

Tá CCÉ á rialáil ag Comhairle ina bhfuil 21 comhalta, agus ní cógaiseoirí an tromlach díobh. Ceapann an tAire Sláinte gach comhalta den Chomhairle. Tá an Chomhairle cuntasach maidir le cinntí beartais agus treoir straitéiseach CCÉ, agus as feidhmíocht fhoriomlán na heagraíochta. Tá dualgas muiníne ar chomhaltaí na Comhairle maidir le CCÉ. Tá Comhairle CCÉ freagrach freisin as acmhainn agus ceannaireacht a fhorbairt laistigh de CCÉ agus tá siad freagrach as freagracht a leagan ar an gCláraitheoir as a bhfeidhmíocht. Tá Comhairle CCÉ cuntasach leis an Aire Sláinte agus an tOireachtas, as tabhairt faoi na dualgais seo. Thionóil Comhairle CCÉ deich gcruinniú in 2022 agus tionóladh seachtgcinn díobh go poiblí. Foilsítear clár agus miontuairiscí chruinnithe an Choiste Chomhairligh ar shuíomh gréasáin CCÉ.

In 2022, tháinig deireadh le téarmaí oifige roinnt comhaltaí den Chomhairle, agus rinne an tAire ceapacháin nua leis an gComhairle tar éis idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Sláinte, agus tar éis próiseas toghcháin, i mí an Mheitheamh agus i mí Dheireadh Fómhair. Chomh maith leis sin, chinntigh Comhairle CCÉ oibriú agus dea-rialachas leanúnach na gCoistí Comhairleacha agus Disciplíneacha trí cheapacháin a dhéanamh nuair a bhí folúntas ann le linn na bliana. Aithnítear obair agus tiomantas chomhaltaí reatha agus iarchomhaltaí na Comhairle agus Coiste.

## Comhaltaí Chomhairle CCÉ, táillí agus speansais 2022

| Comhalta den Chomhairle | Líon na gCruinnithe ar freastalaíodh orthu Cruinnithe ar freastalaíodh orthu | Táillí a íocadh in 2022[2] | Speansais a íocadh in 2022[3] |
|---|---|---|---|
| An Dr Paula Barry Walsh** | 2/4 | € 4,173.06 | - |
| Geraldine Campbell** | 8/10 | € 7,695.00 | - |
| Geraldine Crowley** | 5/10 | - | - |
| Peter Dennehy** | 4/4 | € 4,173.06 | - |
| Dorothy Donovan** | 7/10 | € 7695.00 | - |
| Fintan Foy** | 7/10 | € 7695.00 | - |
| John Given* | 8/10 | - | - |
| Roy Hogan* | 8/10 | € 7695.00 | - |
| Mark Jordan* | 7/10 | € 7695.00 | € 892.92 |
| Brian Kirby* | 9/10 | € 7695.00 | - |
| Graham Knowles** | 9/10 | € 7695.00 | € 4,067.61 |
| Ann McGarry** | 4/4 | € 4173.06 | - |
| Katherine Morrow* | 8/10 | € 7695.00 | - |
| Muireann Ní Shúilleabháin* Uachtarán | 10/10 | € 11970.00 | € 4,822.04 |
| Rory O'Donnell* Leas-Uachtarán* | 10/10 | € 7695.00 | € 2,292.98 |
| Marie Louisa Power * | 9/10 | - | € 694.00 |
| Gráinne Power** | 9/10 | - | - |
| Seán Reilly* | 9/10 | € 7695.00 | - |
| Avril Ryan* | 1/1 | € 443.94 | - |
| Ann Sheehan** | 7/10 | € 7695.00 | - |
| Paul Turpin** | 8/10 | € 7695.00 | - |
| **Comhaltaí na Comhairle a raibh oifig acu i gcuid den bhliain 2022 ach nach bhfuil in oifig a thuilleadh:** | | | |
| An Dr Paul Gorecki** | 4/5 | € 2811.63 | - |
| Joanne Kissane* | 6/7 | € 5741.65 | - |
| Shane McCarthy** | 4/5 | € 2811.63 | - |
| Fiona Walsh** | 4/5 | € 2811.63 | - |

*Cógaiseoirí arna gceapadh ag an Aire Sláinte de réir alt 10(3)(f) agus (g) den Acht Cógaisíochta, 2007

*Neamhchógaiseoirí arna gceapadh ag an Aire Sláinte de réir alt 10(3)(a) go (e) den Acht Cógaisíochta, 2007

[1] Is éagsúil líon iomlán na gcruinnithe ar ar freastalaíodh de réir dátaí ceapacháin, athcheapacháin, agus téarma oifige a chríochnú.

[2] Tá íocaíocht táillí ar aon dul le fad an téarma oifige i rith 2022. Níor íocadh táillí in 2022 le Comhaltaí na Comhairle a bhí fostaithe san earnáil phoiblí.

3 Costais chomhiomlána a íocadh suas go dtí an 31 Nollaig 2022.

## Coistí CCÉ

Cuireann Coistí Comhairleacha CCÉ comhairle agus tacaíocht ar fáil don Chomhairle maidir le feidhmiú a feidhmeanna. Tá ceithre Choiste Comhairleacha ag CCÉ:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- An Coiste Feidhmíochta agus Acmhainní
- An Coiste am Beartas Rialála agus Gairmiúil
- An Coiste Sainchuspóirí

Go ginearálta, tá ár gCoistí Comhairleacha comhdhéanta de chomhaltaí na Comhairle. Sa Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, tá comhaltaí seachtracha a cheaptar lena saineolas a chur ar fáil sna réimsí seo a leanas: comhlíonadh, airgeadas, bainistíocht riosca agus rialachas. Casann gach Coiste i gcaitheamh na bliana agus tuairiscíonn siad le Comhairle CCÉ ar an obair faoinar thug siad. Foilsítear clár agus miontuairiscí chruinnithe an Choiste Chomhairligh ar láithreán gréasáin CCÉ.

Tá trí Choiste Dhisciplíneacha ag CCÉ freisin faoi mar a cheanglaítear faoi théarmaí an Achta Cógaisíochta 2007. Tá cuntas ar a gcuid oibre sa mhír Gearáin agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh den tuarascáil seo. Áirítear ar bhallraíocht na gCoistí Araíonachta cógaiseoirí agus neamhchógaiseoirí ar féidir leo raon taithí a chur san áireamh agus gearáin á mbreithniú. Ceaptar iad trí phróiseas foirmiúil agus cuirtear oiliúint fhorleathan orthu.

Mar chuid dá ról agus dá rannchuidiú éifeachtach leanúnach leis na próisis reachtúla um fheidhmiúlacht chun cleachtadh, thug comhaltaí an Choiste Dhisciplínigh agus na Comhairle faoi roinnt deiseanna oiliúna agus forbartha i rith 2022, oiliúint san áireamh maidir le forálacha reachtaíochta nua a leasaíonn an tAcht Cógaisíochta, 2007, cásdlí a rinneadh le déanaí maidir le rialáil ghairmiúil, agus saincheisteanna cothromais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta maidir le cinnteoireacht.

## Freastal Chomhaltaí Choiste Comhairleach CCÉ in 2022

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

| Comhalta den Choiste | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| An Dr Paul Gorecki | 1/1 |
| Fiona Walsh | 1/1 |
| Mr Liam Burke | 3/4 |
| John Given | 2/4 |
| Peter Dewhurst | 3/4 |
| Niamh O'Regan | 2/3 |
| Geraldine Campbell | 4/4 |
| Graham Knowles | 3/3 |
| An Dr Paula Barry Walsh | 1/1 |

### An Coiste Sainchuspóirí

| Comhalta den Choiste | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Muireann Ní Shúilleabháin | 5/5 |
| Rory O'Donnell | 5/5 |
| Graham Knowles | 1/1 |
| Joanne Kissane | 3/4 |
| Paul Gorecki | 2/2 |
| Paul Turpin | 4/4 |
| Geraldine Campbell | 3/3 |

### Coiste Feidhmíochta agus Acmhainní

| Comhalta den Choiste | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Graham Knowles | 2/2 |
| Geraldine Crowley | 2/5 |
| Dorothy Donovan | 3/5 |
| Fintan Foy | 5/5 |
| Roy Hogan | 3/5 |
| Mark Jordan | 3/5 |
| Shane McCarthy | 1/2 |
| Katherine Morrow | 5/5 |
| Paul Turpin | 5/5 |
| Ann McGarry | 1/1 |

### Coiste Beartais Rialála agus Ghairmiúil

| Comhalta den Choiste | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Seán Reilly | 5/6 |
| Ann Sheehan | 3/6 |
| Brian Kirby | 4/6 |
| Paul Turpin | 3/3 |
| Marie Louisa Power | 4/6 |
| Gráinne Power | 6/6 |
| Joanne Kissane | 4/4 |
| Peter Dennehy | 1/1 |

## Comhlíonadh

Mar chomhlacht poiblí, comhlíonann CCÉ réimse reachtaíochta agus treoracha Rialtais. Cuirtear eolas ar fáil sa mhír seo dár dtuarascáil faoi conas a shásaímid na riachtanais siúd.

## An tAcht um Thús Áite do Leanaí

Cé nach 'daoine faoi shainordú', mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 í foireann CCÉ, táimid tiomanta do chinntiú go seastar le prionsabail an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 ar fud na heagraíochta, agus i ngairm na cógaisíochta, mar gheall go bhfuil siad ag teacht lena sainchúram chun sláinte agus sábháilteacht an phobail a chosaint. Tá beartas um chosaint leanaí i bhfeidhm ag CCÉ lena fhoireann agus a shealbhóirí oifige a threorú. Tá teagmhálaí ainmnithe, agus leas-teagmhálaí ainmnithe againn freisin, le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an bheartais, agus le gníomhú mar an bpointe teagmhála chun imní um chosaint leanaí a thabhairt le fios. Tá ar chomhaltaí uile foirne CCÉ clár ríomhfhoghlama Tusla a chríochnú: Tús Eolais maidir le Tús Áite do Leanaí

## Cairt Chustaiméirí

Leagtar amach i gCairt Chustaiméirí CCÉ cineál agus cáilíocht na seirbhíse ar féidir le custaiméirí súil a bheith acu leo nuair a dhéanann siad idirghníomhú le foireann CCÉ. Tá seo bunaithe ar dhá phrionsabal déag na seirbhíse ardchaighdeáin do chustaiméirí a úsáideann Ranna Rialtais. Leanamar in 2022 le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh na gcaighdeán a leagtar amach sa Chairt Chustaiméirí agus le limistéir le feabhsú a shainaithint. Fáiltímid roimh aiseolas uathu siúd go léir a bhíonn i dteagmháil linn.

## Cosaint Sonraí

Is é CCÉ an rialaitheoir sonraí maidir leis an eolas pearsanta a choimeádaimid faoi chláraithe, othair, ár bhfostaithe, agus páirtithe eile. Úsáidimid eolas pearsanta lena chur ar ár gcumas ár bhfreagrachtaí a shásamh ar mhaithe le leas an phobail mar an gcomhlacht rialála do chógaiseoirí agus cógaslanna in Éirinn. Caitear leis an eolas pearsanta go léir a sholáthraítear do CCÉ faoi rún daingean, coimeádtar go slán é agus caitear leis i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, an Rialachán Ginearálta um

Chosaint Sonraí (an RGCS), an tAcht Cógaisíochta, 2007. Fuaireamar 26 iarraidh ar shonraí a roinnt agus cúig iarratas duine ar a shonraí in 2022.

## Éifeachtúlacht agus Caomhnú Fuinnimh

Táimid tiomanta do gach iarracht a dhéanamh agus is féidir le bheith tíosach ar fhuinneamh agus bearta cuí caomhnaithe agus athchúrsála a oibriú. Áitíonn pearsanra CCÉ 1,920m2 de spás oifige atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. I gcomparáid leis sin, d'úsáid CCÉ 366,877 kWh d'fhuinneamh ina raibh 170,850 kWh de leictreachas agus 194,005 kWh de ghás in 2022. I gcomparáid leis sin, d'úsáid CCÉ 388,517 kWh d'fhuinneamh ina raibh 154,850 kWh de leictreachas agus 231,646 kWh de ghás in 2021.

Is ionann seo agus laghdú 10% ar leictreachas agus laghdú 16% ar ghás in 2022. Is féidir an méadú ar leictreachas a chur i leith na foirne a bhí ag obair ar bhonn hibrideach ó mhí an Mhárta 2022 ar aghaidh, tar éis a bheith ag obair go cianda don bhliain roimhe sin mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19. Is féidir an laghdú ar ghás a chur i leith bearta coigilte fuinnimh a cuireadh i bhfeidhm le linn 2022, chun tacú le spriocanna 2030 na hearnála poiblí maidir le fuinneamh agus $CO_2$.

## An tAcht um Eitic in Oifig Poiblí

Faoi fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, ceanglaítear ar chomhaltaí na Comhairle agus ar roinnt ball foirne de chuid CCÉ leasanna ábhartha a nochtadh.
Foilsítear nochtadh leasanna chomhaltaí Chomhairle CCÉ ar shuíomh gréasáin CCÉ. Lorgaítear ráitis bhliantúla leasa ó Chomhaltaí Chomhairle CCÉ ós rud é gur stiúrthóirí ainmnithe iad faoin reachtaíocht um eitic, agus caithfear na ráitis bhliantúla seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Ceanglaítear ar aon bhall d'fhoireann CCÉ a mheastar post ainmnithe fostaíochta a bheith aige/aici, ráiteas um nochtadh leasa a chomhlánú freisin má tá leasanna acu le nochtadh, ar cheapachán agus go bliantúil.

## Saoráil Faisnéise

Is eagraíocht fhorordaithe é CCÉ faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014. Déanaimid a mhéid eolas agus is féidir a fhoilsiú ar bhealach oscailte agus inrochtana ar bhonn rialta ar ár láithreán gréasáin, agus aird ar phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta. In 2022, chinntíomar gur chomhlíonamar an reachtaíocht trí fhreagairt ar bhealach tráthúil d'iarrataí SF agus tuairisciú ar ár n-idirchaidreamh leis an reachtaíocht. Fuaireamar seacht n-iarraidh ar shaoráil faisnéise in 2022 agus ní bhfuaireamar aon iarrataí ar athbhreithniú inmheánach.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Comhlíonann CCÉ a fhreagrachtaí reachtúla faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007. Féachaimid chun timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a sholáthar d'fhoireann CCÉ, ar an láthair ag Teach CCÉ, nuair a bhíonn siad i mbun cuairteanna ar chógaslanna, nó nuair a bhítear ag oibriú go cianda ón mbaile. Déantar é seo trí oiliúint sábháilteachta a sholáthar, trí mheasúnuithe riosca a dhéanamh, agus trí shaintrealamh a sholáthar nuair is gá. Comhlíonaimid freisin ár bhfreagrachtaí sábháilteachta do dhaoine eile, lena n-áirítear iad siúd a fhreastalaíonn ar Theach CCÉ. Cuireann Coiste neamhspleách Sláinte, Sábháilteachta agus Inbhuanaitheachta comhairle ar Fhoireann Feidhmiúcháin CCÉ maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus a ghníomhaíonn mar fhóram neamhspleách inar féidir leis an

bhfoireann imní sábháilteachta a thabhairt chun solais.

I gcomhréir le Prótacal um Oibriú go Sábháilte an Rialtais, chloíomar le Plean Freagartha COVID-19 agus d'oibríomar le Príomhionadaí na nOibrithe le sábháilteacht foirne agus chuairteoirí a chinntiú ag gach tráth. Coinníodh an Plean Freagartha agus na bearta maolaithe faoi athbhreithniú i rith na bliana.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

I gcomhréir lena oibleagáid dhlíthiúil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go 2021, foilsíonn CCÉ leagan Gaeilge dár ndoiciméid phoiblí, amhail tuarascáil bhliantúil ráitis airgeadais. Dóibh siúd atá ag lorg faisnéise ar phróiseas oifigiúil CCÉ chun gearán a dhéanamh, tá faisnéis ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Pléifimid i nGaeilge leo siúd ar mian leo cumarsáid a dhéanamh linn i nGaeilge. I rith 2022, d'fhreastalaíomar ar nuashonruithe faisnéise faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, mar ullmhúchán do thosach feidhme céimnithe maidir le ceanglais nua a fhéachann le cur leis an méid faisnéise agus seirbhísí i nGaeilge a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil.

## Nochtuithe Cosanta

Déanann an tAcht um Nochtadh Cosanta foráil do dhaoine a chosaint ó dhul i mbun gnímh ina gcoinne maidir leis an nochtadh a rinne siad ar mhaithe le leas an phobail. Fuair CCÉ dhá nochtadh cosanta in 2022 faoi alt 7 den Acht maidir le ról an Chláraitheora mar an duine forordaithe do chógaslanna agus cógaiseoirí. Fuair CCÉ aon nochtadh cosanta amháin maidir lenár ról mar fhostóir.

## Íocaíochtaí Prasa

Foilsímid tuarascálacha ráithiúla ar ár láithreán gréasáin ar chomhlíonadh na reachtaíochta um íoc pras cuntas againn agus cuirimid iad seo faoi bhráid na Roinne Sláinte go ráithiúil. In 2022, íocadh 32% dár gcreidiúnaithe laistigh de 15 lá agus íocadh 46% eile díobh laistigh de 30 lá.

## Tuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Cuimsíonn Grúpa Oibre CCÉ um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) baill foirne ó gach leibhéal den eagraíocht, agus bunaíodh é chun comhairle a chur ar an bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin (ELT) maidir leis na luachanna arna leagan amach i Ráiteas Comhionannais Éagsúlachta & Chuimsithe CCÉ a chur i bhfeidhm, chomh maith lena dhualgais reachtúla maidir le EDI.

Cuireann an Grúpa feasacht chun cinn i measc fhoireann CCÉ ar ár n-oibleagáidí EDI mar chomhlacht poiblí agus cabhraíonn sé le CCÉ a bheith ina ionad oibre níos cuimsithí agus níos éagsúla. In 2022, d'eagraigh an Grúpa clár cainteanna, inar tugadh cuireadh do raon aoichainteoirí a rinne cur i láthair ar ábhair ar nós dearcthaí i leith aosaithe agus daoine scothaosta, disléicse, agus eispéiris a bhí acu ar chiníochas sa chógaslann. Chothaigh na cuir i láthair seo feasacht laistigh de CCÉ agus chuidigh siad linn iniúchadh a dhéanamh ar conas a chruthaímid ionad oibre a thacaíonn le disléicse, chun cur i gcoinne idirdhealaithe aoise, agus a chuireann muid ar an eolas faoin gciníochas atá os comhair cógaiseoirí, agus mic léinn cógaisíochta ó chúlraí mionlaigh eitneacha ina dtimpeallachtaí oibre agus oideachais.

Thug an Grúpa faoin gcéad cheann de chlár suirbhéanna bliantúla ar fhoireann CCÉ ar éagsúlacht agus cuimsiú. Is é an cuspóir ná leibhéil éagsúlachta foirne i CCÉ chomh maith le leibhéil chuimsithe a thuiscint níos fearr. Mar thoradh ar thorthaí an tsuirbhé seo rinne an Grúpa EDI moltaí a chuirfidh an eagraíocht i bhfeidhm in 2023.

Leanann an Grúpa ar aghaidh ag obair chun leibhéil chomhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe i CCÉ a fheabhsú, chomh maith leis an mbealach a théann sé i dteagmháil lena pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill den phobal agus gairm na cógaisíochta.

## Alt 42 den Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí

Foráiltear do Dhualgas na hEarnála Poiblí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 agus ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí a lorg idirdhealú a dhíbirt, comhionannas deiseanna agus caithimh a chur chun cinn, agus cearta daonna a fhoirne agus páirtithe leasmhara a chosaint.

Mar chuid dár dtiomantas leanúnach don dualgas seo a shásamh, tugann foireann uile CCÉ faoi chúrsa ríomhfhoghlama Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Comhionannas a Sholáthar i Seirbhísí Poiblí: Tús Eolais don Fhoireann Túslíne. Féachann CCÉ lena chinntiú go leanfaimid le hiarracht shoiléir a dhéanamh chun comhionannas agus cearta daonna a leabú inár n-obair agus ár n-idirchaidreamh go léir lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Chuige sin, cuireadh oiliúint ar fáil le linn 2022 do Chomhairle CCÉ agus dá Choistí Araíonachta maidir le comhionannas, éagsúlacht, agus cuimsiú i gcinnteoireacht oiriúnachta chun cleachtadh.

## An tAcht um Míchumas

Leagtar san Acht um Míchumas, 2005 oibleagáid reachtúil ar eagraíochtaí seirbhíse poiblí tacaíocht agus rochtain a sholáthar ar sheirbhísí agus áiseanna do dhaoine faoi mhíchumas. I gcomhréir leis an oibleagáid a leagtar ar gach comhlacht poiblí, cuirimid chun cinn agus tacaímid le fostaíocht daoine faoi mhíchumas. In 2022, bhain CCÉ an sprioc amach gur daoine faoi mhíchumas iad 3% díobh siúd atá fostaithe. I gcomhlíonadh na riachtanas sin, cuirimid ar chumas na foirne go léir a gcuid oibre a dhéanamh ar bhonn cothrom trí na tacaíochtaí agus socruithe riachtanacha go léir a sholáthar

.

# Tuarascáil ár gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca

Déanann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca CCÉ maoirseacht ar agus cinntíonn sé iomláine rialachas, iniúchadh inmheánach, iniúchadh seachtrach, agus rialuithe airgeadais CCÉ, agus déanann sé measúnú ar rioscaí a bhféadfadh CCÉ bheith nochta dóibh agus ar mhaolú na heagraíochta ar na rioscaí sin.

Faoi mar a shonraítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, gníomhaíonn an Coiste go neamhspleách lena chinntiú go gcosnaítear leasanna pháirtithe leasmhara CCÉ. Déanann sé é seo trína chinntiú go bhfuil rialuithe gnó, tuairiscithe airgeadais, agus rialuithe inmheánacha daingean, agus go bhfuil a chreat dearbhaithe oiriúnach don fheidhm. Déanann sé monatóireacht freisin ar chomhlíonadh CCÉ an dlí, agus fhorálacha an Chóid Chleachtais.

Tá clár iniúchtaí inmheánacha i gcreat dearbhaithe CCÉ a chuirtear faoi bhráid an Choiste lena mbreithniú agus lena bhfaomhadh. In 2022, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca breithniú ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí maidir leis an méid seo a leanas;

- Rialachas agus Seachadadh Clár
- Clár Claochlaithe Gnó

In 2022, bhí an Coiste sásta le hiomláine chreat dearbhaithe CCÉ agus creideann sé gur leor é chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht Chomhairle CCÉ. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an litir bhainistíochta iniúchóireachta seachtraí agus bhí sé sásta leis an bhfreagairt a fuair sé ó Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin CCÉ. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca faoin tuairim, faoi láthair, go bhfuil córais leordhóthanacha bhainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm, a chinntíonn go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mhaolú, agus a rialú, agus go bhfuil a oibleagáidí dlíthiúla á sásamh ag CCÉ.

• Pleanáil Straitéiseach, agus Córais Monatóireachta agus Nósanna Imeachta

• Polasaithe agus Nósanna Imeachta Párolla, Taistil agus Liúntais.

Fuair an Coiste tuarascálacha rialta ó Fhoireann Feidhmiúcháin Ceannaireachta CCÉ ar dhul chun cinn i dtaca le moltaí a chur i bhfeidhm a rinneadh i dtuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí, anuas ar chruinnithe faisnéise ar staid airgeadais ráithiúil CCÉ agus ar an mbainistiú a dhéanann sé ar sholáthar foirne agus aoisliúntas.

Leanann an Coiste ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chur i bhfeidhm an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 ar fud na heagraíochta, agus CCÉ ag iarraidh a bheartais agus a nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin a chomhlíonadh i gcomhréir le ceanglais an Achta.

Ag gach ceann dá chruinnithe, rinne an Coiste athbhreithniú ar chlár rioscaí corparáidí CCÉ agus in 2022 rinne sé dianmhachnamh ar na cláir riosca Réimse Gnó/cláir seo a leanas:

- Beartas agus Cumarsáid Straitéiseach
- Dearbhú Cleachtóra

Ar nóta pearsanta, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí, an Dr. Paul Gorecki, as a chuid oibre crua agus a thiomantas, as ar bhain CCÉ agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca araon leas ollmhór.



Geraldine Campbell
Cathaoirleach, Coiste Iniúchóireachta agus Riosca CCÉ

# Ár dTuarascáil ar Bhainistiú Riosca: Príomhrioscaí agus Príomh-Neamhchinnteachtaí

Féachann Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (CCÉ/PSI) trína Chreat Bainistíochta Riosca le tionchar na rioscaí dá nochtar a íoslaghdú nó a dhíchur, ag cinntiú go gcomhlíonann sé a cuspóirí straitéiseacha agus go gcosnaíonn sé a chroíphróisis agus a fheidhmeanna, agus ar an gcaoi sin ag comhlíonadh ionchais a chuid páirtithe leasmhara.

Tá Comhairle CCÉ freagrach as Creat Bainistíochta Riosca na heagraíochta agus tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle di maidir lena héifeachtúlacht. Tá an Chomhairle freagrach as inghlacthacht riosca CCÉ a shocrú, agus le cúnamh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht straitéis bainistíochta riosca na heagraíochta

Mar chomhlacht poiblí ar a bhfuil an dualgas gníomhú ar mhaithe le sábháilteacht an phobail agus othar, lorgaíonn CCÉ le rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chumas na heagraíochta tabhairt faoina sainchúram.

Is taifead é an clár riosca corparáideach ar na príomhrioscaí a bhfuil an eagraíocht nochta dóibh am ar bith. Oibríonn Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin CCÉ le foireann CCÉ agus le páirtithe leasmhara chun na rioscaí sin a aithint agus a mheasúnú agus aontú ar bhearta maolaithe chun iad a bhainistiú. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Chomhairle athbhreithniú orthu. Rinne an Chomhairle breithniú ar chineál agus méid na rioscaí a bhfuil sé sásta glacadh leo chun cuspóirí straitéiseacha CCÉ a bhaint amach agus déanann sé athbhreithniú ar an gclár rioscaí ag cruinnithe Comhairle.

Tugtar achoimre ar phríomhrioscaí agus éiginnteachtaí CCÉ amhail an 31 Nollaig 2021 thíos:

1. Braitheann CCÉ ar theicneolaíocht mar phríomhchumasóir i dtaobh sholáthar ár bhfeidhmeanna. Tugann CCÉ aird freisin ar straitéis an rialtais le feabhas a chur ar theacht ar sheirbhísí ar líne agus digiteacha don phobal agus dár gcláraithe. Glacann CCÉ le rioscaí a bhaineann le héifeachtacht oibríochtúil agus le rochtain agus eispéireas úsáideora de bharr córais TFC atá ag dul in aois fad a bhíonn bonneagar nua á fhorbairt, agus le riosca atá roimh leanúnachais gnó CCÉ, sa chás go gcuirfeadh cibearghníomhaíocht mhailíseach isteach air seo. Leis na rioscaí seo a mhaolú, chuaigh CCÉ i mbun bearta a chinntíonn go dtugtar faoi nuashonruithe agus tástáil ar chórais leanúnacha, go mbunaítear plean leanúnachais gnó agus go bhfuil na bogearraí frithvíreas agus cibearshlándála i bhfeidhm.

2. Rinne Comhairle CCÉ machnamh fairsing ar an easpa rialacha maidir leis an gceist a bhaineann le hasláithreacht shealadach cógaiseoirí i ngnólacht cógaisíochta miondíola, a d'fhéadfadh titim amach nuair a bhíonn cúntóir cógaisíochta cláraithe ag oibriú i rith na hasláithreachta, faoi mar a fhoráiltear faoin Acht Cógaisíochta. Chun an riosca seo a mhaolú, bheartaigh an Chomhairle dréachtsraith rialacha reachtúla don Aire Sláinte in 2019, a bhí faoi chaibidil ag Athbhreithniú Breithiúnach ina dhiaidh sin. Tá an Chomhairle den tuairim go gcruthaíonn an easpa rialacha baol fós don phobal agus do CCÉ, agus rinneadh athbhreithniú leanúnach ar an ábhar seo in 2022.

3. Tá freagracht ar CCÉ le hoibriú éifeachtach an Achta Cógaisíochta a chinntiú, chun dul i mbun gníomhartha cuí i gcomhréir lena

shainchúram agus le hiomláine an chórais rialála cógaisíochta a chothú ar mhaithe le leas an phobail. Tá rioscaí ann maidir leis an gcreat reachtaíochta reatha agus ar mhaithe leis na rioscaí siúd a mhaolú, tá idirchaidreamh á dhéanamh ag CCÉ leis an Roinn Sláinte ag féachaint leis an gcreat reachtaíochta a athchóiriú. Rinne CCÉ scrúdú freisin ar an tsamhail rialála a bhaineann leis an ngné rialaithe de chógaslanna ospidéil agus tá iarracht a déanamh aige soiléireacht a chruthú maidir leis an gceist seo.

4. Lean paindéim dhomhanda COVID-19 ar siúl in 2022 le tionchar a imirt ar chumas CCÉ a fhreagrachtaí reachtúla agus rialála a chomhlíonadh nuair a chuirtear an gá san áireamh le cloí le treoirlínte an Rialtais maidir le hoibriú sábháilte oibre agus cianoibre. D’fhéach CCÉ leis an riosca seo a oiriúnú agus a mhaolú trí fhiosrúcháin um fheidhmiúlacht chun cleachtadh leis an riosca seo a oiriúnú agus a mhaolú trí fhiosrúcháin oiriúnachta chun cleachtadh a chur ar siúl go cianda agus tabhairt faoi mheasúnuithe ar chógaslanna ar líne, nuair ba phraiticiúil dó seo. Baineadh leas as na héifeachtúlachtaí a aithníodh agus ár ngníomhaíochtaí reachtúla ar líne á ndéanamh againn chun próisis nua a fhorbairt. D’imir an phaindéim, mar aon le ardleibhéil iomlaoid foirne, tionchar ar ár gcumas straitéisí agus pleananna lena gcomhaontaítear a chur i bhfeidhm laistigh d’amfhrámaí ábhartha, anuas ar thionchar a imirt ar Thionscadal Claochlaithe Gnó CCÉ a sholáthar, nuair a chuirtear a chineál bunúsach i bhfeidhm, agus scála an athraithe i measc daoine agus próisis san eagraíocht. Mhaolaigh CCÉ an riosca trí thacaíochtaí breise a chur i bhfeidhm don fhoireann fad a bhí cianoibriú ar bun trínár bhfeidhm Acmhainní Daonna, Cruinnithe Eolais seachtainiúla don Fhoireann agus ionchur ár nGrúpa Folláine agus athbhreithniú leanúnach ar ár n-acmhainn chun tionscadail a sholáthar faoin bPlean Seirbhíse 2022.

5. Déanann Comhairle CCÉ athbhreithniú leanúnach ar líon na gcógaslann a oibríonn gan cógaiseoir maoirsithe ainmnithe de shárú ar an Acht Cógaisíochta 2007. D'fhonn an riosca a thuiscint go hiomlán agus ar mhaithe le bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, choimisiúnaigh an Chomhairle tionscadal chun breathnú ar na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar fhórsa saothair na cógaisíochta. Is cosúil go bhfuil cógaiseoirí ag bogadh amach ó bheith ag obair go lánaimseartha laistigh de ghnóthaí cógaisíochta miondíola agus beidh tionchar eile ag an gcás seo ar leanúnachas cúram othar agus ar na socruithe rialachais chliniciúil laistigh de chógaslanna. Ina theannta sin, chuir CCÉ próiseas formhéadaithe i bhfeidhm freisin do chógaslanna nár éirigh leo an tAcht Cógaisíochta 2007 a chomhlíonadh.

# Ár dTuarascáil Airgeadais

Rinne Crowe Ireland iniúchadh ar Ráitis Airgeadais CCÉ 2022. Cuimsítear sleachta ó na Ráitis Airgeadais seo thíos, anuas ar thráchtaireacht faoi fheidhmíocht airgeadais CCÉ don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

## Ioncam

Ba ionann ioncam iomlán 2022 agus €8.058m, sin méadú €145k i gcomparáid le hioncam 2021 a bhí €7.913m. Cuireann CCÉ a mhaoiniú féin ar fáil dó féin go príomha trí dhá phríomhfhoinse ioncaim: ioncam ón táille chlárúcháin agus riaracháin agus cistiú ón Roinn Sláinte do sheirbhísí Institiúid Chógaisíochta na hÉireann (ICÉ).

Ba ionann ioncam iomlán ó tháillí in 2022 agus €7.458m, sin méadú €145k i gcomparáid leis an ioncam ó tháillí in 2021. Is é is cúis leis an méadú seo ná méadú €84k i ndail le hiarratais ar aitheantas do cháilíochtaí cógaiseoirí agus táillí leanúnach um chlárúcháin cógaiseoirí ar ionann iad agus €77k.

Bailítear tromlach na dtáillí clárúcháin i mí na Samhna agus i mí na Nollag gach bliain agus scaoileadh leo i rith na tréimhse ioncaim infheidhme. Ba ionann an t-ioncam iarchurtha a d'eascair as táillí réamhíoctha arna gcoimeád ar an 31 Nollaig 2022 agus €6.024m (€5.819m in 2021) agus léirítear é san airgead tirim atá á choimeád ar an dáta sin sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Fuarthas cistiú €0.600m in 2022 ón Roinn Sláinte le haghaidh Institiúid Chógaisíochta na hÉireann (ICÉ). Is ionann an tarraingt anuas €0.600 agus leithdháileadh iomlán cistí ón Roinn Sláinte don bhliain 2021.

## Costas oibríochtaí

Tháinig méadú €460k ar chostas iomlán na n-oibríochtaí in 2022 go €8.029m, i gcomparáid le €7.569m an bhliain roimhe sin. Tharla sé seo mar gheall ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear deireadh shrianta COVID-19, an infheistíocht leanúnach sa chóras clárúcháin nua agus cur i bhfeidhm na gcoigeartuithe a comhaontaíodh go náisiúnta ar phá na seirbhíse poiblí de réir Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí, *Ag Dul Ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021–2022,* chomh maith le costais mhéadaithe fuinnimh. Ó thaobh caiteachais de, bhain na méaduithe ba shuntasaí le costais Dlí, Saoráidí, TFC, claochlú gnó agus costais phá.

Thug an Chomhairle cead an Ciste Ioncaim agus Caiteachais a úsáid chun roinnt tionscadal a chistiú arbh fhiú €439k ar fad iad, agus caitheadh €281k den tsuim sin in 2022. Den €281k, caitheadh €39k ar an Tionscadal Forbartha Eagraíochta agus €242k ar an Tionscadal Athchóirithe Gnó. Ba é an Cúlchiste Rollach um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a maoiníodh €185k den chaiteachas a bhain le hoiriúnacht chun cleachtadh.

In 2022, caitheadh €22k ar an athbhreithniú breithiúnach, arna dhéanamh ag Cumann na gCúntóirí Cógaisíochta agus atá curtha i gcrích anois. Tháinig an maoiniú chuige sin as an gCúlchiste Dlí Sainithe.

## Costais phá

Níor sáraíodh an leibhéal foirne buana lánaimseartha a d'fhaomh an Roinn Sláinte in 2022. Ba ionann an meánlíon foirne ar an bpárolla le linn na bliana agus 43. D'fhostaigh CCÉ acmhainní sealadacha in 2022, is é sin, foireann gníomhaireachta, lena chur ar cumas CCÉ leanúint lean oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. Ba iad na costais phá iomlána, ÁSPC fostóra, costais phinsin agus costais foirne shealadacha san áireamh in 2022, agus €3.589m, sin méadú €0.065m ar chostas 2021 arbh ionann é agus €3.524m. B'ionann costais phá dhíreacha

agus €2.894m don bhliain, sin méadú €0.052m ar chostas 2021 arbh ionann é agus €2.842m.

I gcomhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, nochtar costais tuarastail an Chláraitheora, arna bhfaomhadh ag an Aire Sláinte le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirirthe, sna ráitis airgeadais bhliantúla.

Déanann na hIniúchóirí Inmheánacha agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca scrúdú ar na táillí agus na costais taistil a íoctar le comhaltaí na Comhairle, comhaltaí Coiste agus fostaithe CCÉ agus déanann an Cláraitheoir iad a fhaomh go foirmiúil. Nochtar costais taistil agus cothaithe, costais taistil idirnáisiúnta san áireamh, sna ráitis airgeadais bhliantúla.

I gcomhréir le Sceideal 1, alt 14 den Acht Cógaisíochta 2007, faomhann an tAire Sláinte rátaí pá foirne le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, do ghráid na hearnála sláinte agus earnála sibhialta. Níor íoc CCÉ aon bhónais, ragobair nó íocaíochtaí feidhmíochta in 2021, i gcomhréir le treoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ba ionann leibhéal asláithreachta fhoireann CCÉ in 2022 agus c.2.6%. Méadú atá ann i gcomparáid le figiúr 1.51% in 2021. Is mór ag an gCláraitheoir agus ag an gComhairle tiomantas agus dúthracht fhoireann CCÉ, go háirithe nuair a chuirtear na seirbhísí casta agus atá á bhfairsingiú ar gá tabhairt fúthu i gcúinsí athraithe de dheasca shrianta COVID-19 ag tús 2022 agus tabhairt isteach na hoibre cumaisc i R2 2022.

## Costais neamhphá

Ba ionann na costais iomlána neamhphá in 2022 agus €4.439m (2021: €4.045m)  Ba iad seo a lean as na mórghnéithe:

| | 2022 €m | 2021 €m |
|---|---|---|
| • Táillí dlí | 0.895 | 0.824 |
| • Táillí comhairle cánach agus airgeadais | 0.019 | 0.029 |
| • Táillí gnóthaí poiblí / margaíochta 0.028 | 0.033 | 0.028 |
| • Costais fuinnimh | 0.085 | 0.047 |
| • Táillí Sainchomhairleoireachta agus Gairmiúla | 0.031 | 0.013 |
| • Costais TFC | 0.631 | 0.562 |
| • Clódóireacht, postas agus páipéarachas | 0.097 | 0.070 |
| • Deisiúcháin, cothabháil agus costais réadmhaoine eile | 0.188 | 0.150 |
| • Dímheas | 0.279 | 0.121 |
| • Árachas | 0.099 | 0.091 |
| • Institiúid Chógaisíochta na hÉireann (ICÉ) | 1.172 | 1.136 |

D'oibrigh ICÉ ar feadh bliain féilire iomlán in 2022 agus tharraing sé €1,171,993 dá leithdháileadh buiséid iomlán €1,300,000 anuas. Rinne cistiú €600,000 a fuarthas ón Roinn Sláinte an tsuim seo a sheach-chur.

Lean CCÉ le húsáid a bhaint as a mBeartas Soláthair faofa agus as plean soláthair bliantúil 2022 lena chinntiú gur baineadh an luach is fearr ar airgead amach agus gur chuireamar an srian ba mhó agus ab fhéidir ar chostais.

## Torthaí airgeadais 2022 in aghaidh an bhuiséid

Tugtar cuntas sa tábla thíos ar an ioncam oibriúcháin agus ar an toradh caiteachais don bhliain 2022 in aghaidh bhuiséad bunaidh 2022. Ní áirítear idirbhearta gaolmhara caipitil sna figiúirí seo; cuirtear san áireamh sa Chlár Comhardaithe iad.

**Torthaí don bhliain 2022 ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin in aghaidh an bhuiséid bhunaidh**

| | Buiséad Bunaidh € | Toradh € | Athraitheas € | Athraitheas % |
|---|---|---|---|---|
| **Ioncam iomlán** | 8,024,803 | 8,057,712 | 32,909 | 0.41% |
| **Caiteachas** | | | | |
| Costais phá | 4,360,974 | 3,589,083 | 771,891 | 17.70% |
| Costais neamhphá | 4,742,561 | 4,439,418 | 303,143 | 6.39% |
| **Caiteachas Iomlán** | **9,103,535** | **8,028,501** | **1,075,034** | 11.81% |
| **(Easnamh) / barrachas ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(1,078,732)** | **29,211** | **1,107,943** | 102.71% |
| Ioncam ó ús | - | 5,878 | 5,878 | - |
| **(Easnamh) / barrachas** | (1,078,732) | 35,089 | 1,113,821 | 103.25% |
| Cistiú ó chúlchistí | 726,021 | 486,688 | (239,333) | (32.97)% |
| **(Easnamh) / barrachas coigeartaithe don bhliain** | **(352,711)** | **521,777** | **874,488** | 247.93% |

## Ráiteas ar Staid Airgeadais

Léirítear i Ráiteas CCÉ ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022 gurbh ionann na sócmhainní iomlána agus €25.023m i gcomparáid le €24.988m ar an 31 Nollaig 2021. Is ionann seo agus glansócmhainní CCÉ, Teach CCÉ san áireamh. Léirítear é mar seo a leanas sa Ráiteas ar Staid Airgeadais:

| | 2022<br>€m | 2021<br>€m |
|---|---|---|
| Cúlchistí comhdhlúite | 11.109 | 11.074 |
| Cúlchiste athluachála | 11.414 | 11.414 |
| Cúlchiste ainmnithe dlí | 2.500 | 2.500 |
| Cúlchistí deiridh | 25.023 | 24.988 |

Ba ionann iarmhéid an airgid thirim sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ar an 31 Nollaig 2022 agus €7.177m. Ní áirítear leis an tsuim seo luch €12m d'airgead tirim a infheistíodh i nótaí an Státchiste le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus a rangaítear mar shócmhainní infheistíochta faoin Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Bhain an t-airgead tirim buaic amach ag an bpointe sin mar gheall gur íoc formhór na gcláraithe a dtáillí (ioncam iarchurtha) roimh ré don bhliain dar gcionn. Ba ionann an t-ioncam iarchurtha seo agus €6.024m (€5.819m in 2021).

Áirítear le hiarmhéid an airgid thirim agus sócmhainní infheistíochta na ceangaltais seo a leanas:

| | 2022<br>€m | 2021<br>€m |
|---|---|---|
| Ioncam iarchurtha (aisíoc táillí) | 6.024 | 5.819 |
| Cistí na scéime aoisliúntais reachtúla foirne | 5.586 | 5.357 |
| Cúlchiste ainmnithe dlí | 2.500 | 2.500 |
| Íosleibhéal cúlchistí comhdhlúite – 50% den ioncam táillí | 3.729 | 2.124 |
| An t-airgead tirim iomlán a gealladh | 15.339 | 15.800 |
| Airgead tirim neamhshrianta | 1.338 | 2.391 |
| | 19.177 | 18.191 |

Baineann ciste scéim aoisliúntais reachtúil foirne CCÉ 5.586 milliún le 'Scéim Aoisliúntais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann 2016', a bunaíodh go foirmiúilar an 10 Márta 2016, nuair a shínigh an tAire Sláinte I.R. 136 de 2016 le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus a ghlac leis na Rialacha do na Rialacháin um Chomhaltaí na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Réamhbheitheacha, 2014 (I.R. Uimh. 582 de 2014).

Scéim le sochar sainithe is ea í sin chun sochair aoisliúntais a bhronnadh do, nó maidir le, baill foirne. Ina ainneoin sin, coimeádtar cistí na scéime ina dhá chuntas taisce ainmnithe ar feitheamh fhaomhadh na meicníochta maoinithe don scéim. Tá idirchaidreamh á dhéanamh ag CCÉ leis an Roinn Sláinte agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis an gceist seo a thabhairt chun cinn.

Luann na hIniúchóirí, Crowe Ireland, i dtuarascáil an iniúchóra neamhspleách, go dtugtar sna ráitis airgeadais, ina dtuairim féin, léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí CCÉ amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a bhrabús don bhliain 2022. Chuir siad nóta béime ar ábhar san áireamh, áfach, maidir le cóireáil cuntasaíochta na Scéime Aoisliúntais, ar na cúiseanna a luaitear san alt thuas.

Tá siad den tuairim freisin gur ullmhaíodh na torthaí don bhliain mar ba chuí i gcomhréir le Sceideal 1, mír 16 den Acht Cógaisíochta, 2007 agus 'an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais' atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Tá siad faoin tuairim freisin go léirítear sa Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha sna ráitis airgeadais comhréireacht CCÉ le ceanglais alt 1.9 (iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016. Deimhníonn siad freisin go bhfuair siad gach faisnéis agus míniúchán riachtanach chun cuspóirí an iniúchta agus go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta. Ina dtuairim, ba leor taifid chuntasaíochta CCÉ lena ligean dóibh na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart.

Thug Crowleys DFK, 5 Cé an Lapaigh, Corcaigh, T12 RW7D faoi ghníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí don bhliain 2022 do CCÉ.

Ba iad na hiniúchóirí seachtracha a cheap CCÉ Crowe Ireland, Teach na Mara, Plás Chlann Liam, Baile Átha Cliath. D02FY24.

Oifig chláraithe CÉ:
Teach CCÉ, 15-19 Sráid na bhFíníní
Baile Átha Cliath 2 D02 TD72
Teileafón: +353 1 2184000
Facs: +353 1 2837678
Ríomhphost: info@psi.ie
Suíomh gréasáin: www.psi.ie

# Financial Statements 2022

# Clár Ábhair


**61** Tuarascáil na Comhairle

**64** Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle

**65** Tuarascáil an Uachtaráin

**67** Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach

**70** Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách

**74** Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

**75** Ráiteas ar an Staid Airgeadais

**76** Ráiteas ar Shreafaí Airgid

**77** Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

# Eolas faoin gComhairle

| | |
|---|---|
| Uachtarán | Muireann Ní Shúilleabháin |
| Leas-Uachtarán | Rory O'Donnell  (ceaptha 16 Meitheamh 2022) |
| Comhaltaí na Comhairle | An Dr Paula Barry Walsh (ceaptha 16 Meitheamh 2022) |
| | Geraldine Campbell |
| | Geraldine Crowley |
| | Peter Dennehy (ceaptha 16 Meitheamh 2022) |
| | Dorothy Donovan (ceaptha 16 Meitheamh 2022) |
| | Fintan Foy |
| | John Given |
| | Paul Gorecki (go dtí 15 Bealtaine 2022) |
| | Roy Hogan |
| | Mark Jordan |
| | Brian Kirby |
| | Joanne Kissane (go dtí 28 Meán Fómhair 2022) |
| | Graham Knowles |
| | An Dr Shane McCarthy (go dti 15 Bealtaine 2022) |
| | An Dr Ann McGarry (ceapaithe 16 Meitheamh 2022) |
| | Katherine Morrow |
| | Gráinne Power |
| | Marie Louisa Power |
| | Seán Reilly |
| | Dorothy Donovan (ceaptha ar an 16 Nollaig 2022) |
| | Ann Sheehan |
| | Paul Turpin |
| | Fiona Walsh (go dtí 15 Bealtaine 2022) |
| Cláraitheoir | An Dr Lorraine Horgan (Cláraitheoir Eatramhach go dtí 8 Eanáir 2023) |
| | Joanne Kissane (ceaptha ar an 9 Eanáir 2023) |

| | |
|---|---|
| Ceannoifig | Teach CCÉ, 15-19 Sráid na bhFíníní, Baile Átha Cliath 2 |
| Iniúchóirí | Crowe Ireland, 40 Bóthar Mespil, Baile Átha Cliath 4 |
| Baincéirí | Banc Uladh, 166a Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 |
| | Banc na hÉireann, Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2 |
| | Bainc-Aontas Éireann cpt, 18 An Fhaiche Mhór, Gaillimh |
| | Bainc-Aontas Éireann cpt, 1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 |
| | KBC Bank, Sráid Sandwith Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 |
| Aturnaetha | Aturnaetha Fieldfisher (Aturnaetha McDowell Purcell á chorprú), Foirgneamh Chéipil, Mainistir Mhuire, Baile Átha Cliath 7 |
| | Aturnaetha O'Connor, 8 Sráid an Chláir, Baile Átha Cliath 2 |

# Tuarascáil na Comhairle

Cuireann an Chomhairle a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 i láthair.

## Príomhghníomhaíochtaí

Comhlacht reachtúil neamhspleách é Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (CCÉ), a bunaíodh faoin Acht Cógaisíochta, 2007. Tá CCÉ á rialáil ag Comhairle ina bhfuil 21 comhalta arna gceapadh ag an Aire Sláinte. Tá Uachtarán, Leas-Uachtarán agus 19 gcomhalta eile Comhairle sa Chomhairle, ina bhfuil tromlach de chomhaltaí tuata (neamhchógaiseoirí).

Tá Cóid Iompair ag CCÉ don Chomhairle agus do chomhaltaí agus fostaithe an Choiste Chomhairligh. Cuireann CCÉ na caighdeáin is airde de nochtadh agus trédhearcacht i bhfeidhm maidir le leasanna atá ag an bhfoireann agus ag comhaltaí na Comhairle.

Is iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí CCÉ:

- Cógaiseoirí, cúntóirí cógaisíochta agus cógaslanna a chlárú;
- Feabhas a chur ar ghairm na cógaslainne, a chinntiú san áireamh go bhfuil na cógaiseoirí go léir ag tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach;
- Caighdeáin a leagan síos le haghaidh oideachas agus oiliúint cógaisíochta;
- Cláir oideachais a chreidiúnú don ghairm chógaisíochta ar leibhéil éagsúla;
- Dearbhú cáilíochta ar chaighdeáin, agus cleachtas cógaisíochta a fhorbairt;
- Cigireacht agus forfheidhmiú, agus ionchúisimh a dhéanamh;
- Gearáin agus ceisteanna disciplíneacha a láimhseáil, smachtbhannaí a chur i bhfeidhm san áireamh;
- Comhairle a sholáthar don Rialtas ar chúram, cóireáil agus seirbhís na cógaisíochta in Éirinn.

## Rialú Inmheánach

Tá an Chomhairle freagrach as córais rialaithe inmheánaigh CCÉ. Ní féidir leis na córais sin ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán, a thabhairt in aghaidh míshonrú nó caillteanas ábhartha.

## Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag CCÉ ina bhfuil seisear comhaltaí, a tháinig le chéile ceithre huaire i rith 2022. Tá an Coiste freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna rialaithe inmheánaigh, sa mhullach ar aon saincheisteanna eile a thugann na hIniúchóirí Inmheánacha, na hIniúchóirí Seachtracha agus comhaltaí Coiste chun solais.

## Beartas Luach Saothair

Nochtar an luach saothair agus na costais taistil a íocadh le comhaltaí Coiste sna nótaí leis na ráitis airgeadais.

Ní íoctar luach saothair le haon chomhaltaí Comhairle earnála poiblí, faoi mar a ordaigh an tAire Sláinte Íocann CCÉ a fhoireann i gcomhréir le scálaí tuarastail comhdhlúite na Roinne Sláinte agus le scálaí tuarastail na Státseirbhíse.

## Torthaí Airgeadais

Léirítear sna torthaí torthaí don bhliain 2022 barrachas oibriúcháin €29,211 (2021:  €343,544) a chur leis an mbarrachas iomlan don bhliain airgeadais arbh ionann é agus €35,089 (2021: €344,418). Is ionann an t-ioncam don bhliain, €8.058m, agus méadú 1.8% ar ioncam 2021 arbh ionann é agus €7.913m.

I dtaobh caiteachas bliantúil tuairiscthe, tháinig méadú €459k go €8.029m ar chaiteachas oibriúcháin in 2022 i gcomparáid le 2021, arbh ionann é agus €7.569m. I measc mhóreachtraí 2022, cuireadh deireadh le srianta COVID-19 agus thosaigh an cogadh san Úcráin. I gcomhréir leis an Straitéis Chorparáideach 2021-2024, lean CCÉ lena infheistíocht sa chlár claochlaithe gnó agus a chuspóir straitéiseach chun a bhealaí oibre a dhéanamh níos éifeachtaí. In 2022 freisin, cuireadh i bhfeidhm na coigeartuithe a comhaontaíodh go náisiúnta ar phá na seirbhíse poiblí de réir Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí “Ag Dul Ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021–2022” agus an méadú ar chostais phá dá bharr.

## Príomhrioscaí agus Príomh-Neamhchinnteachtaí

Sa bhliain reatha, lean CCÉ ag tabhairt aghaidh ar leibhéil arda athraithe de réir mar a d’éirigh linn as an bpaindéim i rith na bliana, oiriúnaithe do chleachtais oibre athraitheacha de réir mar a tugadh isteach oibriú cumaisc agus aghaidh ar na coinníollacha eacnamaíocha neamhchinnte a bhí i réim.

Laistigh den timpeallacht reatha, ta réimse rioscaí straitéiseacha, corparáideacha agus gnólachta atá á mbainistiú go gníomhach ar bhonn leanúnach. Áirítear leo seo tús áite a thabhairt d’acmhainní le haghaidh a thabhairt ar shainordú reachtúil agus gairmiúil dlíthiúil CCÉ, leanúint d’éifeachtúlacht agus cáilíocht a bhaint amach sa rialáil, i bhforbairt ghairmiúil agus oideachas, bainistíocht airgeadais, gníomhaíochtaí cigireachta agus forfheidhmithe, agus a chinntiú go ndearnadh idirghníomhú cuí agus éifeachtach le rialálaithe agus cláraithe eile, anuas ar a chinntiú go leantar le rialachas maith a oibriú.

Tá do leor cúlchistí airgid thirim ag CCÉ agus níl súil aige le haon riosca maidir le sreabhadh airgid go gairid amach anseo.

## Leabhair Chuntas

Tá an Chomhairle freagrach leabhair chuí chuntais a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid agus feidhmíocht airgeadais CCÉ. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní CCÉ a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntas CCÉ ag Teach CCÉ, 15/19 Sráid na bhFíníní, Baile Átha Cliath 2.

## Forbairtí Amach Anseo

Níl sé beartaithe ag an gComhairle aon athruithe suntasacha a dhéanamh ó thaobh chineál an ghnó sa gharthodhchaí.

## Imeachtaí Iar-Chláir Chomhardaithe

Níor tháinig aon chúinsí nó imeachtaí aníos i ndiaidh dheireadh na bliana, óna dteastaíonn athrú ar, nó nochtadh i, na ráitis airgeadais nó sna nótaí leo ó dheireadh na bliana.

## Ráiteas ar Fhaisnéis Ábhartha Iniúchóireachta

Deimhníonn gach duine de na daoine ar Comhalta na Comhairle iad ag dáta faofa na tuarascála seo an méid seo a leanas:

i. a mhéid agus is eol don Chomhairle, ní ann d'aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta nach bhfuil iniúchóirí CCÉ ar an eolas uirthi; agus

ii. chuaigh Comhalta na Comhairle i mbun na mbeart go léir ba cheart dóibh mar Chomhalta na Comhairle chun iad féin a chur ar an eolas ar aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus lena dheimhniú go bhfuil iniúchóirí CCÉ ar an eolas ar an bhfaisnéis sin.

## Iniúchóirí:

Iniúchóirí Ceapadh Crowe Ireland mar iniúchóir na heagraíochta in 2021, i gcomhréir le Sceideal 1, alt 16(2) den Achta Cógaisíochta, 2007.

D'fhaomh an Chomhairle an tuarascáil seo an 24 Márta 2022 agus síníodh thar a ceann í.

Muireann Ní Shúilleabháin

**Uachtarán**

Rory O'Donnell

**Leas-Uachtarán**

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

The an Chomhairle freagrach as an tuarascáil seo agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le dlí agus rialacháin na hÉireann.

Ceanglaítear i Sceideal 1, mir 16 den Acht Cógaisíochta, 2007 ar an gComhairle na ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí, roghnaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le Caighdeán 102 ‘an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais’ atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (“an creat um thuairisciú airgeadais ábhartha”).

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ag an gComhairle, ceanglaítear uirthi:

- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin siúd a shainaithint, agus an t-éifeacht agus na cúiseanna a bhíonn le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin siúd; agus
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh CCÉ i mbun gnó.

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go gcoimeádann CCÉ nó go gcuireann CCÉ faoi deara go gcoimeádtar taifid chuí chuntasaíochta ina dtugtar míniú agus cuntas ceart ar idirbhearta CCÉ, a chumasaíonn, ag aon tráth, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus barrachas nó easnamh CCÉ a dheimhniú le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Comhairle Mír 16 den Acht Cógaisíochta, 2007 a chomhlíonadh agus a chumasaíonn na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach, chomh maith, as sócmhainní CCÉ a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Thar ceann na Comhairle ar an 23 Márta 2023:

Muireann Ní Shúilleabháin
Uachtarán

Rory O’Donnell
Leas-Uachtarán

# Tuarascáil ón Uachtarán i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

I gcomhréir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ba mhian liom na pointí seo a leanas a dheimhniú:

i. Ní dhearna aon fhorbairtí lena mbaineann tábhacht tráchtála difear d'oibríochtaí leanúnacha CCÉ in 2022.

ii. Táthar ag tabhairt faoi gach nós imeachta cuí le haghaidh tuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, taistil, soláthair agus diúscairtí sócmhainne.

iii. Tugtar cuntas freisin sa Chreat Rialachais Chorparáidigh air go gcomhlíonann CCÉ nósanna imeachta diúscartha do shócmhainní faoi mar a dtugtar cuntas air i sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Luaitear san Acht Cógaisíochta, 2007 gur féidir aon bharrachas tar éis sócmhainní a dhiúscairt a leithdháileadh ar oideachas, taighde nó aon chuspóir poiblí eile a fhorbairt a bhaineann le cógaisíocht.

iv. Cuireadh ráiteas ar na Córais Rialaithe Inmheánaigh san áireamh mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

v. Tá Cóid Iompair don Chomhairle agus do chomhaltaí an Choiste Chomhairligh agus d'fhostaithe CCÉ i bhfeidhm agus táthar ag cloí leo.

vi. Táthar ag cloí le beartas an Rialtais maidir le pá na bPríomhfheidhmeannach agus gach fostaí de chuid Comhlacht Stáit. Cloíonn CCÉ freisin le treoirlínte an Rialtais maidir le táillí Chomhaltaí na Comhairle a íoc.

vii. Táthar ag cloí leis na Treoirlínte maidir le Breithmheas agus Bainistíocht Tograí Caiteachais Chaipitiúil san Earnáil Phoiblí.

viii. Cuireann CCÉ maoiniú ar fáil dó féin go príomha maidir le tromlach mór a chaiteachais. Leithdháiltear deontas bliantúil €600,000 na Roinne Sláinte trí CCÉ chun seirbhísí arna soláthar ag Institiúid Chógaisíochta na hÉireann (ICÉ) a pháirtchistiú. Tá nósanna imeachta mionsonraithe maoirseachta i bhfeidhm idir CCÉ agus an Roinn, agus tá socruithe conartha agus rialachais i bhfeidhm idir CCÉ agus soláthraí seirbhíse ICÉ, ina sonraítear go n-úsáidtear an cistiú sin ar mhaithe le cláir shonracha agus fhaofa oibre a bhaineann le tionscnaimh agus oiliúint ar mhaithe le sláinte phoiblí. Comhlíonann CCÉ a straitéis luacha ar airgead, agus socruithe cuí rialachais agus soláthair, nuair is infheidhme, ar aon dul leis an gCód Caiteachais Phoiblí agus le nósanna imeachta soláthair do chomhlachtaí poiblí.

ix. Comhlíonann CCÉ a Chiorclán 25/2016 maidir leis an bPrótacal chun Eolas a sholáthar do Chomhaltaí an Oireachtais ag Comhlachtaí Stáit.

x. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir le halt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Cuimsítear sonraí faoi nochtadh cosanta a rinneadh le CCÉ in 2022 i dTuarascáil Bhliantúil CCÉ.

xi. Chuaigh CCÉ i mbun beart lena chinntiú go gcomhlíonann a chórais agus a phróisis Cód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, seachas i gcás an dliteanais phinsean (Ceanglais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais Mhír 1.4 (ix)), faoi mar a nochtar sna Ráitis Airgeadais. D'fhorbair CCÉ straitéis luacha ar airgead mar chuid dá Phlean Corparáideach Soláthair a chumhdaíonn an tréimhse 2021-2023.

xii. Táthar ag cloí le riachtanais maidir le beartas taistil an Rialtais ar gach bealach, lena n-áirítear nósanna imeachta le monatóireacht, tuairisciú agus forfheidhmiú a dhéanamh ar rialacha agus riachtanais ábhartha maidir le taisteal eachtrach ag fostaithe CCÉ nó chomhaltaí na Comhairle, faoi mar a dtugtar cuntas air sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

xiii. Comhlíonann CCÉ a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

xiv. Níl aon idirbhearta amach ón gclár comhardaithe nó aon teagmhais shuntasacha iarchlár comhardaithe ag CCÉ faoi láthair.

xv. Ní ann d'aon díospóidí dlíthiúla ag CCÉ faoi láthair le comhlachtaí Stáit eile.


xvi. Níl aon fhochuideachtaí ag CCÉ ar gá dóibh tuairisciú a dhéanamh orthu.

- Is ionann an Chothromaíocht Inscne i mballraíocht na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2022 agus:
  Bhí 10 gcomhalta bhaineanna (47.6%) agus 11 chomhalta fhireanna (52.4%) ag an gComhairle, gan folúntas ar bith ann. Baineann an Chomhairle sprioc an Rialtais, go ndéantar ionadaíocht íosta 40% de gach inscne i mballraíocht Bhoird Stáit amach, dá bharr.

- Rinneadh seacht gceapachán leis an gComhairle in 2022.

- Úsáidtear na bearta seo a leanas le cothromaíocht inscne ar an gComhairle a choimeád agus tacú léi:
  - Cuimseofar anailís mhionsonraithe i bpróiseas measúnaithe bliantúil na Comhairle ar an meascán inscne, éagsúlachta agus scileanna laistigh den Chomhairle.
  - Tugtar comhdhéanamh na Comhairle chun solais sna haighneachtaí leis Aire maidir le ceapacháin agus athcheapacháin leis an gComhairle.

D'fhaomh Comhairle CCÉ an tuarascáil seo go foirmiúil ar an 23 Márta 2023 agus shínigh an tUachtarán é:



Muireann Ní Shúilleabháin

23 Márta 2023

# Ráiteas ar na Córais um Rialú Inmheánach don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

**Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach**

Thar ceann na Comhairle, aithním á bhfreagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh in CCÉ, agus próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil an córas sin éifeachtach. Tugtar san fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus Creat Rialachais Chorparáidigh CCÉ.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhú go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

**Chuaigh an Chomhairle i mbun beart lena chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna éagsúla Coiste chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint.
- Freagrachtaí, cumhachtaí, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta maidir le gníomhaíocht a shainmhíniú agus a dhoiciméadú go soiléir.
- Cultúr tréan cuntasachta a fhorbairt ar gach leibhéal den eagraíocht.
- Nósanna imeachta a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear Iniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha a cheapadh a oibríonn i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus tuairisciú a dhéanamh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.
- Ag oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí agus institiúidí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar fheidhmeanna CCÉ agus go dtacaítear le straitéisí CCÉ lena oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

**Bhunaigh an Chomhairle próisis freisin chun rioscaí i leith na heagraíochta a shainaithint agus a mheasúnú. Déantar seo ar roinnt bealaí, na bealaí seo a leanas ina measc:**

- Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá roimh CCÉ a shainaithint.
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtitfidh na rioscaí a shainaithnítear amach.
- Measúnú a dhéanamh ar chumas CCÉ chun na rioscaí a thiteann amach a bhainistiú agus a mhaolú.
- Tabhairt faoi athbhreithnithe rialta ar phleananna agus cuspóirí straitéiseacha, atá gearrtéarmach agus fadtéarmach araon, agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a chruthaítear trí na pleananna siúd

a thabhairt chun cinn.

- Spriocanna bliantúla agus níos fadtéarmaí a leagan amach do gach limistéar den eagraíocht, agus tuairisciú rialta a dhéanamh ina dhiaidh sin ar na torthaí a bhaintear amach.
- Rioscaí a chur faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus na Comhairle ag gach cruinniú lena chinntiú go bhfuil an creat bainistíochta riosca ag oibriú go héifeachtach.

**Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat faisnéis rialta bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, leithdheighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta ina measc. Áirítear leis, ach go háirithe:**

- Córas mionsonraithe buiséadta ag a bhfuil buiséad bliantúil a dhéanann an Chomhairle a athbhreithniú agus a chomhaontú.
- Athbhreithniú rialta ag an gCoiste Feidhmíochta agus Acmhainní, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Chomhairle ar chuntais bhainistíochta ráithiúla, a thugann le fios feidhmíocht in aghaidh an bhuiséid lena gcomhaontaítear agus a sholáthraíonn míniú ar imeachtaí suntasacha ón mbuiséad.
- Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas.
- Ceanglaítear i Sceideal 1, mir 16 den Acht Cógaisíochta, 2007 ar an gComhairle ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ina dtugtar léiriú fíor agus cóir ar ioncam, caiteachas, sócmhainní agus dliteanais CCÉ.
- Bhí ról maoirseachta ag an gCoiste Feidhmíochta agus Acmhainní in 2021 chomh maith maidir le feidhmíocht na heagraíochta in aghaidh an phlean agus acmhainní le torthaí a bhaint amach, cistiú an Phlean Seirbhíse bhliantúil agus maoiniú agus infheistíochtaí straitéiseacha san áireamh, ar aon dul leis an Straitéis Chorparáideach 2021-2023.
- Dul i ngleic le himpleachtaí airgeadais rioscaí móra gnó trí theorainneacha údaraithe a leagan síos agus dualgais a leithdheighilt.
- Beartas agus nósanna imeachta soláthair a bhunú lena chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte soláthair de réir mar a leag an Oifig um Sholáthar Rialtais amach.

Rinneadh athbhreithniú ar na rialúcháin seo a leanas in 2022:

- Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Feidhmíochta agus Acmhainní, agus an Chomhairle athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta ráithiúla agus míníodh imeachtaí suntasacha ón mbuiséad.
- Rinne an Chomhairle athbhreithniú, faomhadh agus foilsiú ar Chuntais Bhliantúla don bhliain 2021 agus tugadh míniú ar dhifríochtaí suntasacha.
- Ar aon dul le córas rialaithe inmheánaigh CCÉ, faoi mar a bhforáiltear dó i bPleananna Iniúchóireachta Inmheánaí CCÉ, thug na hIniúchóirí Inmheánacha faoi athbhreithnithe sna limistéir seo a leanas:
    - Athbhreithniú ar Phleanáil Straitéiseach, Scópáil agus Monatóireacht

- Athbhreithniú ar Phárolla, Taisteal agus Liúntais CCÉ

Níor eascair aon laigí i rialú inmheánach as caillteanais ábhartha, teagmhais nó éiginnteachtaí ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais nó i dTuarascáil an Iniúchóra ar na ráitis airgeadais.  Táthar ag tabhairt faoi na bearta cuí a mhol na hIniúchóirí Inmheánacha agus leagtar freagracht as gach moladh a chur i bhfeidhm ar an mbainisteoir ábhartha agus sanntar amlíne le haghaidh cur i bhfeidhm. Tuairiscítear cur i bhfeidhm moltaí iniúchóireachta inmheánaí leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ag gach cruinniú. Níor tugadh aon sáruithe le fios don bhliain 2022. Bhí gach gné den chóras rialaithe i mbun oibre. Níor tharla aon chaillteanais nó calaois ábhartha in 2022.

Comhlíonann CCÉ rialacha agus treoirlínte soláthair reatha de réir mar a leag an Oifig um Sholáthar Rialtais amach.

Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann CCÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag an mbainistíocht shinsearach laistigh de CCÉ atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh. Deimhním gur thug an Chomhairle faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2022.

D’fhaomh agus d’athbhreithnigh Comhairle CCÉ an ráiteas seo ar rialú inmheánach go foirmiúil an 23 Márta 2023 agus shínigh an tUachtarán é thar a ceann:

Muireann Ní Shúilleabháin

23 Márta 2023

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Chomhairle CCÉ

## Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (CCÉ) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, ina gcuimsítear an Ráiteas ar Ioncam, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí gaolmhara. Dlí na hÉireann agus FRS 102 ('an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann') atá sa chreat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú.

Inár dtuairim:

- tugtar sna ráitis airgeadais a ghabhann leis seo léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí CCÉ amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a thorthaí don bhliain dar críoch an tráth sin;
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais a ghabhann leis seo i gcomhréir le FRS 102, 'an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann';
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais a ghabhann leis seo i gcomhréir le ceanglais an Achta Cógaisíochta, 2007; agus
- léirítear sa Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha ar leathanaigh 7-66 comhréireacht CCÉ le ceanglais alt 1.9 (iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 agus tá sé ag teacht leis an eolas a bailíodh i rith ár n-iniúchta.

## Bunús na tuairime

Thugamar faoinár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) (Caighdeáin ISA (Éire)) agus leis an dlí infheidhme. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd sa mhír 'Freagrachtaí Iniúchóirí as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais' dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gcomhlacht i gcomhréir le ceanglais eiticiúla a bhaineann lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, an Caighdeán Eiticiúil a d'eisigh Údarás Maoirseachta Cuntasaíochta agus Iniúchóireachta na hÉireann (IAASA) san áireamh, agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na riachtanais seo.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuaireamar chun bunús a sholáthar dár dtuairim.

## Béim na Ceiste – Cur Chuige an Phinsin Scoir

Agus ár dtuairim á cruthú againn, nach bhfuil cáilithe, rinneamar breithniú ar leordhóthanacht an nochta i Nóta 20 leis na ráitis airgeadais a bhaineann leis an gcur chuige cuntasaíochta do shochair scoir. Níor cuireadh CCÉ ar an eolas ar conas is fearr cistí na scéime pinsin le sochar sainithe a riar mar gheall nár cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an mheicníocht chistithe don scéim go fóill. Cuireadh an scéim pinsin san áireamh sna ráitis airgeadais amhail agus gur scéim le ranníocaíochtaí sainithe a

bhí inti. Dá gcuirfí an scéim pinsin i gcuntas faoi Mhír 28 de FRS 102, d'aithneofaí an gnóthachan / caillteanas achtúireach sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus d'aithneofaí barrachas / easnamh shócmhainní na gcistí i dtaobh a dliteanas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar shócmhainn nó dliteanas.

## Conclúidí Gnóthais Leantaigh

Nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-iniúchadh, bhaineamar an tátal as go bhfuil an úsáid a bhaineann CCÉ as an mbonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú cuí.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le hamhras suntasach, ar bhonn aonair nó i dteannta a chéile, faoi chumas CCÉ leanúint de bheith mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse ar a laghad dhá mhí dhéag ón dáta a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na Comhairle maidir le gnóthas leantach sna míreanna ábhartha den tuarascáil seo.

## Eolas Eile

Tá an Chomhairle freagrach as an eolas eile. Is éard atá san fhaisnéis eile an fhaisnéis a chuirtear san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas sna ráitis airgeadais agus i dTuarascáil an Iniúchóra dár gcuid. Ní chumhdaíonn ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas a mhéid agus a luaitear go sainráite inár dtuarascáil, ní léirímid aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh an iniúchta a rinneamar ar na ráitis airgeadais, táimid freagrach as an bhfaisnéis eile a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má shainaithnímid an neamh-chomhsheasmhacht nó an míshonrú soiléir ábhartha siúd, tá orainn a dheimhniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má dhéanaimid amach, bunaithe ar an obair a rinneamar, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, éilítear orainn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

## Ábhair a gceanglaítear orainn tuairisciú a dhéanamh orthu i Sceideal 1, Mír 16 den Acht Cógaisíochta, 2007

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasaimid a theastaíonn chun críocha ár n-iniúchta.
- Inár dtuairim, ba leor taifid chuntasaíochta CCÉ lena ligean dóibh na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart.
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

## Ábhair a gCeanglaítear orainn Tuairisciú a dhéanamh orthu trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint ar an gcomhlacht agus ar a thimpeallacht a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, níor shainaithníomar aon mhíshonruithe ábhartha i dTuarascáil na Comhairle.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir lenár n-oibleagáid faoi Sceideal 1, mír 16 den Acht Cógaisíochta, 2007 a cheanglaíonn orainn tuairisciú duit mura ndéantar, inár dtuairim, nochtadh ar luach saothair agus idirbhearta na Comhairle a shonraítear sa dlí.

## Freagrachtaí na Comhairle agus na nIniúchóirí faoi Seach

Faoi mar a dtugtar míniú níos cuimsithí air i Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle, tá an Chomhairle freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugtar léiriú fíor agus cóir iontu, agus as an rialú inmheánach sin a dheimhníonn an Chomhairle is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

Nuair atá na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá an Chomhairle freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, a nochtann, de réir mar is infheidhme, ceisteanna a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus úsáid á baint as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta mura mbeartaíonn an Chomhairle an eagraíocht a leachtú nó chun deireadh a chur le hoibríochtaí, nó mura mbíonn aon rogha réalaíoch eile ann ach amhlaidh a dhéanamh.

## Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tá sé mar aidhm againn dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin i ngeall ar chalaois nó earráid, agus Tuairisc Iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim inti. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear i gcónaí aon mhíráiteas ábhartha atá ann mar thoradh ar iniúchadh a reáchtáiltear de réir na gcaighdeán ISA (Éire). Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir le CIIanna (Éire), déanaimid breithiúnas agus leanann amhras a bheith orainn i gcaitheamh an iniúchta. Déanaimid na rudaí seo a leanas freisin:

- Na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais a shainaithint agus a mheasúnú, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaimid agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighimid fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar dár dtuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh inmheánacha, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.

- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht rialú inmheánach na heagraíochta.
- Meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus oiriúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair a rinne an Chomhairle.
- Tátal a bhaint as oiriúnacht na húsáide a bhain an Choiste Iniúchóireachta as an mbonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas na heagraíochta a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach. Iniúchóra a d'fhoilsíomar ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orainn ár dtuairim a bhunathrú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta Thuarascáil an Iniúchóra a d'fhoilsíomar. Tá ár dtátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta Thuarascáil an Iniúchóra. D'fhéadfadh imeachtaí nó imthosca a bheith ann amach anseo, áfach, a d'fhágfadh nach mbeadh an eagraíocht in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Measúnú a dhéanamh ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear na nochtuithe, agus ar cibé acu an léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus na bunteagmhais.

Déanaimid cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith ár n-iniúchta.

## Cuspóir ár gcuid oibre iniúchóireachta agus a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlite dóibh

Déantar an tuarascáil seo le Comhairle CCÉ, agus leo siúd amháin. Tugadh faoinár n-obair iniúchóireachta d'fhonn go bhféadfaimis a lua leis an gComhairle na ceisteanna siúd a gceanglaítear orainn a lua leo i dTuarascáil an Iniúchóra agus ar chuspóirí ar bith eile. A mhéid a cheadaítear sa dlí, ní ghlacaimid le haon fhreagracht i leith duine ar bith seachas an Chomhairle as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí a chruthaíomar.



____________________________

Shaw McClung

ar son agus thar ceann

Crowe Ireland
Cuntasóirí Cairte agus Gnóthas Iniúchóireachta Reachtúla
40 Bóthar Mespil, Baile Átha Cliath 4
23 Márta 2023

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | 3 | 8057712 | 7912632 |
| **Costais oibriúcháin** | | (8,028,501) | (7,569,088) |
| **Barrachas oibriúcháin** | | 29,211 | 343544 |
| **Ús Infhaighte** | 9 | 5878 | 874 |
| **Barrachas roimh cháin** | | 35,089 | 344,418 |
| **Cánachas** | 11 | - | - |
| **Barrachas don bhliain airgeadais** | | 35,089 | 344418 |

Ullmhaíodh an ráiteas ioncaim chuimsithigh ar an mbonn gur oibríochtaí leanúnacha gach oibríocht.

Tá na nótaí ar leathanach 77 - 94 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

# An Ráiteas ar an Staid Airgeadais don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 12 | 18805196 | 18827163 |
| Sócmhainní infheistíochta | 13 | 12000000 | 7200000 |
| | | **30,805,196** | **26027163** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 15 | 192400 | 180568 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 16 | 7176843 | 10990855 |
| | | **7369243** | **11171423** |
| **Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | 18 | **(13,151,681)** | **(12,210,917)** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **(5,782,438)** | **(1,039,494)** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **25,022,758** | **24,987,669** |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste athluachála | 19 | 11,413,635 | 11,413,635 |
| Cúlchiste Ainmnithe Dlí | 19 | 2,500,000 | 2,500,000 |
| Cúlchistí Comhdhlúite | 19 | 11,109,123 | 11,074,034 |
| **Cúlchistí Deiridh** | | **25,022,758** | **24,987,669** |

Rinna an Chomhairle na ráitis airgeadais a fhaomhadh agus a údarú lena n-eisiúint ar an 23 Márta 2023.

Sínithe thar ceann na Comhairle:

Muireann Ní Shúilleabháin
**Uachtarán**

Rory O'Donnell
**Leas-Uachtarán**

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin:** | | | | |
| Barrachas don bhliain airgeadais | 35,089 | | 344,418 | |
| Dímheas ar shócmhainní inláimhsithe | 278,790 | | 120,976 | |
| Ús a fuarthas | (5,878) | | (874) | |
| Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe | (11,832) | | 17,782 | |
| Méadú/(laghdú) ar chreidiúnaithe atá dlite laistigh de bhliain amháin | 940,764 | | 273,310 | |
| **Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **1,236,933** | | **755,612** |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | | |
| Íocaíochtaí as sócmhainní seasta inláimhsithe | (256,823) | | (582,966) | |
| Íocaíochtaí as sócmhainní infheistíochta | (4,800,000) | | (7,200,000) | |
| Ús a fuarthas | 5,878 | | 874 | |
| **Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(5,050,945)** | | **(7,782,095)** |
| **(Glanlaghdú)/glanmhéadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | **(3,814,012)** | | **(7,026,483)** |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana airgeadais** | | **10,990,855** | | **18,017,338** |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana airgeadais** | | **7,176,843** | | **10,990,855** |
| **A bhaineann le:**<br>Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 7,176,843 | | 10,990,855 |

Tá na nótaí ar leathanach 77 - 94 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

1. Beartais Chuntasaíochta

**1.1.** Caighdeáin chuntasaíochta agus bonn an ullmhúcháin a chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbonn gnóthas leantach agus i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil a mionathraíodh le hearraí áirithe ar luach cóir a chur san áireamh. Is é an creat um thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú FRS 102 (‘an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann’) a d’eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, seachas i gcás na scéime aoisliúntais, mar gheall nár cuireadh forálacha Mhír 28 de FRS 102, Cuntasaíocht do Shochair Fostaithe, i bhfeidhm.

Caithfear meastacháin áirithe cuntasaíochta criticiúla a úsáid le ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach a chomhlíonann FRS 102. Ceanglaíonn sé ar an gComhairle freisin breithiúnas a thabhairt nuair a chuirtear beartais chuntasaíochta na heagraíochta i bhfeidhm (féach nóta 2).

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in euro, arb é airgeadra feidhmeach na heagraíochta. Déantar suimeanna airgid sna ráitis airgeadais seo a shlánú chuig an € is gaire.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil a mionathraíodh le hearraí áirithe ar luach cóir a chur san áireamh. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm:

**1.2.** Ioncam

Aithnítear ioncam sna ráitis airgeadais sa bhliain lena mbaineann an t-ioncam. Déantar ioncam, a mhéid agus a fhaightear é roimh ré, a iarchur agus a aithint sa tréimhse ábhartha ina soláthraítear seirbhísí do na clárúcháin seo nó ina ngearrtar táillí dóibh.

**1.3.** Sócmhainní seasta inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe faoin tsamhail chostais ar a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais charntha lagaithe. Áirítear le costas stairiúil caiteachas atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thabhairt go dtí an láthair agus go mbainfidh sí an bhail amach a theastaíonn go mbeidh sí in ann oibriú ar an mbealach a bheartaíonn an bhainistíocht.

Cuireann CCÉ an costas a bhíonn ar chuid den earra sin a athsholáthar nuair a thabhaítear an costas sin, má bhíonn súil leis go gcuirfidh an chuid athsholáthair tairbhí incriminteacha ar fáil do CCÉ amach anseo. Dí-aithnítear suim ghlanluacha na coda athchurtha. Gearrtar deisiúcháin agus cothabháil ar bhrabús nó caillteanas i rith na tréimhse ina dtabhaítear iad.

Gearrtar dímheas, seachas mar a luaitear thíos, d'fhonn costas sócmhainní a leithdháileadh lúide a luach iarmharacha thar a saolré úsáideach, agus modh na líne dírí á úsáid: Seo a leanas réimse na saolréanna úsáideacha measta:

## 1.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe (ar leanúint)

### Dímheas

Cuirtear dímheas ar fáil ar an mbonn seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Réadmhaoin ruílse | - Ní dhéantar dímheas air |
| Trealamh agus feistis oifige | - 12.5% líne dhíreach |
| Trealamh & bogearraí ríomhaireachta | - 33.3% líne dhíreach |
| Portráidí, boinn agus suaitheantais | - Gan dímheas |
| Leictreachas | - 5% líne dhíreach |
| Meicniúla & Ardaitheoir | - 5% Athchóirithe |
| Líne Dhíreach – Closamhairc | - 12.5% líne dhíreach |
| Córas Clárúcháin agus CRM | - 20% Líne dhíreach |

Déantar athluacháil ar an réadmhaoin ruílse faoi úinéireacht CCÉ idir gach trí agus cúig bliana leis an luach reatha margaidh a chur sna áireamh. Aithnítear an athluacháil a eascraíonn as sin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Tugadh faoin athluacháil dheireanach amach an 18 Eanáir 2019.

Cé gur gá dímheas córasach bliantúil a dhéanamh de ghnáth ar réadmhaoin agus aird ar Mhír 17 de FRS 102 maidir le Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh, creideann an Chomhairle gur cuí don bheartas gan dímheas a sholáthar ar an réadmhaoin ruílse. Is cruinne a léirítear a luach do CCÉ sa bheartas lenar glacadh ina ndéantar athluacháil ar an réadmhaoin mar gheall go bhfuil beartas agus cleachtas ag CCÉ ina ndéantar cothabháil agus deisiúcháin rialta chun go leanann an réadmhaoin leis an gcaighdeán feidhmíochta a measadh roimhe seo a bhaint amach agus go bhfuil an luach iarmharach measta ábhartha.

Déantar athbhreithniú gach bliain ar luach tugtha anonn sócmhainní seasta inláimhsithe i dtaobh lagú i dtréimhsí má thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an luach tugtha anonn inghnóthaithe.

## 1.4. Athluacháil ar shócmhainní seasta inláimhsithe

Tugtar réadmhaoin ruílse anonn ar luach na bliana reatha ar luach cóir ag dáta na hathluachála lúide aon chaillteanais charntha lagaithe ina dhiaidh sin. Tugtar faoi athluachálacha rialta a dhóthain lena chinntiú nach éagsúil ó thaobh cúrsaí ábhartha de don tsuim ghlanluacha ón tsuim sin a d'fhéadfaí a dheimhniú trí úsáid a bhaint as luach cóir ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais.

Deimhnítear luachanna córa ó fhianaise atá bunaithe ar an margadh faoina dtugann luachálaithe atá

cáilithe go gairmiúil.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais athluachála sa Chúlchiste Athluachála, mura sáraíonn caillteanais na gnóthachain a aithníodh roimhe seo nó mura léirítear iontu ídiú soiléir sochar geilleagrach, agus aithnítear na caillteanais farasbairr sa chás sin sa Ráiteas ar Ioncam.

## 1.5. Lagú sócmhainní seachas ionstraimí airgeadais

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déanann CCÉ measúnú ar cibé an bhfuil aon léiriú ann go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne níos lú ná an tsuim ghlanluacha. Má bhíonn aon léiriú den sórt sin ann, laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne go dtí an méid in-aisghabhála, rud a fhágann caillteanas lagaithe. Aithnítear caillteanais lagaithe láithreach sa chuntas brabúis agus caillteanais, cé is moite de chaillteanais ar shócmhainní seasta inláimhsithe a athluacháladh roimhe seo, a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile chomh fada le haon mhéadú athluachála aitheanta roimhe seo carntha i gcothromas i leith na sócmhainne sin.

Nuair nach mbíonn feidhm a thuilleadh ag na himthosca is cúis le bearnú sócmhainne, déantar an bearnú a aisiompú tríd an gcuntas brabúis agus caillteanais, ach amháin i gcás lagaithe ar shócmhainní inláimhsithe a athluacháladh roimhe seo, a láimhseáiltear mar mhéaduithe athluachála sa mhéid gur aithníodh an athluacháil i gcothromas.

Is é an méid in-aisghabhála de shócmhainní seasta inláimhsithe, cáilmheas agus sócmhainní seasta doláimhsithe eile an luach cóir lúide costas díola na sócmhainne agus a luach úsáide, cibé acu is airde. Is é luach úsáide na sócmhainní seo luach láithreach na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil lena ndíorthú ó na sócmhainní sin. Cinntear é seo ag an tagairt do luach reatha shreafaí airgid an aonaid ghiniúna airgid amach anseo a bhfuil na sócmhainní thíos faoina réir.

## 1.6. Sócmhainní infheistíochta

Luacháiltear sócmhainní infheistíochta ar an gcostas is ísle agus ar an nglanluach inréadaithe.

## 1.7. Féichiúnaithe

Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ar phraghas an idirbhirt, lúide aon lagú.

## 1.8. Ionstraimí Airgeadais

Ní iontrálann CCÉ isteach ach in idirbhearta bunúsacha airgeadais óna n-eascraíonn sócmhainní agus dliteanais airgeadais a aithint, cosúil le cuntais trádála agus eile atá infhaighte agus iníoctha.

Tomhaistear sócmhainní agus dliteanais airgeadais atá iníoctha nó infhaighte laistigh de bhliain amháin, suimeanna iníoctha nó infhháltais trádála de ghnáth, i dtosach agus ina dhiaidh sin, ar shuim neamhlascainithe an airgid thirim nó agus breithniú eile á chur san áireamh, a mheastar a íocadh nó a fuarthas.

Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais a sheach-chur agus cuirtear an ghlansuim i láthair sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais nuair is ann do cheart is féidir a fhorfheidhmiú chun na suimeanna a aithnítear a fhritháireamh agus nuair a bhíonn sé de rún réiteach a dhéanamh ar ghlanbhonn nó chun

an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a réiteach go comhuaineach.

### 1.9. Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Is ionann airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus sócmhainní bunúsacha airgeadais agus áirítear leo airgead ar láimh, éarlaisí ar coimeád faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí leachtacha gearrthéarmacha eile ag a bhfuil bunaibíochtaí trí mhí nó níos lú, agus rótharraingtí bainc.

### 1.10. Creidiúnaithe

Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ar phraghas an idirbhirt. Tomhaistear dliteanais airgeadais eile, iasachtaí bainc san áireamh, i dtosach ar luach cóir, glan ar chostais idirbhirt, agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin ar an gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain.

### 1.11. Pinsin

#### Scéim Aoisliúntais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann 2016

Shínigh an tAire Sláinte I.R. Uimh. 136 de 2016 an 10 Márta 2016 le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a ghlac leis na Rialacha do na Rialacháin um Chomhaltaí na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Réamhbheitheacha, 2014 (I.R. Uimh. 582 de 2014) agus tháinig Scéim Aoisliúntais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann 2016 i bhfeidhm chun sochair aoisliúntais a bhronnadh ar, nó maidir le, comhaltaí foirne a bhí incháilithe ballraíocht a ghlacadh den scéim.

Gearrtar ranníocaíochtaí CCÉ leis an scéim ar an Ráiteas ar Ioncam sa tréimhse lena mbaineann siad. Níor ceadaíodh meicníocht chistithe don scéim seo go fóill agus tá cistí na scéime á mbailiú agus á gcoimeád ar éarlais dá bharr ag CCÉ. Níor cuireadh forálacha Mhír 28 FRS 102, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, i bhfeidhm.

#### Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí

Tháinig Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013, faoi mar a bhforáiltear dó san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Foráiltear san Acht do scéim aonair d’iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí. Bailíonn agus aisíocann CCÉ ranníocaíochtaí don scéim seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### 1.12. Fabhrú pá saoire

Aithnítear dliteanas arb ionann é agus aon teidlíocht do phá saoire nár úsáideadh atá fabhraithe ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus tugtar anonn é go dtí tréimhsí amach anseo. Déantar é seo a thomhas ar chostas tuarastail neamhlascainithe na teidlíochta saoire amach anseo a fabhraíodh ar an dóigh sin ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais .

### 1.13. Ioncam ó ús

Aithnítear ioncam ó ús sa Ráiteas ar Ioncam ag baint úsáide as modh an ghlanráta úis.

## 1.14. Cúlchistí comhdhlúite

In 2022, rinne an Chomhairle beartas cúlchistí nua a fhaomhadh mar chuid den tionscadal um Athbhreithniú ar Mhaoiniú Straitéiseach CCÉ. Cuimsíonn an beartas nua cur chuige cúlchistí comhdhlúite, a chuireann an Cúlchiste Dlí Ainmnithe ar leataobh agus a chomhdhlúthaíonn gach cúlchiste eile mar aon acmhainn amháin neamhdhifreáilte ar a dtugtar Cúlchistí Comhdhlúite.

Chun leordhóthanacht na gceanglas cúlchistí a áirithiú do riachtanais aitheanta áirithe, tá a leithéid clúdaithe ag na huasteorainneacha a leagtar amach thíos. Chomhaontaigh an Chomhairle íosmhéid na tairsí do gach cúlchiste (gan an Cúlchiste Athluachála san áireamh) ag leibhéal 50% den láimhdeachas/ioncam táillí. Cinnteoidh sé seo go gcuirfear maoiniú leordhóthanach ar leataobh le haghaidh teagmhais aitheanta.

Tá na teorainneacha ar na cúlchistí seo aontaithe ag an gComhairle agus coinneofar faoi athbhreithniú bliantúil iad lena chinntiú go bhfanann siad oiriúnach don fheidhm.

Cuimsíonn na cúlchistí comhdhlúite iad seo a leanas:

- Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais
- Cuspóir Straitéiseach Chúlchiste
- Cúlchiste Infheistíochta Teicneolaíochta sa Todhchaí
- Cúlchiste Cothabhála Foirgnimh
- Cúlchiste Rollach um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

## 1.15. Cúlchiste ainmnithe dlí

Bhunaigh CCÉ cúlchiste ainmnithe laistigh dá chúlchistí, a chuir an Chomhairle ar leataobh do chuspóir ar leith, is é sin, don chostas a bhíonn ar aon chásanna dlí amach anseo a d'fhéadfadh teacht aníos do CCÉ. Ní féidir caiteachas a áireamh go díreach in aghaidh cúlchistí ainmnithe ach cuirtear san áireamh é tríd an Ráiteas ar Ioncam. Déantar aistriú ansin ón gCúlchiste Ioncaim agus Caiteachais, faoi mar is cuí.

## 1.16. Cánachas

Leasaíonn Alt 35 den Acht Airgeadais, 2004 an Sceideal leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 le Cumann Cógaiseoirí na hÉireann a chur san áireamh sa liosta comhlachtaí urraithe neamhthráchtála Stáit a cháilítear do dhíolúine ó fhorálacha cánach áirithe Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

## 2. Breithiúnais agus príomhfhoinsí éiginnteachta i dtaobh meastacháin

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, bíonn ar an gComhairle breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do bheartais a chur i bhfeidhm agus na suimeanna a thugtar le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus costas.

Déantar measúnú leanúnach ar bhreithiúnais agus meastacháin agus bunaítear iad ar eispéiris stairiúla agus tosca eile, ionchais i leith imeachtaí amach anseo ina measc a chreidtear atá réasúnta faoi na cúinsí.

Measann an Chomhairle gurb iad na meastacháin agus na toimhdí cuntasaíochta thíos a meastacháin agus a breithiúnais ríthábhachtacha: Gnóthas Leantach

Gnóthas leantach

D'ullmhaigh CCÉ buiséid ar feadh tréimhse ar a laghad dhá mhí dhéag ó dháta faofa na ráiteas airgeadais, a léiríonn nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas CCÉ a dhliteanais a shásamh de réir mar a bhíonn siad dlite, agus chun leanúint mar ghnóthas leantach.

Bíonn ionchas réasúnta ag CCÉ, ag an tráth a faomhadh na ráitis airgeadais, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag CCÉ chun leanúint ar aghaidh lena oibríochtaí. Ar an gcúis seo, leanann CCÉ ag glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

**3.** Ioncam

Baineadh ioncam iomlán CCÉ óna phríomhghníomhaíocht faoinar tugadh go hiomlán in Éirinn.

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Clárúchán cógaiseoirí | 2,710,217 | 2,645,408 |
| Gnólachtaí miondíola cógaslainne (GMC) a chlárú | 4,478,206 | 4,483,106 |
| Táillí riaracháin agus costais eile chlárúcháin | 228,604 | 123,378 |
| Táillí Eile | 40,685 | 60,740 |
| Cistiú na Roinne Sláinte do sheirbhísí Institiúid Chógaisíochta na hÉireann (ICÉ) | 600,000 | 600,000 |
| | **8,057,712** | **7,912,632** |

**4.** Barrachas oibriúcháin

Ríomhtar an barrachas oibriúcháin don bhliain tar éis an méid seo a leanas a ghearradh:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Dímheas ar shócmhainní inláimhsithe | 278,790 | 120,976 |
| Costais phinsin eile | 442,426 | 440,086 |
| Luach saothair iniúchta (CBL san áireamh)<br>-Táillí Iniúchóireachta | 31,094 | 13,537 |
| | **752,310** | **574,599** |

**5.** Fostaithe

**5.1.** Meánlíonta

Ba é seo a leanas an meánlíon fostaithe sa mhí i rith na bliana.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Oifig agus bainistíocht | **43** | **44** |

**5.2**. Luach saothair comhiomlán

B’éard a bhí i gceist lena gcomhluach saothair:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Pá agus tuarastail | 3,058,915 | 3,058,140 |
| Costais árachais shóisialaigh | 254,208 | 242,239 |
| Costais Phinsin | 442,425 | 440,086 |
| | **3,755,548** | **3,740,465** |

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Anailís déanta mar seo a leanas | | |
| Arna chaipitliú ina shócmhainní | 165,308 | 216,585 |
| Costais sa bhliain | 3,590,240 | 3,523,880 |
| | **3,755,548** | **3,740,465** |

**5.3.** Anailís ar chostais tuarastail foirne os cionn €60,000:

Seo a leanas líon na bhfostaithe ar tháinig laghdú ar a sochair fostaíochta laistigh de gach banc €10,000 anuas ó €60,000:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| €60,000 - €70,000 | 4 | 10 |
| €70,000 - €80,000 | 7 | 3 |
| €80,000 - €90,000 | 3 | - |
| €90,000 - €100,000 | 2 | - |
| €100,000 - €110,000 | - | 2 |
| €110,000 - €120,000 | 2 | - |
| €120,000 - €130,000 | - | 1 |
| | **18** | **16** |

**5.4.** Príomhphearsanra Bainistíochta

Seo a leanas luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |

| | | |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 474,423 | 547,472 |
| Liúntais | 12,197 | - |
| Costais phinsin eile | 109,131 | 134,455 |
| | **595,751** | **681,927** |

**5.5**. Luach saothair an Chláraitheora

Tá luach saothair an Chláraitheora curtha san áireamh in pá agus tuarastail, mar seo a leanas:

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Niall Byrne | 4,506 | 128,090 |
| Costais phinsin eile | 751 | 32,022 |
| Lorraine Horgan | 114,881 | - |
| Costais phinsin eile | 28,720 | - |
| | **148,858** | **160,112** |

**6.** Costais Foirne Eile

**6.1** Taisteal agus Cothú Foirne

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Taisteal Intíre | 12,635 | 8,835 |
| Taisteal Idirnáisiúnta | 7,177 | - |
| | **19,812** | **8,835** |

Caiteachas ar Fháilteachas

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachais foirne | 861 | 948 |
| | **861** | **948** |

**7.** Luach Saothair Chomhaltaí na Comhairle/Coiste

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Luach Saothair Chomhaltaí na Comhairle/Coiste | 206,889 | 224,225 |
| | **206,889** | **224,225** |

**8.** Taisteal & Cothú Chomhaltaí na Comhairle/Choiste

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Taisteal Intíre | 28,586 | 3,181 |
| Taisteal Idirnáisiúnta | 6,117 | - |
| | **34,703** | **3,181** |

**9.** Ús Infhaighte

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ús Bainc a Fuarthas | 5,878 | 874 |
| | **5,878** | **874** |

**10.** Costais Sainchomhairleoireachta agus Dlí

**10.1** Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le Costais Sainchomhairleoireachta an costas a bhí ar chomhairle sheachtrach a chur ar an mbainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a seachfhoinsíodh leo.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Comhairle dlí ghinearálta | 38,176 | 82,205 |
| Comhairle airgeadais | 17,712 | 4,469 |

| | | |
|---|---|---|
| Gnóthaí Poiblí | 30,996 | 26,090 |
| Soláthar | 22,506 | 12,745 |
| Eile | 20,225 | 21,489 |
| | **129,615** | **146,998** |
| Costais sainchomhairleoireachta a caipitlíodh | - | - |
| Costais Chomhairleachta a muirearaíodh chuig an gCuntas Ioncaim & Caiteachais agus chuig na Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | **129,615** | **146,998** |
| | **129,615** | **146,998** |

### 10.2 Costais agus Socraíochtaí Dlí

Tugtar sa tábla thíos miondealú ar shuimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus idir-réiteach agus imeachtaí eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair CCÉ, a nochtar in Costais Sainchomhairleoireachta thuas.

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí Dlí | 856,819 | 741,891 |
| Socraíochtaí íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | - | - |
| | **856,819** | **741,891** |

Baineann costais dlí le gníomhaíochtaí CCÉ a eascraíonn as Cuid 6 den Acht Cógaisíochta, 2007. Áirítear leis táillí a bhaineann le comhairleoirí seachtracha, abhcóidí, finnéithe (finnéithe saineolaí agus fíriciúla), measúnóirí dlí agus táillí dlí tríú páirtí.

B’ionann na táillí dlí in 2022 agus €,891 (2021: €438,270) (2020: €741,891) lena n-áirítear freisin táillí a bhaineann le comhairle a fuarthas maidir le gníomhaíochtaí eile a eascraíonn as an Acht Cógaisíochta, 2007, cosúil le clárúchán, oideachas agus costais oibríochtúla eile.

Tá cuntas sna Ráitis Airgeadais ar na táillí go léir a tabhaíodh in 2022 in imeachtaí an Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh, atá tugtha chun críche anois, agus a bhain le rialacha reachtúla molta a dhéileálann le hasláithreacht sealadach cógaiseoirí i nGnóthaí Cógaisíochta Miondíola cláraithe.

### 11. Cánachas

Tá CCÉ díolmhaithe ó dhliteanas i leith Cáin Chorparáide faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

**12.** Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Talamh & foirgnimh ruílse | Feabhsuithe ar áitribh | Portráidí, boinn agus suaitheantais | Daingneáin agus feistis oifige | Trealamh & bogearraí ríomhaireachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | 17,700,000 | 35,579 | 10,431 | 258,955 | 1,403,557 | 19,408,522 |
| Breisiúcháin | - | 5,229 | - | 10,404 | 241,190 | 256,823 |
| Costas Diúscartha | - | - | - | - | - | - |
| - | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 17,700,000 | 40,808 | 10,431 | 269,359 | 1,644,747 | 19,665,345 |
| **Dímheas agus lagú** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | - | 16,790 | - | 232,834 | 331,735 | 581,359 |
| Dímheas díbeartha ar dhiúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Dímheas a gearradh sa bhliain | - | 4,679 | - | 6,751 | 267,360 | 278,790 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | - | 21,469 | - | 239,585 | 599,095 | 860,149 |
| **Suim ghlanluacha** | | | | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2022** | **17,700,000** | **18,789** | **10,431** | **26,121** | **1,071,822** | **18,827,163** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **17,700,000** | **19,339** | **10,431** | **29,774** | **1,045,652** | **18,805,196** |

## 13. Sócmhainní Infheistíochta

Sócmhainní Infheistíochta

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Nótaí Státchiste | 12,000,000 | 7,200,000 |
| | **12,000,000** | **7,200,000** |

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Costas | € | € |
| Ag tús na bliana | 7,200,000 | - |
| Ceannacháin i rith na bliana | 4,800,000 | 7,200,000 |
| Diúscairtí i rith na bliana | - | - |
| Ag deireadh na bliana | **12,000,000** | **7,200,000** |

Cheannaigh CCÉ €4,800,000 de Nótaí Státchiste le linn na bliana le dáta aibíochta an 19 Meitheamh 2023 orthu. Ba ionann an luach cóir ar an 31 Nollaig 2022 agus €12,000,000 (2021: €7,200,000). Áiríodh leis na sócmhainní infheistíochta €4,800,000 de chistí Aoisliúntais.

## 14. Ionstraimí Airgeadais

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sócmhainní Airgeadais** | | |
| Iarmhéideanna Bainc agus Airgid Thirim | 7,176,843 | 10,990,855 |
| Sócmhainní infheistíochta | 12,000,000 | 7,200,000 |
| | **19,176,843** | **18,190,855** |
| **Dliteanais airgeadais** | | |
| Creidiúnaithe trádála | 572,918 | 247,297 |

**15.** Féichiúnaithe

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Féichiúnaithe Trádála | 65,359 | 45,448 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 118,854 | 123,249 |
| Féichiúnaithe Eile | 8,187 | 11,871 |
| | **192,400** | **180,568** |

**16.** Airgead tirim agus coibhéisí airgid

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | **7,176,843** | **10,990,855** |

**17.** Airgead Tirim

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Airgead ar láimh | 309 | 273 |
| Cuntais reatha | 5,398,038 | 5,094,280 |
| Cuntas taisce cistí aoisliúntais | 536,964 | 5,357,056 |
| Cuntais taisce téarma sheasta | 1,241,532 | 539,246 |
| | **7,176,843** | **10,990,855** |

Tá cuid de na Cúlchistí Comhdhlúite in airgead tirim a choinnítear i dtaiscí téarma seasta agus cuntais reatha.

Infheistíodh €4,800,000 de chistí aoisliúntais i gcuntais taisce cistí Aoisliúntais i Nótaí Státchiste le linn 2022. Infheistíodh na cistí Cúlchiste Dlí Ainmnithe de €2,500,000 freisin i Nótaí Státchiste.

## 18. Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe trádála | 572,918 | 247,297 |
| Creidiúnaithe eile | 12,827 | 11,026 |
| ÍMAT/ÁSPC | 162,244 | 120,300 |
| CBL | - | 443 |
| PSWT | 29,353 | 33,555 |
| Ioncam iarchurtha | 6,023,678 | 5,818,928 |
| Fabhruithe | 764,838 | 622,312 |
| Scéim aoisliúntais CCÉ | 5,585,823 | 5,357,056 |
| | **13,151,681** | **12,210,917** |

## 19. Cúlchistí

In 2022, rinne an Chomhairle beartas cúlchistí nua a fhaomhadh mar chuid den tionscadal um Athbhreithniú ar Mhaoiniú Straitéiseach CCÉ. Cuimsíonn an beartas nua cur chuige cúlchistí comhdhlúite, a chuireann an Cúlchiste Dlí Ainmnithe ar leataobh agus a chomhdhlúthaíonn gach cúlchiste eile mar aon acmhainn amháin neamhdhifreáilte ar a dtugtar Cúlchistí Comhdhlúite.

Chun leordhóthanacht na gceanglas cúlchistí a áirithiú do riachtanais aitheanta áirithe, tá a leithéid clúdaithe ag na huasteorainneacha a leagtar amach in alt 19.3, socraítear íosmhéid na tairsí do gach cúlchiste (gan an Cúlchiste Athluachála san áireamh) ag leibhéal 50% den láimhdeachas/ioncam táillí. Cinnteoidh sé seo go gcuirfear maoiniú leordhóthanach ar leataobh le haghaidh teagmhais aitheanta.

Tá na teorainneacha ar na cúlchistí seo aontaithe ag an gComhairle agus coinneofar faoi athbhreithniú bliantúil iad lena chinntiú go bhfanann siad oiriúnach don fheidhm.

### 19.1 Cúlchiste athluachála

Rinne Murphy Mulhall, Suirbhéirí Cairte, luacháil ar an réadmhaoin ruílse ar an 18 Eanáir 2019 ar luach cóir €17,700,000. Léirigh CCÉ an luacháil leasaithe seo sna cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018. Níor tugadh faoi aon athluacháil ar an tsócmhainn seo idir an dá linn agus, ar an ábhar sin, níor tháinig aon athrú ar an luacháil amhail an 31 Nollaig 2022.

### 19.2 Cúlchiste ainmnithe dlí

I gcomhréir le straitéis airgeadais CCÉ, bunaíodh cúlchiste ainmnithe dlíthiúil mar chúlchiste chun íoc as aon chostais mhóra a eascraíonn as agóidí dlíthiúla le haon chuid den Acht Cógaisíochta, 2007 agus ó aon rialáil a dhéanann CCÉ. I gcomhréir le beartas cuntasaíochta CCÉ, nuair nach dteastaíonn na cistí siúd a thuilleadh, scaoilfear ar ais iad leis an gCúlchiste Ginearálta.

## 19.3 Cúlchistí Comhdhlúite

Cuimsíonn na cúlchistí comhdhlúite iad seo a leanas:

- Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais
- Cuspóir Straitéiseach Chúlchiste
- Cúlchiste Infheistíochta Teicneolaíochta sa Todhchaí
- Cúlchiste Cothabhála Foirgnimh
- Cúlchiste Rollach um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

### 19.3.1 Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais

Is ionann an Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais barrachas agus easnaimh charnacha a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam, glan ar aistrithe go dtí agus ó chúlchistí eile.

### 19.3.2 Cuspóir Straitéiseach Chúlchiste

Cúlchiste de €200K tógtha as an gCúlchiste Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn bliantúil tiomnaithe do thionscadail straitéiseacha a aithníodh mar chuid den phróiseas pleanála bliantúil a mhaoiniú. Sainmhínítear tionscadail straitéiseacha mar thionscadail a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

- gníomhaíochtaí aonuaire i dtaobh cineáil agus tá siad ar aon dul le spriocanna straitéiseacha fadtéarmacha CCÉ; agus

- gníomhaíochtaí nach bhfuil bliantúil ó thaobh cineáil de ach a thiteann amach chomh minic le gach cúig bliana, nó níos faide, ar a laghad.

### 19.3.3 Cúlchiste Infheistíochta Teicneolaíochta sa Todhchaí

Cúlchiste leithdháilte go sonrach chun infheistíocht a mhaoiniú i dteicneolaíochtaí nua agus i dtionscadail forbartha teicneolaíochta don CCÉ amach anseo le teorainn uasta €1.2M.

### 19.3.4 Cúlchiste Cothabhála Foirgnimh

Cúlchiste leithdháilte go sonrach chun cothabháil saolré leanúnach Theach CCÉ agus riachtanais athchóirithe lena n-úsáid sa todhchaí a mhaoiniú le teorainn uasta €1.5M.

### 19.3.5 Cúlchiste Rollach um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

Cúlchiste leithdháilte go sonrach chun bainistíocht a dhéanamh ar an gcóras gearán atá treoraithe ag éileamh agus chun buaiceanna agus trachanna bliain ar bhliain a fhritháireamh. Is cúlchiste rollach é seo le teorainn €300K.

### 19.4. Gluaiseachtaí i gcúlchistí

Sonraítear thíos na gluaiseachtaí i gcúlchistí:

| | Amhail an 1 Eanáir 2022 | **Ioncam** | **Caiteachas** | **Aistrithe** | **Amhail an 31 Nollaig 2022** |
|---|---|---|---|---|---|
| Cúlchiste Ioncaim & Caiteachais | 11,074,034 | 8,063,590 | (7,772,989) | (3,221,652) | **8,142,983** |
| Cuspóir Straitéiseach Chúlchiste | - | - | (48,364) | 200,000 | **151,636** |
| Cúlchiste Infheistíochta Teicneolaíochta sa Todhchaí | - | - | - | 1,200,000 | **1,200,000** |
| Cúlchiste Cothabhála Foirgnimh | - | - | - | 1,500,000 | **1,500,000** |
| Cúlchiste Rollach FTP | - | - | (185,496) | 300,000 | **114504** |
| **Iomlán na gCúlchistí Comhdhlúite** | **11,074,034** | **8063590** | **(8,006,849)** | **(21,652)** | **11109123** |
| **Cúlchiste Athluachála** | **11,413,635** | **-** | **-** | **-** | **11,413,635** |
| **Cúlchiste Ainmnithe Dlí** | **2500000** | **-** | **(21,652)** | **21,652** | **2500000** |
| **€** | **24,987,669** | **8,063,590** | **(8,028,501)** | **-** | **25,022,758** |

## **20.** Ceangaltais Phinsin

### Scéim Aoisliúntais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann 2016

Faoi Sceideal 1 den Acht Cógaisíochta, 2007, ceanglaítear ar CCÉ scéim a sholáthar chun sochair aoisliúntais a dheonú do agus maidir lena chomhaltaí foirne, faoi réir faomhadh Aire.

Shínigh an tAire Sláinte Scéim Aoisliúntais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann 2016 (I.R. 136 de 2016) le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an 10 Márta 2016 agus cuireadh tús le hoibriú na Scéime ag an dáta sin. Glactar leis na Rialacha a leagtar amach sa Sceideal leis na Rialacha um Chomhaltaí na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Réamhbheitheacha, 2014 (I.R. Uimh. 582 de 2014) mar Scéim chun sochair aoisliúntais a dheonú do nó maidir le comhaltaí foirne atá incháilithe ballraíocht a ghlacadh den Scéim seo. Cuimsítear i nglacadh leis an Ionstraim Reachtúil agus ina faomhadh an Scéim Aoisliúntais Foirne agus Scéimeanna Pinsin Ranníocacha na gCéilí agus na Leanaí faoi aon phríomhscéim amháin, i.e. Scéim Aoisliúntais Chumann Cógaiseoirí na hÉireann 2016. Dúnadh an scéim d'iontrálaithe nua san earnáil phoiblí amhail an 31 Nollaig 2012.

Déanann CCÉ ranníocaíochtaí fostóra lena gcomhaontaítear leis an scéim a fhabhraítear sa bhliain de réir mar a bhíonn siad le híoc. Níor cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an mheicníocht chistithe don Scéim go fóill. Dá bharr, tá na ranníocaíochtaí a bailíodh á gcoimeád ag CCÉ faoi láthair thar ceann an Stáit i gcuntas taisce ainmnithe go dtí an tráth sin go gceadófar an mheicníocht chistithe go foirmiúil.

Faoi na cúinsí seo agus de bharr an mhéid thuas, measann CCÉ nach bhfuil forálacha Mhír 28 de FRS 102, Cuntasaíocht do Shochair Fostaithe cuí faoi láthair. Dá réir sin, tugtar cuntas ar a ranníocaíochtaí, amhail is gur scéim le ranníocaíocht shainithe atá i gceist leis an Scéim

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí sochair aoisliúntais iníoctha i leith triúr ball. B'ionann iomlán na sochar a íocadh agus €10,973 (gan aon chnapshuim a íocadh a áireamh).

### Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí

Tháinig Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013, faoi mar a bhforáiltear dó san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Baineann an Scéim Aonair le gach iontrálaí céaduaire inphinsin chuig an tseirbhís phoiblí anuas ar iar- fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá ag filleadh ar an tseirbhís phoiblí i ndiaidh sos breis agus 26 seachtain a ghlacadh. Scéim le sochar sainithe bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime is ea an Scéim.

Tá CCÉ freagrach as ranníocaíochtaí don scéim seo a bhailiú agus a aisíoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá gné fostóra agus fostaí araon sna ranníocaíochtaí seo. Tá CCÉ freagrach as na sochair scéime uile a maoiníodh ó na ranníocaíochtaí atá iníoctha leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a íoc agus i gcomhréir lena treorú. Tá dhá shochar iníoctha faoi láthair faoin scéim. Measann CCÉ go bhfuil an éifeacht chéanna airgeadais ag na socruithe pinsin faoi mar a ndéantar cur síos thuas orthu ó dhearcadh CCÉ atá ag scéim le ranníocaíocht shainithe. Ceapann CCÉ nach bhfuil forálacha Mhír 28 de FRS 102, Cuntasaíocht do Shochair Fostaithe cuí faoi láthair a thagann aníos scéimeanna le sochar sainithe faoi na cúinsí seo.

### 21. Imeachtaí tar éis dháta an chláir chomhardaithe

Níor tháinig aon chúinsí nó imeachtaí eile aníos i ndiaidh dheireadh na bliana, óna dteastaíonn coigeartú ar, nó nochtadh i, na ráitis airgeadais nó sna nótaí leo.

### 22. Páirtithe Gaolmhara

Ní dhearnadh aon idirbhearta le páirtithe gaolmhara ar gá iad a nochtadh.

### 23. Páirtí Rialaithe

Tá CCÉ á rialú ag an gComhairle faoi réir fhorálacha an Achta Cógaisíochta, 2007.

### 24. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Chomhairle na ráitis airgeadais seo a fhaomhadh agus a údarú lena n-eisiúint ar an 24 Márta 2022.

**Cumann Cógaiseoirí na hÉireann**

**CCÉ – An Rialtóir Cógaisíochta**

Teach CCÉ, Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2 D02 TD72

T +353 1 218 4000
R info@psi.ie
G www.psi.ie